

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe



Freagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise 2025

Márta 2025



An Roinn Iompair
Department of Transport



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

ARUP

Cuid I – Tuarascáil Fhreagra IFB 2025 (an tuairisc seo)

Cuid II – Scéim Mótarbhealaí 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe
Nuashonraithe

Cuid III – Scéim Bóthair Chosanta 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe
Nuashonraithe

Cuid IV – Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt
Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú) agus aighneachtaí maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar
son na hAeráide 2024

Cuid V – Impleachtaí an Phlean Forbartha nua do Chathair na Gaillimhe

Cuid VI – An Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta seo

Cuid VII – Soláthar Faisnéise Maidir le Tuarascáil Scagtha le Haghaidh Measúnacht Chuí
agus Ráiteas Tionchair Natura Nuashonraithe

Clár Abhar de Chuid I de Fhreagairt RFI 2025

1.	Réamhrá	1
2.	Sraith imeachtaí ó 2018	1
3.	Mionathruithe ar an Iarratas ar Cheadú ó bhí 2018 ann	3
4.	Nuashonrú ar an Iarratas ar an Scéim Mótarbhealaigh	5
5.	Nuashonrú ar an Iarratas ar an Scéim Bóthair Chosanta	6
6.	Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 (arna leasú) agus an aighneacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024	7
6.1	Comhsheasmhacht Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide	7
7.	Aighneachtaí i ndáil le himpleachtaí Phlean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe	9
8.	Nuashonrú ar an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta	10
8.1	Bithéagsúlacht	11
8.2	Ithreacha agus Geolaíocht	19
8.3	Hidrigeolaíocht	22
8.4	Hidreolaíocht	27
8.5	Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc	28
8.6	Oidhreacht Chultúrtha	30
8.7	Sócmhainní Ábharacha Talmhaíochta	32
8.8	Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta	35
8.9	Cáilíocht an Aeir	37
8.10	Aeráid	39
8.11	Torann agus Creathadh	41
8.12	Daonra agus Sláinte an Duine	45
9.	Nuashonrú ar an Doiciméad Scagtha don Mheasúnacht Chuí agus an Ráiteas Tionchair Natura	47
9.1	Léargas Ginearálta	48
9.2	An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht do Mheasúnacht Chuí Chéim 2? Má tá, cad iad féin?	49
9.3	Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?	49
9.4	An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?	49
9.5	An athraíonn aon athruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?	50
9.6	An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe an mheasúnacht tionchair iarmharaigh? Má athraíonn, cén chaoi?	51
9.7	An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht ar thionchair i gcomhar? Má tá, cén chaoi?	51
9.8	Conclúid	51

1. Réamhrá

Ullmhaíodh an tuarascáil seo mar chuid den Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise ón mBord Pleanála i ndáil leis an iarratas ar chead faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR), dá dtagraítear mar Iarratas Alt 51 ina dhiaidh seo. Ullmhaíodh an tuarascáil seo mar fhreagairt ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar fhaisnéis bhreise agus í mar chuid de Chuid I de Fhreagra IFB 2025 agus soláthraítear an treochlár inti chun ábhar na gcodanna éagsúla de Fhreagra IFB 2025 a mhíniú.

Tá seacht gcuid i bhFreagra IFB 2025 mar seo a leanas:

- Cuid I – soláthraíonn an tuarascáil seo mar atá luaite thuas treochlár agus léargas ginearálta ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sna sé chuid eile
- Cuid II – Scéim Mótarbhealaí 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe Nuashonraithe
- Cuid III – Scéim Bóthair Chosanta 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe Nuashonraithe
- Cuid IV – Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú), agus aighneachtaí maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Cuid V – Impleachtaí an Phlean Forbartha nua do Chathair na Gaillimhe
- Cuid VI – Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta
- Cuid VII – Soláthar Faisnéise Maidir le Tuarascáil Scagtha le Haghaidh Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura Nuashonraithe

Is mar seo a leanas atá struchtúr na tuarascála seo, cuid de Chuid I de IFB 2025:

Cuid 2 – tugtar achoimre ar an tsraith imeachtaí ó cuireadh isteach Iarratas Alt 51 in 2018

Cuid 3 – tugtar achoimre ar na mionathruithe a rinneadh ar Iarratas Alt 51 ó 2018

Cuid 4 – tugtar achoimre ar na nuashonruithe a bhí ag teastáil ar Scéim Mótarbhealaigh 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Cuid 5 – tugtar achoimre ar na nuashonruithe a bhí ag teastáil ar Scéim Bóthair Chosanta 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Cuid 6 – tugtar achoimre ar an gcaoi nuair a bhíonn cead á dheonú don N6 GCRR atá beartaithe gur féidir leis an mBord Pleanála a chuid oibleagáidí a chur i gcrích i gcomhréir le forálacha Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú), agus maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 go sonrach.

Cuid 7 – tugtar achoimre ar aon impleachtaí a bheidh ag an bPlean Forbartha nua do Chathair na Gaillimhe

Cuid 8 – tugtar léargas ginearálta ar an Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Cuid 9 – tugtar léargas ginearálta ar an Soláthar Faisnéise Maidir le Tuarascáil Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe

2. Sraith imeachtaí ó 2018

2.1.1 Deireadh Fómhair 2018 – an t-iarratas ar cheadú a chur isteach

Sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe thar a ceann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas isteach ar cheadú faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) maidir le Cuarbhothar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR) atá beartaithe chuig an mBord Pleanála (ABP) an 23 Deireadh Fómhair 2018. Áiríodh leis an iarratas Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT 2018), Ráiteas

Tionchair Natura (NIS 2018), Scéim Mótarbhealaigh (SM 2018) agus Scéim Bóthair Chosanta (SCB 2018). Tá an méid atá san iarratas seo ar fáil ag na naisc seo: ar shuíomh ABP ag <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302848> agus <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302885> agus freisin ar shuíomh Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag <http://n6galwaycityringroad.ie/>.

2.1.2 Aibreán go Lúnasa 2019 – Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise

An 4 Aibreán 2019, d'iarr ABP faisnéis bhreise maidir leis an iarratas ar cheadú lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe agus de réir scála de na príomhstruchtúir; cóip den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú; sonraí maidir le samplaí fásra (sonraí Relève) le tacú le léarscáiliú gnáthóige sa limistéar staidéir; soiléiriú ar mhéideanna roinnt gnáthóg; soiléiriú maidir le codanna áirithe den NIS, measúnacht ghairid “i gcomhar” a sholáthar ina mbreithnítear gach plean agus tionscadal le chéile, seachas idir péirí leis an N6 GCRR atá beartaithe, san NIS; ceisteanna maidir le héin, ialtóga agus saincheisteanna éiceolaíochta eile; údar maidir le 2012 a úsáid mar bhonnbhliain don mheasúnacht tráchtá agus na cásanna fáis a úsáideadh don trácht; agus soiléiriú maidir leis na tagairtí sa TMTT. Cuireadh Freagra ar an iarratas seo ón mBord Pleanála chuig ABP i Lúnasa 2019. Tá an méid atá san IFB ar fáil ag na naisc seo: <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302848> agus <http://n6galwaycityringroad.ie/Response/>

2.1.3 Feabhra go Márta 2020 agus Deireadh Fómhair go Samhain 2020 – Éisteacht ó Bhéal

Cuireadh tús le héisteacht ó bhéal don tionscadal i bhFeabhra 2020 agus cuireadh ar fionraí é i Márta 2020 de bharr Covid-19. Ationóladh arís í i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus cuireadh críoch léi i Samhain 2020. Mar fhreagairt ar cheisteanna a d'iarr na cigirí a cheap ABP, comhairlithe reachtúla agus baill den phobal a bhí i láthair le linn na héisteachta ó bhéal seo, ullmhaíodh tuarascálacha forlíontacha éagsúla agus cuireadh faisnéis ar fáil, agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála iad. Tá na doiciméid sin ar fáil ag na naisc seo: <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302848> agus <http://n6galwaycityringroad.ie/>

2.1.4 Nollaig 2021 – Cinneadh ó ABP chun cead a dheonú

Dheonaigh an Bord Pleanála cead faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe agus cead faoi Alt 49 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) maidir le Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe an 6 Nollaig 2021 (le coinníollacha agus mionathruithe).

Tá an cinneadh ó ABP i dtaca le TMTT 2018 agus NIS 2018 ar fáil ag an nasc seo: <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302848>

Tá an cinneadh ó ABP i dtaca le MS 2018 agus PRS 2018 ar fáil ag an nasc seo: <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302885>

2.1.5 Eanáir 2022 go Eanáir 2023 – Athbhreithniú Breithiúnach

Tugadh dúshlán san Ard-Chúirt ar na ceaduithe sin trí Athbhreithniú Breithiúnach agus thoiligh ABP d'ordú a chuir na ceaduithe sin ar neamhní ar fhorais theoranta agus tharchuir an Ard-Chúirt na hiarratais ar cheadú an N6 GCRR atá beartaithe ar ais chuig ABP an 30 Eanáir 2023. Chuige sin, luadh in orduithe na hArd-Chúirte go dtarchuirfí na hiarratais ar fhormheas chuig pointe críochnaithe Tuarascáil Cigirí ABP.

“Ordú lena dtarchuirtear an t-iarratas sin ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 arna leasú agus na hiarratais sin ar fhormheas faoi alt 49 d'Acht na mBóithre, 1993 arna leasú maidir le scéim mhótarbhealaigh agus scéim cosanta bóthair dar teideal “Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Bóthair Cosanta 2018” chuig an gCéad Fhreagróir Ainmnithe le breithniú i gcomhréir leis an dlí agus beidh feidhm ag tarchur den sórt sin ón bpointe ama díreach tar éis Tuarascáil an Chigire a chur isteach (ar a bhfuil an tagairt “ABP-302885-18 & ABP-302848- 18” agus arna dhátú an 22 Meitheamh 2021) chuig an mBord”¹

¹ <https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/Order%20-%20Friends%20of%20the%20Irish%20Environment%20JR.pdf>

2.1.6 Nollaig 2023 – Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise

An 7 Nollaig 2023, d'iarr ABP faisnéis bhreise (RFI) (Tag.: ABP-318220-23) ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtaca leis an iarratas maidir le formheas an N6 GCRR beartaithe mar seo a leanas:

- *Agus aird chuí ar an imeacht ama ó taisceadh na hiarratais agus ó rinne an Bord na cinntí, tugtar cuireadh duit an t-iarratas um scéim mhótarbhealaigh agus an fhorbairt bóthair beartaithe a thabhairt cothrom le dáta*
- *Déan aighneachtaí i ndáil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide is déanaí agus impleachtaí Phlean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe*
- *Tabhair an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta cothrom le dáta*
- *Tabhair an doiciméad scaghtástála iomchuí agus an Ráiteas Tionchair Natura cothrom le dáta lena n-áirítear cuspóirí caomhnaithe láithreáin nuashonraithe*

3. Mionathruithe ar an Iarratas ar Cheadú ó bhí 2018 ann

De bhreis ar Iarratas Alt 51 a chur isteach in 2018 agus an freagra ina dhiaidh sin a thug Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise ó ABP in 2019, cuireadh mionathruithe áirithe agus a measúnachtaí comhshaoil lena mbaineann i láthair maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe ag tús na héisteachta ó bhéal roimh an mBord Pleanála i mí Feabhra 2020, is iad sin:

- Athruithe ar an maolú atá beartaithe do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (ar a tugadh ONÉG roimhe seo)
- Ailíniú eile leis an gcuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire trí champas Boston Scientific

Beartaíodh tuilleadh mionathruithe ar an N6 GCRR atá beartaithe le linn na héisteachta ó bhéal agus cuireadh i láthair iad ar shraith líníochtaí a áiríodh i Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020². Áiríodh an tsraith líníochtaí seo ó thús in Aguisín A.9.1 de IFB 2019 agus tugadh cothrom le dáta iad le linn na héisteachta ó bhéal. Taispeántar an leagan deiridh de na líníochtaí sin mar Fhíoracha 5.6.01 go dtí 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe. Seo a leanas na hathruithe a comhaontaíodh le linn na héisteachta ó bhéal:

- Rochtain bhreise ar thailte scoite do réadmhaoín 106 atá beartaithe ó Bhóthar Rochtana AR 0/02 mar a léirítear i bhFíor 5.6.01 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid V den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Leasaíodh Bóthar Rochtana AR 1/01 chun rochtain a éascú ar réadmhaoín 131 agus 7891 mar a comhaontaíodh leis na húinéirí réadmhaoine sin agus mar a léirítear i bhFíor 5.6.02 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Síneadh Bóthar Rochtana AR 7/04 níos faide siar chun rochtain a chur ar fáil ar thailte atá scoite ag sruthán atá léirithe i bhFíor 5.6.10 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Nasc idir Bóthar Rochtana 13/06 agus Bóthar Thuama an N83 do choisithe a léirítear i bhFíor 5.6.18 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Athruithe ar shonraí teorann úinéireachta talún agus/nó achair réadmhaoine a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh (Cuid II) agus an Scéim Bóthair Chosanta (Cuid III) agus

² https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR-4.04-019_002%20Chapter%202021%20SoC_I2_Final%2004112020.pdf

Fíoracha 5.6.01 go dtí 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.

- Athraíodh roinnt éadail talún bhuan chuig éadail shealadach a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh (Cuid II) agus an Scéim Bóthair Chosanta (Cuid III) agus Fíoracha 5.6.01 go dtí 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Baineadh roinnt talamh a beartaíodh a éadail a léirítear i mionathruithe beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh (Cuid II) agus an Scéim Bóthair Chosanta (Cuid III) den Fhreagra IFB 2025 seo.
- Cuireadh cosáin rothaíochta agus siúil bhreise leis ag Gort na Bró mar a leagadh amach i Líníocht GCRR-SK-OH-054 i Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020². Léirítear é sin sa tsraith líníochtaí nuashonraithe ina dtaispeántar Áiseanna Cosán agus Rothaíochta i bhFíoracha 5.7.12 go 5.7.13 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe, i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo. Is in Aguisín A.1.13 de IFB 2019 a bhí siad sin i dtosach.

Rinneadh mionathrú eile i ndiaidh na héisteachta ó bhéal bunaithe ar chinneadh Ordú Bhord ABP ABP-302885-18:

- Bóthar Rochtana AR 13/02 arna leasú chun na tionchair ar úinéir talún a íoslaghdú fad is a thugtar rochtain ar an úinéir talún cóngarach mar a léirítear i bhFíor 5.6.17 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.

Rinneadh mionathrú eile mar thoradh ar an gceadú a dheonaigh an Bord Pleanála le haghaidh forbartha, forbairt mhórsála chónaithe Ghleann Bheatha, ag Gort na Bró, Cnoc na Cathrach, ag tabhairt faoi deara gur cuireadh i gcoinne an cheadaithe ina dhiaidh sin in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Áirítear ar an mionathrú bá busanna ar an taobh oirthir den bhóthar rochtana AR 06/04 isteach chuig Páirc Mhiondíola na Gaillimhe le hailíniú leis an mbá busanna atá beartaithe san fhorbairt LRD, agus tá sé uile féideartha laistigh den éadail talún atá beartaithe laistigh de Scéim Bhóthair Chosanta an N6 Cuarbhóthar na Gaillimhe 2018:

- Bóthar Rochtana AR 06/04 arna leasú chun leataobh busanna a chur leis chun dearadh Fhorbairt Mhórsála Chónaithe (LRD) Ionad Ceantair Chnoc na Cathrach a léiriú ar thug ABP ceadú ina leith, Tagairt ABP-318687-23. Léirítear é sin i bhFíor 5.7.13 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.

De bhreis air sin, bhí coinníoll i gcinneadh an Bhoird Pleanála maidir le hIarratas Alt 51 don N6 GCRR atá beartaithe an 6 Nollaig 2021, tagairt ABP-302848-18, go bhfágfaí ar lár na stáblaí buana ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Dá thoradh sin, phléigh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe, chun tionchair shuntasacha an N6 GCRR atá beartaithe ar fheidhmiúlacht an ráschúrsa a mhaolú agus chun feidhmiúlacht leanúnach an ráschúrsa a chinntiú, agus lorg siad cead pleanála ar leithligh maidir leis na stáblaí ionaid sealadacha agus buana, agus an fhorbairt lena mbaineann, agus cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an t-iarratas sin (Tagairt 24/60279) an 2 Nollaig 2024.

Dheimhnigh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe nach gcuirfear iarratas pleanála ar leithligh i bhfeidhm ach amháin má fhaigheann forbairt an N6 GCRR atá beartaithe cead agus má théann sí chun cinn agus go léirítear é sin sna coinníollacha a ghabhann le deonú an chead pleanála ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Déantar mionathrú ar Scéim Mótarbhealaigh 2018 Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar a d'ordaigh Ordú Boird ABP ABP-302885-18 chun cúiseanna a thabhairt leis na stáblaí buana a fhágáil ar lár.

Dá bhrí sin, cé go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar Iarratas Alt 51, ar leithligh ón gceann a bhaineann leis an bhforbairt beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe, tá sé idirnasctha agus cónasctha leis freisin toisc go gcaithfear stáblaí sealadacha agus buana araon (agus forbairt ghaolmhar) a thógáil de bharr thógáil agus oibriú an N6 GCRR atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is gá chun críocha Measúnachta Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnachta Cuí (MC) measúnú a dhéanamh ar an meascán den N6 GCRR atá beartaithe agus an fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe araon, dá dtagraítear chun críocha MTT agus MC mar an “Tionscadal” agus a breithníodh agus a measadh sa TMTT nuashonraithe agus i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí agus an NIS nuashonraithe. Dá bhrí sin, tagraíonn an téarma Tionscadal, nuair a úsáidtear síos trí Fhreagra IFB 2025 é don N6 GCRR atá beartaithe agus don fhorbairt atá beartaithe araon ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Léirítear na mionathruithe seo go léir sna doiciméid nuashonraithe arna gcur faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa fhreagairt ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus gur cuireadh san áireamh iad sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe agus sa Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe.

I gcás inar nuashonraíodh treoirlínte agus caighdeáin nó i gcás inar foilsíodh cinn nua agus iad ábhartha d'Iarratas Alt 51 rinneadh athbhreithniú ar an dearadh lena chinntiú go gcomhlíonann sé na caighdeáin atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an dearadh i gcomhréir, faoi réir athrú beag ar an gcarrbhealach singil, agus níl gá le tailte breise ná athruithe ar an ailíniú ingearach chun dearadh oiriúnach a sholáthar. Cuireadh na treoirlínte agus na caighdeáin reatha go léir san áireamh sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe agus sa Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe. I gcás ina ndearnadh athruithe ar an measúnacht agus/nó ina bhfuil sé tugtha cothrom le dáta ó TMTT 2018 agus NIS 2018, leagadh iad sin amach sna tuarascálacha nuashonraithe.

4. Nuashonrú ar an Iarratas ar an Scéim Mótarbhealaigh

Níor tháinig aon athrú ar limistéar iomlán na tógála talún atá beartaithe san Ordú Mótarbhealaigh uaidh sin a cuireadh i láthair ag deireadh na héisteachta ó bhéal i mí na Samhna 2020 cé is moite den laghdú ar an limistéar i ngeall gur baineadh dáileacht talún amháin mar léiriú ar na stáblaí buana a fágadh ar lár. Ina theannta sin, athraítear roinnt tailte mar iomchuí ó thógáil talún bhuan go tógáil talún shealadach chun an tógáil talún a íoslaghdú mar a d'ordaigh an Bord Pleanála le hOrdú Boird ABP-302885-18 agus leis sin tá siad liostaithe thíos ag úsáid tagairtí de réir an Ordaithe:

(iv) *Laghdófar Ceapach uimhir 651a.202 ar achar, ionas nach gcuimseofar ach na tailte atá riachtanach do thógáil chuid thuaidh an Bhóthair Rochtana 13/02 feadh ailíniú an bhóithrín atá ann cheana.*

(v) *Beidh Ceapach uimhir 713a.203 faoi réir éadail shealadach.*

(vi) *Beidh Ceapach uimhir 713a.204, Ceapach uimhir 713a.101 agus Ceapach uimhir 713b.101 faoi réir éadail shealadach chuig doimhneacht 1.5 méadar faoi leibhéal na talún agus faoi réir éadail bhuan chuig doimhneacht thar 1.5 méadar faoi leibhéal na talún.*

Déantar mionathrú ar an Ordú Mótarbhealaigh chun aghaidh a thabhairt ar mhír (iv) thuas trí Cheapach Uimhir 651a.202 651y.201 agus 651x.202. Beidh Ceapach Uimhir 651y.201 faoi réir éadail shealadach agus beidh Ceapach Uimhir 651x.202 fós mar éadail bhuan tar éis ailíniú a dhéanamh ar Bhóthar Rochtana AR 13/02. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mionathrú sin tugtha i gCaibidil 5 in Imleabhar 2 den TMTT nuashonraithe atá áirithe i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.

Áiríodh le sceidil na Scéimeanna Mótarbhealaigh a cuireadh i láthair ag deireadh na héisteachta ó bhéal in 2020 na mionathruithe go léir a sainithníodh in éineacht le hIarratas Alt 51 a cuireadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus cuireadh na mionathruithe a sainithníodh le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 san áireamh ann freisin. Taispeántar na hathruithe sin i dtéacs dearg ar na sceidil ag an nasc seo: https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/MS%20Form%201%20Schedules_04112020%20TC.pdf

Ón 4 Samhain 2020, tá athrú ar úinéireacht roinnt den talamh, sainithníodh páirtithe leasmhara breise ar roinnt tailte, tugadh fógra maidir le hathrú ar sheoladh agus tugadh fógra maidir le básanna, agus léirítear iad sin uile i mionathruithe eile ar na sceidil. Cuirtear na hathruithe a rinneadh ina dhiaidh sin i láthair i dtéacs gorm sa leagan rianaithe de sceidil na Scéime Mótarbhealaigh atá áirithe san Fhreagra IFB 2025 seo.

Tá tacar nuashonraithe de Léarscáileanna agus Sceidil Taiscí le haghaidh Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe áirithe i gCuid II den Fhreagra IFB 2025 seo. Tá leagan rianaithe de na sceidil áirithe freisin agus é dathchódaithe chun dáta na n-athruithe a shonrú, agus léiríonn an téacs dearg an eagarthóireacht a rinneadh faoi dheireadh na héisteachta ó bhéal an 4 Samhain 2020 agus léiríonn an téacs gorm an eagarthóireacht a rinneadh ag léiriú na sonraí úinéireachta talún reatha i mí Feabhra 2025. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh iarratas chuig An Bord Pleanála chun athraithe a dhéanamh ar

5. Nuashonrú ar an Iarratas ar an Scéim Bóthair Chosanta

Tá an chuid eile den iarratas ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe áirithe faoi Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Níl aon athrú ar limistéar iomlán na tógála talún beartaithe sa Scéim Bóthair Chosanta uaidh sin a cuireadh i láthair ag deireadh na héisteachta ó bhéal i mí na Samhna 2020. Ina theannta sin, athraítear roinnt tailte de réir mar is iomchuí ó thógáil talún bhuan go tógáil talún shealadach mar a d'ordaigh an Bord Pleanála le hOrdú Boird ABP-302885-18 agus leis sin, is iad sin:

- (ii) *Beidh Ceapach uimhir 195a.202 faoi réir éadail bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an mbealach isteach athghrádaithe deiridh ar an áit chónaithe atá ann cheana a bheidh faoi réir éadail shealadach.*
- (iii) *Beidh Ceapach uimhir 246a.203 faoi réir éadail bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an sruth éalaithe píobaithe a bheidh faoi réir éadail shealadach le comhaontú cead slí gaolmhar i bhfabhar an Údaráis Bóithre.*

Bhí mionathrú amháin eile in Ordú Boird ABP-302885-18 ABP nach léirítear san Ordú Bóthair Cosanta mionathraithe toisc nach bhfuil aon athrú ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil ar an réadmhaoin sin i ngeall ar an Tionscadal ó 2018:

- (i) *Bainfear ceapacha uimhreacha 123a.202 agus 123b.201.*

Tá sé sin mar gheall ar phlé a bhí ann leis an úinéir talún in 2024 tar éis an t-iarratas ar Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a tharchur agus d'iarr siad nach ndéanfaí athrú ar an gcás mar a bhí maidir lena dteach i.e. rinneadh Ceapach uimhir 123a.202 agus Ceapach uimhir 123b.201 a áireamh i Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018, seasann a n-aighneacht chuig ABP ag cur in aghaidh na scéime go fóill agus seasann Tuarascáil Chigire ABP inar moladh go mbainfí na ceapacha sin ón scéim ar fad.

Mar chuid de sceidil na Scéime Bóthair Chosanta a cuireadh i láthair ag deireadh na héisteachta ó bhéal in 2020 bhí na mionathruithe go léir a sainaithníodh anuas ar Iarratas Alt 51 a cuireadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus na mionathruithe sin a sainaithníodh le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 san áireamh. Taispeántar na hathruithe sin i dtéacs dearg ar na sceidil ag an nasc seo:

<https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/PRS%20Form%201%20Schedules%2004112020%20TC.pdf>

Ón 4 Samhain 2020, tá athrú ar úinéireacht roinnt den talamh, sainaithníodh páirtithe leasmhara breise ar roinnt tailte, tugadh fógra maidir le hathrú ar sheoladh agus tugadh fógra maidir le básanna, agus léirítear iad sin uile i mionathruithe eile ar na sceidil. Cuirtear na hathruithe a rinneadh ina dhiaidh sin i láthair i dtéacs gorm sa leagan rianaithe de sceidil na Scéime Bóthair Cosanta atá áirithe san Fhreagra IFB 2025 seo.

Tá tacar nuashonraithe de Léarscáileanna agus Sceidil Taiscí le haghaidh Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe áirithe i gCuid III den Fhreagra IFB 2025 seo. Tá leagan rianaithe de na sceidil áirithe freisin agus é dathchódaithe chun dáta na n-athruithe a shonrú, agus léiríonn an téacs dearg an eagarthóireacht a rinneadh ag dheireadh na héisteachta ó bhéal an 4 Samhain 2020 agus léiríonn an téacs gorm an eagarthóireacht a rinneadh ag léiriú na sonraí úinéireachta talún reatha i mí Feabhra 2025. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh iarratas chuig An Bord Pleanála chun athraithe a dhéanamh ar Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 i gcomhréir leis na Léarscáileanna agus Sceidil Taiscí seo.

6. Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 (arna leasú) agus na haighneachtaí maidir leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024

Tugtar aghaidh sa tuarascáil sin, arb é Cuid IV den Fhreagra IFB 2025 seo é, ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide is déanaí, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24). Tugtar an fhaisnéis is gá sa tuarascáil seo le go mbeidh ABP sásta go mbeadh sé, ach an N6 GCRR a cheadú, ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi alt 15 den Acht Aeráide agus ag déanamh a chuid feidhmeanna ar bhealach atá comhsheasmhach le CAP24, an straitéis aeráide fhadtéarmach a ceadáíodh le déanaí agus leis na pleananna agus na cuspóirí eile a sonraíodh in alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú) (an “tAcht Aeráide”).

Foráiltear leis an Acht Aeráide *“go gceadóidh an Rialtas pleananna i dtaca leis an athrú aeráide ar mhaithe leis an aistriú a dhéanamh chuig aeráid ísealcharbóin a bheidh athléimneach agus geilleagar atá inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil...”*

Beidh ABP ar an eolas ar ndóigh, go bhforáiltear le halt 15(1) den Acht Aeráide:-

“15. (1) Comhlíonfaidh comhlacht ábhartha, a mhéid is indéanta, a chuid feidhmeanna ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le-

- (a) an plean gníomhaithe ar son na haeráide is déanaí a ceadáíodh,*
- (b) an straitéis gníomhaithe ar son na haeráide fhadtéarmach náisiúnta is déanaí a ceadáíodh,*
- (c) an creat oiriúnaithe náisiúnta is déanaí a ceadáíodh agus pleananna oiriúnaithe earnála a ceadáíodh,*
- (d) cur chun cinn an chuspóra aeráide náisiúnta, agus*
- (e) an cuspóir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus oiriúnú do na héifeachtaí atá ag an athrú aeráide sa Stát.”*

Is comhlacht ábhartha é ABP agus, dá bhrí sin, agus breithniú á dhéanamh ar cibé cead a bhronnadh chun an N6 GCRR atá beartaithe a thógáil, ní mór do ABP a chinntiú go ndéanann sé a chuid feidhmeanna ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le CAP24, mar an CAP is déanaí a ceadáíodh, agus freisin leis an straitéis fhadtéarmach gníomhaithe ar son na haeráide agus na pleananna agus cuspóirí eile atá sonraithe in Alt 15.

Ba cheart an tuarascáil a léamh freisin i gcomhar leis an TMTT nuashonraithe atá á cur isteach mar chuid de Chuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo, agus go háirithe Caibidil 17 den TMTT nuashonraithe i dtaca leis an Aeráid, ina mbreithnítear éifeachtaí aeráide an Tionscadail agus a léiríonn arís eile an chaoi a mbeidh an Bord Pleanála, le linn dó an cead a lorgáitear don N6 GCRR atá beartaithe a dheonú, ag feidhmiú a chuid feidhmeanna ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na pleananna, straitéisí agus cuspóirí atá sonraithe in Alt 15 den Acht Aeráide.

6.1 Comhsheasmhacht Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Is mar seo a leanas atá na príomhspriocanna le haghaidh na hearnála iompair ó pheirspictíocht oibriúcháin sa CAP24:

- (ii) Laghdú 20% ar líon iomlán na gciliméadar feithicle a thaistealaítear i gcoibhneas leis an gCás Gnó mar is Gnách 2030 (BAU)
- (iii) Laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin i gcomparáid le leibhéal 2018
- (iv) Méaduithe suntasacha ar thurais iompair inbhuanaithe agus ar an gcóir iompair

Rinneadh cleachtadh córa iompair tráchta chun féachaint ar Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) as an nua i gcomhthéacs na bhfadhbanna iompair atá i nGaillimh inniu, chun smaoineamh ar cibé an bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe fós ag teastáil mar chuid de SIG, agus chun smaoineamh ar cibé an bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe comhsheasmhach le CAP24.

Mar is léir ón samhaltú agus measúnacht tráchta nuashonraithe mionsonraithe a leagtar amach i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe atáthar a chur isteach mar Chuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo, tá na saincheistean iompair a spreag an gá atá leis an SIG, (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe) in 2016 fós ann inniu agus tionchar acu ar gach modh iompair sa chathair. Taispeántar leis an samhaltú agus measúnacht tráchta nuashonraithe go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe fós mar chuid shlán den SIG agus é lánach do sheachadadh na gcuspóirí sa SIG, agus na torthaí seo a leanas á gcumasú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24):

- (v) Laghdú 16% ar líon iomlán na gciliméadar feithicle a thaistealófar in 2030, i gcomparáid leis an gcás Gnó mar is Gnách (BAU)³
- (vi) Laghdú 43% ar astaíochtaí carbóin ó iompar laistigh den limistéar tionchair an N6 GCRR atá beartaithe in 2030, i gcomparáid le leibhéil 2018. Baintear amach an laghdú substaintiúil sin ar astaíochtaí feithiclí, in aghaidh cúlra an mhéadaithe 30% atá réamh-mheasta ar an Mórcheantar Uirbeach idir 2016 agus 2030.

Bunaithe ar an anailís sin agus ar shamhaltú tráchta nuashonraithe, is léir go bhfuil gá leis an N6 GCRR atá beartaithe a sheachadadh inniu mar chuid lánach de SIG, agus go mbeidh de bharr a sheachadta mar chuid de SIG agus in éineacht leis na bearta a bhí mar bhonn ag na spriocanna le haghaidh iompair a leagtar amach in CAP23 agus CAP24 (níor tháinig aon athrú ar na spriocanna iompair idir CAP23 agus CAP24) laghdú 43% ar astaíochtaí carbóin ó iompar faoi 2030 laistigh den limistéar tionchair den N6 GCRR atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil 2018.

In éineacht leis an obair mhór sin ar na spriocanna náisiúnta sonracha a leagtar amach in CAP24, forbraíodh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir leis an ordlathas córa iompair agus leis an ordlathas idirghabhála agus tá sé comhsheasmhach leis na hordlathais sin a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta le haghaidh Iompar in Éirinn agus cuideoidh sé freisin le méaduithe suntasacha ar thurais iompair inbhuanaithe agus ar an gcóir iompair.

Nuair a dhéanfar é a sheachadadh in éineacht leis na bearta bainistíochta éilimh chun spriocanna CAP24 a bhaint amach, déanfar na nithe seo a leanas leis an N6 GCRR atá beartaithe:

- Cumasófar bearta bainistíochta éilimh laistigh den chathair cosúil le limistéir saor ó charranna agus táillí tranglainm, rud lena gcuirfí srian ar thrácht ginearálta trí cinn de na ceithre thrasrian droichid atá ann cheana a úsáid, agus cuideoidh siad chun trácht i lár na cathrach a laghdú, rud a thacóidh chun an spás bóthair a d'fhéadfadh a bheith ann a athdháileadh le haghaidh modhanna inbhuanaithe agus le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí
- Éascóidh sé bearta bainistíochta éilimh chun cuidiú leis na spriocanna in CAP24 a bhaint amach agus ag cinntiú an tráth céanna go mbeidh leibhéal áirithe soghluaisteachta ann do chónaitheoirí ar gach taobh den chathair
- Cumasóidh sé gréasán feidhmíochta níos fearr do gach modh trí laghdú 50% a chur ar mhoill ar fud an ghréasáin i gcomparáid le leibhéil 2023, agus gan leibhéal na dturas i gcarranna a mhéadú laistigh den limistéar uirbeach
- An gá a bheidh ann do HGVanna taisteal laistigh den chathair a laghdú: laghdú 25% ar an leibhéal ciliméadar HGV laistigh de líne chosanta N6/R338 na cathrach arb ionann é agus thart ar 60% de dhaonra reatha na cathrach; ag dul chun tairbhe coisithe, rothaithe agus úsáideoirí iompair phoiblí le feabhas dá bharr sin ar cháilíocht an aeir i gcomhréir le CAP24 agus ag tacú le timpeallacht níos sábháilte le haghaidh turais taistil ghníomhaigh

³ Úsáidtear an cás sin mar thagarmharc ar ina aghaidh a ríomhtar an sprioc maidir le laghdú a chur ar chiliméadair i bhfeithiclí.

- An clár BusConnects a éascú don chathair, trí thrasbhealach abhann eile a sholáthar chun srianta ar Dhroichead na mBradán a sheach-chur agus srian féideartha a chumasú ar dhroichid eile i lár na cathrach trí limistéir uirbeacha saor ó charranna agus táillí trangleim
- Freastal ar an bhfás mór atá beartaithe laistigh den chathair agus a purláin i gcomhréir leis na spriocanna sa Chreat Náisiúnta Pleanála (méadú 50% ar an daonra faoi 2040, i gcomparáid le leibhéal 2016)

Dá bhrí sin, ní hamháin go mbeidh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir le CAP24 le linn a chéime oibríochta, mar chuid lárnach de SIG agus mar chumasóir de na bearta bainistíochta éilimh a leagtar amach in CAP24, tá an N6 GCRR atá beartaithe riachtanach do bhaint amach SIG in éineacht leis an bhfás daonra atá réamh-mheasta agus na spriocanna in CAP24.

An laghdú ar na ciliméadair iomlána a thaistealaítear i bhfeithicil agus na laghduithe ar astaíochtaí carbóin a bhainfear amach trí chur i bhfeidhm SIG (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe) agus CAP24 agus na méaduithe móra ar thurais iompair inbhuanaithe agus ar na córa iompair a éascófar le linn na céime oibríochta, is rudaí iad a chuirfidh athrú ó bhonn ar dhlúthfhás 50% Chathair na Gaillimhe sa todhchaí i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta chun an t-éileamh ar iompar a laghdú agus a choimeád chomh híseal agus is féidir ar an gcéad dul síos. Mar sin féin, tá éifeachtaí diúltacha gaolmhara, ach a mbeidh gá leo le linn an phróisis tógála ó charbón corpraithe a bhaineann leis na hábhair agus le hábhair thógála a iompar chuig an láithreán.

Léirítear leis an anailís sa tuarascáil seo, trí na ceaduithe a lorgaíodh don N6 GCRR a dheonú, go mbeadh ABP ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna ar bhealach a bheadh comhsheasmhach le CAP24, an straitéis aeráide fhadtéarmach is déanaí a ceadáíodh agus leis na pleananna agus na cuspóirí eile atá sonraithe in alt 15 den Acht Aeráide.

7. Aighneachtaí i ndáil le himpleachtaí Phlean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe

Tráth an iarratais sin in 2018 ar chead maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), bhí Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 i bhfeidhm agus chonacthas in TMTT 2018 agus go háirithe Caibidil 2, Comhthéacs Pleanála agus Beartais, conas a bhí an N6 GCRR atá beartaithe ina phríomhchuspóir den phlean sin agus conas a bhí saothrú an N6 GCRR atá beartaithe comhsheasmhach le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 agus riachtanach chun é a chur i bhfeidhm.

Cuireadh Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 in ionad an phlean sin. Mar chuid den TMTT nuashonraithe atáthar a chur isteach mar chuid de Chuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo, áirítear leagan nuashonraithe de Chaibidil 2, Comhthéacs Pleanála agus Beartais ina ndéantar breithniú go sonrach ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 i gcomhthéacs an N6 GCRR atá beartaithe.

Léirítear leis an tuarascáil bhreise sin, ar cuid den Fhreagra IFB 2025 seo í, go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe fós ina phríomhchuspóir de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 agus an chaoi a bhfuil soláthar an N6 GCRR atá beartaithe ní hamháin ailínithe leis na beartais agus cuspóirí i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 ach go bhfuil sé comhsheasmhach leis na beartais agus na cuspóirí sin agus riachtanach chun Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 a chur i bhfeidhm.

Admhaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) go bhfuil gá le hinfheistíocht i raon bonneagair, agus bóithre san áireamh, ar mhaithe le fás agus rath eacnamaíoch Chathair na Gaillimhe, agus aithníonn siad seachadadh an N6 GCRR atá beartaithe mar phríomhchumasóir fáis amach anseo don chathair. Laistigh den chomhthéacs pleanála níos leithne seo, tá an N6 GCRR atá beartaithe fós ina chroíchuspóir de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 chun an Chroístraitéis a chur i bhfeidhm agus úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta i bPlean Straitéiseach Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe.

Le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 déantar na haidhmeanna, cuspóirí, agus straitéisí i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chomhtháthú, agus an N6 GCRR atá beartaithe a chuimsiú go hiomlán ina

phríomhbheartais agus a phríomhchuspóirí. Cé gur féidir roinnt gnéithe de SIG a chur i bhfeidhm go neamhspleách ar an N6 GCRR atá beartaithe, admhaíonn Plean Forbartha na Cathrach nach mór an cuarbhealach nua seo a sholáthar chun na bearta ina n-iomláine agus an SIG a sheachadadh go rathúil. Tacaíonn an beartas iompair inbhuanaithe agus an beartas gréasán bóithre i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 le cur i bhfeidhm iomlán SIG arna thacú ag an N6 GCRR atá beartaithe, a shainaithnítear freisin mar chuid bhreise straitéiseach le Gréasán Cuimsitheach TEN-T an Aontais Eorpaigh.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha Phlean Forbartha na Cathrach agus tá sé riachtanach chun fíis na Comhairle do Chathair na Gaillimhe a bhaint amach, is é sin “a bheith ina cathair réigiúnach rathúil, inbhuanaithe, iomaíoch a chruthaíonn rathúnas, a thacaíonn le hardchaighdeán saoil agus a choinníonn a haitheantas ar leith agus a thacaíonn le heispéireas cultúrtha saibhir”.

8. Nuashonrú ar an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Rinneadh Tuarascáil nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) a ullmhú agus a chur san áireamh i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo. Cé go leantar an leagan amach céanna tríd is tríd i struchtúr agus formáid an TMTT nuashonraithe seo i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo agus a leanadh in TMTT 2018, tá caibidil nua ar leith ann don mheasúnacht dramhaíola mar gheall ar fhorbairtí le déanaí i mbainistíocht dramhaíola agus mar gheall ar threoirilínte agus ar reachtaíocht nua. Déantar cáilíocht an aeir agus an aeráid a scaradh in dhá chaibidil ar leith freisin sa TMTT nuashonraithe. Rinneadh nuashonrú freisin sa TMTT nuashonraithe ar na caibidlí faoi mheasúnacht ar thionchair charnacha, bearta maolaithe, tionchair iarmharacha agus an Sceideal de Ghealltanais Chomhshaoil i gCuid VI den Fhreagra IFB 2025 seo.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chaibidil 1 den TMTT chun athruithe ar reachtaíocht a chur san áireamh, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chaibidil 2 chun léiriú a thabhairt ar bheartas pleanála reatha agus léiríodh an chaoi a bhfuil an N6 GCRR agus an Tionscadal atá beartaithe ailínithe le beartais agus le pleananna reatha. Rinneadh athbhreithniú ar an ngá atá leis an Tionscadal agus tá an oiread gá leis an N6 GCRR atá beartaithe inniu in 2025 agus a bhí in 2018 agus cuirtear é sin i láthair i gCaibidil 3. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chaibidil 4, Roghanna Malartacha a Breithníodh chun tuilleadh sonraí a chur isteach ar an rogha maidir le Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 agus rinneadh nuashonrú ar an rogha eile maidir le hiarnród éadrom a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal in 2020 chun an tIarnród Éadrom don Mheasúnacht ar Chathair na Gaillimhe a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair in 2024 a chur san áireamh. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an tuairisc ar an Tionscadal a cuireadh i láthair i gCaibidil 5 chun léiriú a thabhairt ar na mionathruithe a rinneadh ó 2018 agus chun míniú a thabhairt ar an bhforbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na gníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an Tionscadal i gCaibidil 7. Rinneadh samhaltú tráchta nuashonraithe chun sonraí daonáirimh 2022 a chur san áireamh agus sonraí nua tráchta ó shuirbhéanna a rinneadh in 2023 agus cuirtear na torthaí agus an mheasúnacht nuashonraithe i láthair i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar gach ceann de na measúnachtaí tionchair comhshaoil agus cuirtear conclúidí na measúnachtaí tionchair nuashonraithe le haghaidh gach ábhair comhshaoil i láthair thíos in éineacht le freagra ar na ceistanna seo a leanas:

1. An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?
2. Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?
3. An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúidí na measúnachtaí tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?
4. An athraíonn aon athruithe ar chonclúidí na measúnachtaí tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?
5. An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe an mheasúnacht tionchair iarmharaigh? Má athraíonn, cén chaoi?

6. An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnaigh? Má tá, cén chaoi?

8.1 Bithéagsúlacht

8.1.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, foilsíodh roinnt príomh-threoirínte bithéagsúlachta, rud a chuaigh i gcion ar mhodheolaíochtaí suirbhéireachta, measúnachtaí tionchair, agus dearaí maolaithe. Anuas air sin, foilsíodh roinnt beartais bithéagsúlachta nuashonraithe ó Mheán Fómhair 2022. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an measúnacht bithéagsúlachta chun na hathruithe sin a chur san áireamh.

Bhíothas feasach freisin faoin measúnacht éiceolaíochta a rinne an Cigire a cheap an Bord Pleanála agus a cuireadh i láthair ina dtuarascáil ar an 22 Meitheamh 2021⁴, agus léiríodh sa TMTT nuashonraithe sin a mhéid a bhaineann le luachálacha gabhdóirí, tionchair fhéideartha, bearta maolaithe, agus tionchair iarmharacha faoi na ceanteidil faoi seach. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo ar an mbithéagsúlacht.

Tarraingíodh anuas roinnt ceisteanna ag an Éisteacht ó Bhéal in 2020 a bhain go sonrach le maolú don Scréachóg reilige agus na tionchair ar ghnáthóga sealgaireachta, maolú don fhéileacán an fritileán réisc, soláthar cúiteach gnáthóg, ranguithe gnáthóige (lena n-áirítear gnáthóg aolchloiche), deardadh íosbhealaigh do mhamaigh, tionchair agus maolú don earc luachra, tionchar scáthaithe Tharbhealach Mhionlaigh ar ghnáthóg aolchloiche, athúsáid a bhaint as gnáthóg aolchloiche chun gnáthóg fiadhúlra a chruthú agus an beartas pleanála i dtaca leis an mbithéagsúlacht, agus tagraítear go sonrach dóibh sin agus láimhseáiltear iad sna rannóga cuí ar fud na caibidle nuashonraithe seo. De bhreis air seo, rinneadh an doiciméadacht a chuir CCG isteach le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 a léiriú freisin sa chaibidil nuashonraithe seo agus, nuair ba chú, sna hagusíní leis an gcaibidil nuashonraithe seo ar an mbithéagsúlacht.

Baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil bithéagsúlachta ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a nuashonrú:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha ag cur torthaí na suirbhéanna a rinneadh idir 2022 agus 2024 san áireamh
- na fíoracha agus na hagusíní chun léiriú a thabhairt ar na sonraí agus ar an measúnacht nuashonraithe
- chun na pointí a tarraingíodh anuas san Fhreagra IFB dar dáta an 30 Lúnasa 2019, an Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta 22 Meitheamh 2021 a chur san áireamh

Laistigh den limistéar staidéir, tá limistéir atá ainmnithe do chaomhnú an dúlra ar an leibhéal Eorpach, i.e. láithreáin Eorpacha (SAC & SPA), agus ar an leibhéal náisiúnta i.e. Limistéir Oidhreacht Náúúrtha (NHA & pNHA):

- Tá 22 láithreán Eorpach ann a bhféadfadh tionchar a bheith ag an Tionscadal orthu: SAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Chuan Istigh na Gaillimhe, SAC Thalamh Féaraigh Ard Raithín, SAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, SAC Thurlach Chill Tiarnáin, SAC Choimpléasc Loch Fionngheal, SPA Thurlach Ráth Asáin, SAC Thurlach Ráth Asáin, SPA Riasc Chreig Eanaigh, SAC Shléibhte Mhám Toirc, SAC Bheanna Beola/Choimpléasc an Gharráin, SAC Choimpléasc Phortach Chonamara, SPA Choimpléasc Phortach Chonamara, SAC Loch agus Choillte an Rois, SAC Choimpléasc Oirthear Bhoirne, SAC Shliabh Mhóinín, SAC Choimpléasc Shléibhín-Pholl Salach, SAC

⁴ Tuarascáil an Chigire (2021) ABP-302885-18 & ABP302848-18 agus Agusín 4: Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta, Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, Don Bhord Pleanála, Tag. ABP ABP-302848-18, ABP302885-18, Uimh. an Tionscadail: IABP106/002 (2021), arna hullmhú ag an Dr Arnold as Thomson Environmental Consultants

Chosán Aolchloiche Ghort na nDarach, SAC Árann agus SAC Chuan agus Oileán Chill Chiaráin. Níl aon láithreáin Eorpacha eile i mbaol ó na tionchair ón Tionscadal.

Rinneadh measúnacht iomlán ar na láithreáin Eorpacha agus léirítear é sin sa NIS nuashonraithe. I gconclúid na measúnachta sa NIS nuashonraithe fuarthas nach mbeidh tionchar díobhálach ag an Tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, as féin nó i gcomhar le plananna nó le tionscadail eile.

- Tá láithreán NHA amháin ann a bhféadfadh tionchar a bheith ag an Tionscadal air: NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn a luíonn díreach cóngarach don N6 GCRR atá beartaithe. Mar sin féin, ní dóigh go mbeidh aon éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an Tionscadal ar an NHA sin.
- Tá 31 láithreán pNHA a bhféadfadh tionchar a bheith ag an Tionscadal orthu: pNHA Loch Coirib, pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, pNHA Coill Na bhForbach, pNHA Thurlaigh Chill Tulach, pNHA Loch Bhaile Uí Chuirc, pNHA Coimpléasc Portaigh Chonamara, pNHA Coill Droma Chong, pNHA Loch agus Coill an Rois, pNHA Coimpléasc Cheann Boirne-Pholl Salach, pNHA Coimpléasc Loch Fionngheal, pNHA Thurlaigh Ráth Asáin, pNHA pábháil aolchloiche Ghort na nDarach, pNHA Shliabh Mhóinín, pNHA Coimpléasc Bhoirne Thoir, pNHA Thurlach Chill Tiarnáin, pNHA Coimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, pNHA Thurlach Corr, pNHA Inis Mór, pNHA Shléibhte Mhám Toirc, pNHA Bheanna Beola/Choimpléasc an Gharráin, pNHA Mhachaire Oileán Maiseán, pNHA Mhachaire Mhaínse, pNHA Mhachaire Fhínse, pNHA Oileán Lachan, pNHA Inis Múscraí, pNHA Chora na hAirde Móire, pNHA Charrag an Iolra, pNHA, Oileán na nGeabhróg, pNHA Oileán na nGeabhróg (Carraig Ghlinn Chatha), pNHA Riasc Goirt Chinn Mhara goirt agus pNHA Oileán na nGeabhróg (Illaungurraigh).
- Tá pNHA Loch Coirib á thrasnú ag an Tionscadal ag trasrian Dhroichead Abhainn na Gaillimhe. Mar sin féin, ní dóigh go mbeidh aon éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an Tionscadal ar an pNHA sin.

Is gabhdóirí eile a ndearnadh machnamh orthu sa mheasúnacht éiceolaíochta don Tionscadal gnáthóga, speicis flóra neamhchoitianta agus chosanta, speicis mhamacha lena n-áirítear go háirithe madra uisce, ialtóga agus broic, speicis mhoilisc, fritiléan réisc, éin ghoir, éin gheimhrithe, amfaibiaigh, reptílí, agus iasc.

Aithnítear tionchair fhéideartha an Tionscadail ar gach ceann de na príomhghabhdóirí éiceolaíochta seo. Tá bearta maolaithe beartaithe chun na tionchair thuartha a sheachaint nó a íoslaghdú. Lena chois sin, beartaíodh monatóireacht⁵ más iomchuí. Tá breac-chuntas tugtha ar na tionchair iarmharacha, agus (más ábhartha) tá bearta cúitimh ar bith atá beartaithe chun dul i ngleic tuilleadh leis na tionchair iarmharacha sin sonraithe.

Is iad na tionchair iarmharacha shuntasacha a fhanann tar éis maolaithe na tionchair sin a bhaineann le caillteanas gnáthóige, speicis phlandaí atá neamhchoitianta agus faoi chosaint, ialtóga, scréachóg reilige agus fabhcún gorm, agus Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla. Cuirfear bearta cúiteacha i bhfeidhm chun na tionchair iarmharacha shuntasacha seo a laghdú nó a sheachaint, ag tabhairt ar aird nach féidir roinnt tionchar iarmharach a chúiteamh. Leis an bearta cúitimh laghdófar na tionchair iarmharacha shuntasacha ar gach speiceas ialtóg ar an leibhéal áitiúil.

Mar sin féin, in ainneoin chur i bhfeidhm na mbearta maolaithe agus cúitimh atá beartaithe, seans go mbeidh na tionchair iarmharacha shuntasacha seo a leanas ag an Tionscadal ar bhitheagsúlacht:

- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach idirnáisiúnta, do chaillteanas buan c.0.01ha de ghnáthóg ina bhfuil bratphortach gníomhach⁶
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach idirnáisiúnta, do chaillteanas buan c.0.01ha den mhósáic ina bhfuil Bratphortach gníomhach, Fraoch fliuch agus gnáthóga fraoigh thirim⁷

⁵ De réir an cheanglais monatóireachta atá leagtha amach sa Treoir EIA 2014/52/AE d'fhonn gníomh leasaitheach iomchuí a ghlacadh, i gcás ina mbeadh gá leis

⁶ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

⁷ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach idirnáisiúnta, do chaillteanas buan c.1.54ha de ghnáthóg ina bhfuil cosán aolchloiche⁸
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach idirnáisiúnta, do chaillteanas buan c.0.03ha de ghnáthóg mósáice ina bhfuil cosán aolchloiche agus féarach Cailcreach⁹
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, do chaillteanas buan c.3.9ha de ghnáthóg fraoigh fhliuch¹⁰
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, do chaillteanas buan ceithre ghné tobair Chlochraithe ag Cairéal Leacaigh¹¹
- Éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ar Bhraislí Gnáthóige 1-12 idir scála áitiúil agus idirnáisiúnta, ag brath ar thionchair fhéideartha an Tionscadail ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíochta aonair a chomhdhéanann an acmhainn bithéagsúlachta laistigh de bhraisle gnáthóige ar leith. Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil do chaillteanas daonraí áitiúla den speiceas brífite dearg liostaithe caonach portaigh rádalach *Sphagnum affine* ar an scála geografach náisiúnta
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil do chaillteanas daonraí áitiúla den speiceas brífite dearg liostaithe, caonach tíme coille *Plagiomnium cuspidatum*, cleitchaonach stríocach níos lú *Plasteurhynchium striatulum* agus Súsán dearg *Sphagnum capillifolium* subsp. *capillifolium* ag scála geografach an chontae
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil do chaillteanas daonraí áitiúla Glanroisc *Euphrasia arctica* ar scála geografach áitiúil
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil, do chaillteanas buan féideartha láithreán neadaithe den Scréachóg Reilige i Mionlach
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, le haghaidh caillteanas féideartha buan láithreáin neide ag Cairéal Leacaigh
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach áitiúil, ar gach speiceas ialtóg (lena n-áirítear an chrú-ialtóg bheag) mar gheall ar láithreach an Tionscadail laistigh dá limistéir shealgaireachta
- Éifeacht iarmharach shuntasach dhóchúil, ar an scála geografach áitiúil, do chaillteanas buan 18 thobar chailcreacha (FP1) (Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I) ag Cairéal Leacaigh, c.5.24ha d'fhéarach aigéid tirim-taise (GS3) (Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I) agus c.1.30ha de ghnáthóg eanaigh bhoicht agus bhorrfháis (PF2) (Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I) ¹²

Beidh tionchar ag na tionchair iarmharacha suntasacha seo freisin ar na limistéir bithéagsúlachta áitiúla seo a leanas¹³: Bóthar an Chósta (R336) go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn N59, Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each, Mionlach go Cnoc Chúil Each, Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr agus limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce, limistéar bithéagsúlachta áitiúil Phluais an Chúipéara Tír Oileáin, agus limistéar bithéagsúlachta áitiúil Ghleann na Néal Tír Oileáin, limistéar bithéagsúlachta áitiúil Chóras Canálach na Cathrach, agus limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dobharlaigh.

Ní féidir na caillteanais de ghnáthóg cosáin aolchloiche (lasmuigh de láithreán Eorpach ar bith), Tobar clochraithe (lasmuigh de láithreán Eorpach ar bith) agus Fraochmhá fliche (lasmuigh de láithreán Eorpach ar bith), a bhaineann leis an Tionscadal a chúiteamh go díreach. Mar sin féin, cruthófar limistéir ghnáthóg gaolmhar chun gnóthachan bithéagsúlachta a chur ar fáil do ghnáthóga gaolmhara talún portaigh agus aolchloiche go háitiúil. Is é an limistéar de ghnáthóg fraoch tirim atá á sholáthar ná c.4.10ha atá níos mó ná

⁸ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

⁹ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

¹⁰ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

¹¹ Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

¹² Níl ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige sin a chaillfear laistigh de láithreáin ar bith atá ainmnithe mar SAC, SPA, pNHA nó NHA.

¹³ Sainítear na limistéir bithéagsúlachta áitiúla sin i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017–2023 agus sa dréacht is déanaí de Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014–2024

caillteanais na ngnáthóg portaigh in bhfuil fraoch tirim, go léir le chéile (c.3.18ha). Is ionann an limistéar de ghnáthóg fhéaraigh Chailcrigh atá á chruthú agus thart ar c.7.98ha agus tá sé sin níos mó ná caillteanais chomhcheangailte an chosáin Aolchloiche agus na gnáthóige féaraigh Chailcrigh le chéile (thart ar c.1.82ha).

Cuireadh iarratas ar cheadúnas maolaithe ialtóg don Tionscadal isteach chuig an NPWS i Márta 2024, agus a bronnaíodh in Aibreán 2024 (féach Aguisín A.8.25 Cuid 1 in Imleabhar 3 don TMTT nuashonraithe do cheadúnas maolaithe ialtóg 2024). Mar gur éag cheadúnas maolaithe ialtóg 2024 ar 31 Nollaig 2024, cuireadh iarratas nua ar cheadúnas maolaithe ialtóg chuig an NPWS ar 1 Aibreán 2025 (san áireamh in Aguisín A.8.25 Cuid 2 in Imleabhar 3 don TMTT nuashonraithe).

I dtaca leis an mbailiúchán sonraí ón suirbhé ar ialtóga i 2023, tugadh faoi aithbhreithniú i Márta 2025 chun measúnú a dhéanamh an raibh aon athrú ar scála tírdhreacha ar ghnáthóga ó shin i leith a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar iompar gluaiseachta nó sealgaireachta na hialtóga ar shlí, nó i gcomharsanacht láithreach an Tionscadal. Cuimsíodh scrúdú de ortafótagrafaíocht úrnua san aithbhreithniú, in éineacht le bailíochtú tiomáin tríd agus pointe amhairc ón suíomh insroichte poiblí is gaire (taobh bóthair de ghnáth), le athruithe mórsála talamhúsáide a d'fhéadfadh cuir isteach ábhartha a dhéanamh ar ghluaiseacht ialtóga a thaifead. Ba í conclúid an athbreithnithe ná nach raibh athruithe ábhartha ar scála tírdhreacha ar ghnáthóga ó 2023 a chuirfeadh isteach ar iompar gluaiseachta nó sealgaireachta na hialtóga ar shlí, nó i gcomharsanacht láithreach an Tionscadal. Dá bhrí sin, is é tuairim ghairmiúil údar Caibidil 8 (Bithéagsúlacht) don TMTT nuashonraithe ná go bhfuil na sonraí eolaíochta atá curtha i láthair laistigh den TMTT nuashonraithe agus iarratas an Cheadúnas Maolaithe Ialtóga fós bailí chun an measúnú tionchar ialtóga agus conclúidí a leagtar amach in iarratas an cheadúnas maolaithe ialtóga a chuir in iúl go láidir agus a thacú.

Tá na ceadúnais maolaithe bronnta ag an NPWS foilsithe, in éineacht leis an iarratas agus aon cháipéisí tacaíochta, ar a suíomh gréasáin ag <https://www.npws.ie/licensesandconsents/disturbance/application-for-derogation/bat-derogations-issued>. **Nótáil le do thoil, beidh ABP in ann feiceáil nuair a bhronnfar an Ceadúnas Maolaithe Ialtóga, agus cóip den cheadúnas iomlán bronnta a fháil, trí chliceáil ar an nasc seo.**

8.1.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoirlíne agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Foilsíodh na príomhthreoirlínte bithéagsúlachta seo a leanas a bhaineann le modheolaíocht suirbhéireachta, an measúnacht tionchair, agus dearadh an mhaolaithe ó cuireadh iarratas isteach ar cheadú faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) don N6 GCRR atá beartaithe chuig an mBord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018:

- *Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines (4ú heagrán)* (Collins (eag.), 2023)
- *Bat Mitigation Guidelines for Ireland V2* (NPWS, 2022)
- *UK Bat Mitigation Guidelines* (Reason and Wray, 2023)
- *Survey and Mitigation Standards for Barn Owls to inform the Planning, Construction and Operation of National Road Projects* (TII, 2021)
- *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports* [1]
- *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the UK and Ireland: Terrestrial, Freshwater, Coastal and Marine leagan 1.2* (CIEEM, 2018)

Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines (4ú heagrán) (Collins (eag.), 2023) a d'fhoilsigh UK Bat Conservation Trust i mí Mheán Fómhair 2023, tar éis na suirbhéanna ar ialtóga a bhí mar threoir ag an TMTT nuashonraithe a chur i gcrích. Dá bhrí sin, ní léirítear athruithe ar na modheolaíochtaí suirbhéireachta a leagtar amach sa treoirdhoiciméad BCT sa chaoi ar bailíodh sonraí ón suirbhé ar ialtóga don Tionscadal. Dá ainneoin sin, rinneadh an clár suirbhéireachta ar ialtóga agus na modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm idir 2018 agus 2023 ag tagairt don tsraith Treoirlínte Comhshaoil le haghaidh Bóithre Náisiúnta a Phleanáil agus a Thógáil (ÚBN, 2005 - 2009) agus *Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines (3ú heagrán)* (Collins (eag.), 2016) agus bhí na modheolaíochtaí suirbhéireachta láidir agus tugtar

dóthain faisnéise iontu chun bonn eolais a chur faoin measúnacht tionchair agus an straitéis maolaithe a cuireadh i láthair san iarratas ar cheadúnas maolaithe ialtóga agus sa TMTT nuashonraithe.

Foilsíodh *Bat Mitigation Guidelines for Ireland V2* (NPWS, 2022) in 2022 agus foilsíodh *UK Bat Mitigation Guidelines* (Reason and Wray, 2023) i mí Mheán Fómhair 2023. Baineadh úsáid as na treoirlínte sin, i gcomhar le Sraith Treoirlínte Comhshaoil TII maidir le Bóithre Náisiúnta a Phleanáil agus a Thógáil (NRA, 2005-2009), chun bonn eolais a chur faoin straitéis maolaithe ialtóga don Tionscadal atá beartaithe, agus cinntíodh leis sin go bhfaigheadh ialtóga cosaint le linn don Tionscadal beartaithe a bheith á thógáil agus á oibriú.

Sa mheasúnacht tionchair agus sa straitéis maolaithe a bhaineann le hialtóga, bhí an bunús le haghaidh an iarratais ar cheadúnas maolaithe ialtóga a rinneadh chuig an NPWS i mí Márta 2024, a bhronn an NPWS (DER/BAT 2024 – 96) an 10 Aibreán 2024 agus níor ardaíodh aon fhiosruithe maidir leis an gcur chuige a úsáideadh sa suirbhé, maidir le conclúid na measúnachta tionchair agus níor moladh aon leasuithe ar an straitéis maolaithe.

Sna suirbhéanna ar an scréachóg reilige a rinneadh in 2023 leantar an mhodheolaíocht a leagtar amach i dtreoirlínte 2021 ar féidir iad a chur i gcomparáid leis na modheolaíochtaí a úsáideadh le haghaidh shuirbhéanna 2014-2018 agus tá siad comhsheasmhach leo sin. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar an straitéis maolaithe don scréachóg reilige ionas go mbeidh sí comhsheasmhach leis na treoirlínte reatha.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) treoirlínte athbhreithnithe maidir leis an measúnacht tionchair timpeallachta i mí na Bealtaine 2022 (*Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports*) agus d'fhoilsigh an Institiúid um Éiceolaíocht agus Bainistiú an Chomhshaoil (CIEEM) treoirlínte athbhreithnithe maidir leis an measúnacht tionchair éiceolaíochta i mí Mheán Fómhair 2018 (CIEEM, 2018). Forbraíodh an chaibidil ar bithéagsúlacht den TMTT nuashonraithe maidir leis an gcur chuige a leagtar amach sa dá shraith treoirlínte agus tá sí comhsheasmhach leo.

Foilsíodh na pleananna nua nó nuashonraithe seo a leanas, atá ábhartha maidir leis an mbeartas bithéagsúlachta ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, ó mhí Mheán Fómhair 2022:

- a) *4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht na hÉireann 2023–2030*
- b) *Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029*
- c) *Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chathair na Gaillimhe 2014-2024*
- d) *Plean Limistéir Áitiúil na nArdán 2018-2024*
- e) *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028*
- f) *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022*
- g) *Plean Bithéagsúlachta TII 2023*
- h) *Plean um Thírdhreach TII 2023*

Comhlánaíonn an Tionscadal beartaithe Plean Bithéagsúlachta TII 2023 agus Plean um Thírdhreach TII 2023.

8.1.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Leathnaíodh an liosta láithreán Eorpach a breithníodh mar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíochta sa mheasúnacht bithéagsúlachta ó SAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe chun ailíniú leis an measúnacht a cuireadh i láthair sa NIS nuashonraithe. Cuireadh na láithreáin Eorpacha breise seo a leanas san áireamh sa mheasúnacht (féach Cuid 9 den tuarascáil seo chun tuilleadh sonraí a fháil): SAC Thalamh Féaraigh Ard Raithin, SAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, SAC Thurlach Chill Tiarnáin, SAC Choimpléasc Loch Fionngheal, SPA Thurlach Ráth Asáin, SAC Thurlach Ráth Asáin, SPA Riasc Chreig Eanaigh, SAC Shléibhte Mhám Toirc, SAC Bheanna Beola/Choimpléasc an Gharráin, SAC Choimpléasc Phortach Chonamara, SPA Choimpléasc Phortach Chonamara, SAC Loch agus Choillte an Rois, SAC Choimpléasc Oirthear Bhoirne, SAC Shliabh Mhóinín, SAC Choimpléasc Shléibhín-Pholl Salach, SAC Chosán Aolchloiche Ghort na nDarach, SAC Árann agus SAC Chuan agus Oileán Chill Chiaráin.

Trí láithreáin Eorpacha bhreise a chur isteach sa mheasúnacht, agus leis na conairí tionchair bhreise a measadh sa NIS nuashonraithe, tá na láithreáin pNHA bhreise seo a leanas ionchorpraithe sa mheasúnacht bithéagsúlachta anois mar Phríomhghabhóirí Éiceolaíochta: pNHA Coill Na bhForbach, pNHA Thurlaigh Chill Tulach, pNHA Loch Bhaile Uí Chuirc, pNHA Coimpléasc Portaigh Chonamara, pNHA Coill Droma Chong, pNHA Loch agus Coill an Rois, pNHA Coimpléasc Cheann Boirne-Pholl Salach, pNHA Coimpléasc Loch Fionngheal, pNHA Thurlaigh Ráth Asáin, pNHA pábháil aolchloiche Ghort na nDarach, pNHA Shliabh Mhóinín, pNHA Coimpléasc Bhoirne Thoir, pNHA Thurlach Chill Tiarnáin, pNHA Coimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, pNHA Thurlach Corr, pNHA Inis Mór, pNHA Shléibhte Mhám Toirc, pNHA Bheanna Beola/Coimpléasc an Gharráin, pNHA Mhachaire Oileán Maiseán, pNHA Mhachaire Mhaínse, pNHA Mhachaire Fhínse, pNHA Oileán Lachan, pNHA Inis Múscraí, pNHA Chora na hAirde Móire, pNHA Charraig an Iolra, pNHA Oileán na nGeabhróg, pNHA Oileán na nGeabhrog (Carraig Ghlinn Chatha), pNHA Riasc Goirt Chinn Mhara goirt agus pNHA Oileán na nGeabhróg (Illaungurraig).

Go ginearálta, tá dáileadh agus méid na ngnáthóg, agus dáileadh agus flúirse speiceas flóra agus fána, ag teacht go ginearálta leis an gceann a taifeadh roimhe seo chun bonn eolais a chur faoin measúnacht tionchair a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá bhonnlíne na ngnáthóg nuashonraithe agus, go ginearálta, cuimsíonn na hathruithe athruithe measartha beag agus athruithe ionchasacha ranguithe agus méid na ngnáthóg i bhfianaise na tréimhse ceithre bliana idir an suirbhé deireanach ar ghnáthóga in 2019 agus an suirbhé is déanaí in 2023. Tháinig na hathruithe gnáthóige chun cinn mar thoradh ar fhachtóirí lena n-áirítear athrú ar úsáid talún, forbairt nó comharbas nádúrtha. I measc na n-athruithe ar úsáid talún a breathnaíodh bhí déine laghdaithe nó tréigean na bainistíochta talmhaíochta, méadú ar dhianú nó atosú ar úsáid talmhaíochta, agus glanadh fásra (e.g. scrobarnach). Leanann glanadh láithreáin agus gníomhaíochtaí tógála a bhaineann le tionscadail forbartha de bheith ina gcúis le caillteanas gnáthóige leathnádúrtha timpeall imeall Chathair na Gaillimhe. Tá clúdach fásra forbartha go nádúrtha ag limistéir ina raibh talamh lom roimhe seo le himeacht ama agus, áit ina bhfuil bainistíocht talún in easnamh nó laghdaithe go mór, tá féarthailte anois ina bhfásach agus tá méadú tagtha ar an gclúdach de rathneach/scrobarnach, go minic chun dochair don ghnáthóg leathnádúrtha máguaird nó faoi iamh. Déantar cur síos ar athruithe i mbonnlíne na ngnáthóg agus taispeántar iad i bhFíoracha 8.20.1 go 8.20.15 agus Fíoracha 8.23.1 go 8.23.15 agus is achoimre é seo a leanas ar roinnt de na príomhathruithe a tharla:

- Páirceanna féaraigh tréigthe nó páirceanna faoi bhainistíocht nach bhfuil chomh dian sin ag forbairt ina ngnáthóg de mhóinéir thirim agus ciumhaiseanna féaraigh (GS2) agus/nó dul faoi chúngú ag rathneach (HD1) nó scrobarnach (WS1)
- Gnáthóga féaraigh nó scrobarnaí ag forbairt, nó foirgnimh/dromchlaí saorga tógtha, ar iar-limistéir de thalamh lom nó athchoilínithe
- Glanadh fásra ag cruthú limistéir nua carta agus lom talún (ED2) nó ag athchoilíniú ar thalamh lom (ED3), nó ag cailleadh limistéir/gnéithe gnáthóige amhail fála sceach (WL1), crannteorainneacha (WL2), féarthailte, coillearnach agus scrobarnach dá bharr
- Caillteanas limistéir bhig de ghnáthóga Iarscríbhinn I – fraochmhánna tirime [4030], fraochmhánna fliucha [4010], féarach cailcreach [6210], pábháil aolchloiche [*8240] agus eanaigh alcaileacha [7230]
- Baineann an limistéar singil is mó d'athrú gnáthóige (c.11.9ha) le hathrangú Chairéal Leacaigh ó chairéal gníomhach (ED4) go cartadh agus talamh lom (ED2) i bhfianaise an ama atá caite ó oibríodh go gníomhach ar an láithreán cairéil an uair dheireanach.
- Rinneadh Abhainn na Gaillimhe a athrangú mar rud a fhreagraíonn d'fhásra Iarscríbhinn I de ghnáthóg uiscí sreafa [3260].
- Tá athrú tagtha ar dháileadh na ngnéithe d'fhuarán cailcreach (FP1) a fhreagraíonn do ghnáthóg Iarscríbhinn I Fuaráin Chlochraithe [*7220] i gCairéal Leacach.

Taifeadh trí speiceas flóra ionracha neamhdhúchasacha breise in 2023, laistigh de limistéar an tsuirbhé ach lasmuigh de theorainn an Mheasúnaithe, agus tá an chéad dá cheann díobh liostaithe ar an Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011: gairleog trí choirnéal *Allium triquetrum*, gunnaire *Gunnera tinctoria* agus gabhrán *Clematis vitalis*.

In 2023 níor taifeadadh aon speiceas plandaí breise atá neamhchoitianta nó faoi chosaint. Mar sin féin, áiríodh na speicis bhreise plandaí seo a leanas mar KERanna sa TMTT nuashonraithe chun ailíniú leis an measúnú a rinne an Éiceolaí a cheap ABP agus a cuireadh i láthair i dTuarascáil Chigire an ABP dar dáta an 20 Meitheamh 2021: Caonach tíme coille *Plagiomnium cuspidatum*, cleitchaonach stríocach níos lú *Plasteurhynchium striatulum*, Súsán Rádalach *Sphagnum affine*, Súsán dearg *Sphagnum capillifolium*, ceadharlach Bealtaine *Gentiana verna*, gobsheisc *Rhynchospora fusca*, féar raithní *Catapodium rigidum*, Glanrosc *Euphrasia arctica* Coirce clúmhaich *Avenula pubescens*

Tá dáileadh na bpoll dobharchú agus na gníomhaíochta i gcomhréir leis an gceann a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá líon na speiceas ialtóg atá i láthair, agus a ndáileadh ar fud limistéar an tsuirbhé, ag teacht leis an gceann a foilsíodh in 2018. Rinneadh mionathruithe ar shuíomh farái ialtóg agus ar chomhdhéanamh na speiceas agus ar an líon a bhí ina gcónaí ann. Tá cur síos ar na hathruithe seo i gCuid 8.3.7.2 de Chaibidil 8 den TMTT nuashonraithe agus i gCuid 5.2 den Iarratas ar Cheadúnas Maolaithe Ialtóg san áireamh in Aguisín A.8.25 Cuid 2 in imleabhar 3 don TMTT nuashonraithe.

Tá dáileadh na gníomhaíochta broic ag teacht leis an gceann a cuireadh i láthair in TMTT 2018. Taifeadadh seacht mbrocach bhreise in 2023; níl aon cheann acu suite laistigh de theorainn an Mheasúnaithe.

Tá laghdú tagtha ar dháileadh agus ar mhéid na ngnáthóg oiriúnach do fhritileán réisc laistigh de theorainn an Mheasúnaithe in 2023, agus i gcóngarach di, i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Taifeadadh sé speiceas éan geimhrithe bhreise is mó a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh agus a mheastar a bheith ina bPríomhghabhdóirí Éiceolaíochta (KERanna)¹⁴, laistigh de limistéar an tsuirbhé éan geimhrithe idir 2022 agus 2024: gadual, éigrit bheag, cearca fraoigh, deargán sneachta, feadóg chladaigh agus an eala ghlórach.

Taifeadadh ceithre speiceas éan goir breise a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh agus a mheastar a bheith ina bPríomhghabhdóirí Éiceolaíochta (KERanna)¹⁵, laistigh de limistéar an tsuirbhé in 2023: faoileán bán, éigrit bheag, naoscach agus gealbhan crainn.

Níor deimhníodh aon suíomhanna pórúcháin scréachóige reilige breise in 2023 ach deimhníodh dhá shuíomh nua fostaithe, neamhphórúcháin. Níl ach ceann amháin díobh sin cóngarach don Tionscadal, i limistéar Dhabhach Uisce/na nArdán/Ros Cam.

Deimhníodh go háitiúil in 2023 go raibh suíomh neadaithe fabhcún gorm breise ann. Tá suíomh na neide suite lastuaidh de Bhearna ach tá sé lasmuigh de chrios tionchair an Tionscadail.

Tá an bhonnlíne maidir le héisc comhsheasmhach leis an gceann a cuireadh i láthair in TMTT 2018, cé is moite den speiceas ionrach diúilicíní riabhacha in Abhainn na Gaillimhe agus ag Lochanna Chúil Aodha, agus brath eascanna i Loch an Dúlaigh trí theicnící samplála eDNA a úsáid in 2023.

Tá an bhonnlíne maidir le gliomach fionnuisce ar a bhfuil crúba bána, an diúilicín péalra fionnuisce, an chearc fhraoigh, an creabhar, an frog coiteann, an t-earc sléibhe agus an t-earc luachra ag teacht leis an gceann a cuireadh i láthair in TMTT 2018; ag tabhairt faoi deara gur taifeadadh líon níos mó d'earc luachra in 2023 i gcomparáid le 2015, agus thar líon níos mó suíomhanna suirbhé, lena n-áirítear soir ó Abhainn na Gaillimhe áit nár taifeadadh an t-earc luachra in 2015.

8.1.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chuimsiú lena n-áirítear mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón

¹⁴ Leasanna Caomhantais Speisialta (SCInna), do líon geimhrithe, de SPAnna in aice láimhe, speicis atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (2008/144/CE), agus/nó speicis Dearga agus Ómra atá liostaithe dá líonta geimhrithe ó *Birds of Conservation Concern in Ireland 4: 2020–2026* (Gilbert *et al.* 2020)

¹⁵ Leasanna Caomhantais Speisialta (SCInna), do líon pórúcháin, de SPAnna in aice láimhe, speicis atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE), agus/nó speicis Dearga agus Ómra atá liostaithe dá líonta pórúcháin ó *Birds of Conservation Concern in Ireland 4: 2020–2026* (Gilbert *et al.* 2020)

mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile, agus an mheasúnacht a rinne an Cigire arna cheapadh ag an mBord Pleanála (ABP) dar dáta an 22 Meitheamh 2021¹⁶.

Cé gurbh éigean roinnt nuashonruithe beaga a dhéanamh ar an measúnacht tionchair mar gheall ar na hathruithe bonnlíne, chun na difríochtaí taifeadta maidir le bonnlíne na bithéagsúlachta idir 2018 agus 2024 a chlárú, níl na nuashonruithe bonnlíne sin ábhartha agus ní imríonn siad tionchar ar chonclúidí na measúnachta tionchair.

Mar a luadh thuas i gCuid 6.1.2, cuireadh láithreáin pNHA bhreise isteach mar KERanna agus ionchorpraíodh na láithreáin sin sa mheasúnacht tionchair agus tá siad i mbaol éifeachtaí suntasacha dóchúla.

8.1.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe nuashonraithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a ionchorprú ar fud an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais mar fhreagra ar cheisteanna a d'iarr an Bord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile agus lena n-áirítear freisin, de réir mar is cuí, bearta maolaithe molta ag an Dr Arnold, an t-éiceolaí arna cheapadh ag an mBord Pleanála (do bhithéagsúlacht sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta atá i gceangal (mar Aguisín 4) le Tuarascáil Chigire an ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021 agus ar ghlac Cigire ABP léi).

D'fhág na nuashonruithe beaga ar an measúnacht tionchair de bharr na dtorthaí bonnlíne nuashonraithe, agus conclúidí na measúnachta tionchair nuashonraithe, nach ndearnadh aon athruithe ábhartha ar an straitéis maolaithe.

8.1.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraítear conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaigh mar gheall ar na hathruithe ar an straitéis maolaithe.

8.1.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Tá an mheasúnacht tionchair charnagh tugtha cothrom le dáta, féach Cuid 8.8 de Chaibidil 8 den TMTT nuashonraithe, agus Cuid 19.5 de Chaibidil 21 den TMTT nuashonraithe chun tionscadail nua bheartaithe nó gheallta a ghabháil ó cuireadh an éisteacht ó bhéal i gcrích in 2020. Le cur i bhfeidhm na mbearta maolaithe sonraithe, ní chuireann na tionscadail bhreise nua atá beartaithe agus geallta athrú ar an measúnacht ar éifeachtaí suntasacha iarmharacha dóchúla an Tionscadail ar an mbithéagsúlacht mar atá leagtha amach i gCuid 8.7 de Chaibidil 8 den TMTT nuashonraithe.

8.1.8 Conclúid

Cé gur tháinig athrú beag ar an mbonnlíne bithéagsúlachta ó 2018, is beag athruithe atá i gceist, ar aon dul leis an méid a mbeifí ag súil leis nó a mbeifí ag súil leis in 2018, agus tá an bhonnlíne bithéagsúlachta foriomlán ag teacht go ginearálta leis an gceann a taifeadadh in 2018.

Ní raibh aon tionchar ábhartha ag na hathruithe bonnlíne ar an measúnacht tionchair ná ar a chonclúid, ná ar an straitéis maolaithe don Tionscadal.

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair agus an straitéis maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a ionchorprú le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta a rinne an Dr Arnold agus atá i gceangal (mar Aguisín 4) le Tuarascáil Chigire an ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021 agus glactha ag Cigire ABP.

Tríd is tríd, tá tionchair iarmharacha an Tionscadail comhsheasmhach leo siúd a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tá mionathruithe déanta ar na limistéir de chineálacha gnáthóg atá á gcailliúint, agus is dócha go mbeidh tionchar iarmharach suntasach breise ar an scréachóg reilige ag an scála geografach áitiúil. Chomh

¹⁶ Tuarascáil an Chigire (2021) ABP-302885-18 & ABP302848-18 agus Aguisín 4: Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta, Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, Don Bhord Pleanála, Tag. ABP ABP-302848-18, ABP302885-18, Uimh. an Tionscadail: IABP106/002 (2020), arna hullmhú ag Richard Arnold as Thomson Environmental Consultants

maith leis sin is dócha go mbeidh tionchar iarmharach suntasach breise ar Shúsán rádalach *Sphagnum affine* ag an scála geografach náisiúnta, Caonach tíme coille *Plagiomnium cuspidatum*, cleitchaonach stríocach níos lú *Plasteurhynchium striatulum* agus Súsán dearg *Sphagnum capillifolium* ag scála geografach an chontae, agus Glanrosc ag scála geografach áitiúil.

8.2 Ithreacha agus Geolaíocht

8.2.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlinnte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis a bheidh in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcaibidil ithreacha agus geolaíochta den TMTT nuashonraithe agus nuashonraíodh í chun an méid thuas a chur san áireamh agus is éard atá i gceist le nuashonrú na bpríomhathruithe ar an gcaibidil ón TMTT 2018:

- an mhodheolaíocht chun treoirlinnte nuashonraithe a chur san áireamh
- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, etc., a chur san áireamh, nuashonraithe do Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus do Phlean Forbartha Chuntas na Gaillimhe, etc.
- measúnú ar an éifeacht ar ghnéithe geolaíochta a bhfuil tábhacht leo, amhail measúnú níos mionsonraithe ar an ithir i gcomhréir le Straitéis Ithir an AE do 2030.
- na hagusáin agus na figiúirí a bhaineann le Caibidil 9
- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh
- Maidir le héifeachtaí iarmharacha suntasacha ithreacha agus geolaíochta, deimhníonn an TMTT nuashonraithe seo éifeacht iarmharach shuntasach/mheasartha bhreise nua amháin mar gheall ar chailliúint cion den Láithreán Oidhreacht Geolaíochta (GC001) Gearradh Bóthair N6 Dabhach Uisce. Tá sé seo sa bhreis ar an tionchar iarmharach suntasach/measartha gan athrú ar phábháil aolchloiche.

8.2.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad?

Tá, ó cuireadh isteach TMTT 2018 mar chuid den iarratas in 2018, freagairt IFB a cuireadh isteach in 2019, agus tabhairt chun críche na hÉisteachta ó Bhéal in 2020, d'fhoilsigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) treoirlinnte nuashonraithe a tugadh cothrom le dáta agus an TMTT nuashonraithe á ullmhú mar a leanas:

- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2022) Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports (Bealtaine 2022) (Treoirlinnte EPA)

Mar thoradh ar an treoir nua sin, tagraíonn an measúnú ithreacha agus geolaíochta anois d'éifeachtaí seachas do thionchair. Tá cur síos nuashonraithe ar éifeachtaí curtha ar fáil i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe, de réir threoirlinnte thuas EPA, agus ionchorpraíodh é sa mhodheolaíocht measúnaithe Ithreacha agus Geolaíochta. Mar sin féin, níl aon bhreiseanna sonracha le treoirlinnte nuashonraithe EPA as a dtagann athruithe suntasacha ar an modheolaíocht measúnaithe ithreacha agus geolaíochta atá sa TMTT nuashonraithe.

Nuashonraíodh an mhodheolaíocht measúnaithe ithreach agus geolaíochta freisin chun an éifeacht ar shláinte barrithreach de bharr gníomhaíochtaí tochailte a áireamh.

8.2.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis staidéir deisce bonnlíne réigiúnach agus áitiúil ar fad a bhí ar fáil chun eolas a thabhairt do na nithe seo a leanas:

1. Timpeallacht bhonnlíne ithreacha agus gheolaíochta réigiúnach agus áitiúil a chinneadh ó Mhárta 2025 don limistéar staidéir ithreacha agus geolaíochta.
2. Chun a chinneadh an bhfuil aon athruithe bonnlíne tarlaithe ó 2018 i leith.

Áiríodh le bailiú sonraí bonnlíne réamhshuirbhé láithreán i mí Iúil 2024, mar a leagtar amach i gCuid 9.2.4.3 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe. Tugadh faoi imscrúdú talún a bhaineann go sonrach leis an láithreán freisin chun eolas a thabhairt don mheasúnú ithreacha agus geolaíochta ar na stáblaí sealadacha atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a leagtar amach thuas, sainithníodh agus rinneadh measúnú ar na hathruithe bonnlíne seo a leanas i gCaibidil 9 den TMTT nuashonraithe:

- Sil-leagan ithreacha locha a aithníodh i gcóngarachacht Ráschúrsa na Gaillimhe agus tagairt dó i dTábla 9.8 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe.
- Gné lena mbaineann tábhacht ard don bharrithir agus don mhóin, mar a léirítear i dTábla 9.8 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe.
- Tar éis Suirbhé Carst Hidrigeolaíoch in 2024, ní féidir na gnéithe carstacha seo a leanas a fháil a thuilleadh: K158, K161, K166, K176, K178, K180 agus K181. Tá Tábla 9.10 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe tugtha cothrom le dáta chun an toradh seo a léiriú.
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (2022-2028) agus ar bheartas ábhartha Oidhreacht agus Bithéagsúlachta (NHB 5) agus ar bheartais Láithreáin Gheolaíochta.
- Nuashonruithe agus leasuithe ar na Limistéir Oidhreacht Geolaíochta laistigh den limistéar staidéir chun cuntas a thabhairt ar nuashonruithe ar Chlár Oidhreacht Geolaíochta na hÉireann, mar a shonraítear thíos agus a leagtar amach i dTábla 9.14 i gCaibidil 9 den TMTT nuashonraithe:
 - Baint de bhruth-ionsánna (GHA06) i gCuid 1.
 - Loch Coirib (GY093) (Suíomh Geolaíochta Contae molta do NHA Geolaíochta) a chur leis i gCuid 2.
 - Cairéal Cloch Bhóthair (GHA01) a leasú go dtí Cairéal Chlaí an Dá Mhíle (GY132) i gCuid 3
 - Gearradh Bóthair nua-shainithe N6 Dhabhach Uisce (GC001) (Suíomh Geolaíochta Contae) a chur leis i gCuid 4.

8.2.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Athraíonn, tá na hathruithe ar an mbonnlíne tar éis conclúidí na measúnachta tionchair a athrú do na gnéithe seo a leanas:

- Mar gheall ar ghné lena mbaineann tábhacht ard don bharrithir agus don mhóin araon, déantar measúnacht tionchair níos mionsonraithe a bhaineann le barrithir agus tionchar nua a bhaineann le móin.
 - Barrithir: Cé gur sainithníodh sa mheasúnú a rinneadh do TMTT 2018 go bhféadfadh tionchar féideartha a bhaineann le comhbhrú foshraitheanna agus cailliúint talún talmhaíochta a bheith i gceist, soláthraíonn an TMTT nuashonraithe measúnú níos mionsonraithe ar ithir i gcomhréir le Treoir an AE maidir le Monatóireacht agus Athléimneacht Ithreach, go sonrach i dtéarmaí laghdú féideartha ar cháilíocht barrithreach, creimeadh, balcadh, séalú agus cailliúint na gné. Tá tábhacht measartha / beag ag na héifeachtaí seo go léir (roimh bhearta maolaithe).
 - Móin: Déantar caillteanas nó damáiste móna a mheas anois agus sanntar suntas measartha / beag dó.

- Mar thoradh ar bhaint gnéithe carstacha K158, K161, K166, K176, K178, K180 agus K181 laghdaítear na tionchair i gcomparáid le TMTT 2018.
- Tá measúnú déanta anois ar láithreán oidhreachta geolaíochta nua (GC001 – Gearradh Bóthair N6 Dhabhach Uisce) ó TMTT 2018. Beidh caillteanas nó damáiste ar chuid den Limistéar nua Oidhreachta Geolaíochta seo mar thoradh ar an Tionscadal, áit a mbeidh tábhacht na héifeachta suntasach / measartha.
- Toisc nach bhfuil aon mhóroibreacha beartaithe go díreach in aice le nó gar do na Limistéir Oidhreachta Geolaíochta eile, meastar gur diomaibhseach méid na héifeachta caillteanais nó damáiste do chuid de na gnéithe.

Tá na nuashonruithe bonnlíne atá fágtha, mar a chuirtear i láthair thuas i gCuid 6.2.2, ar scála neamhshuntasach chun go mbeidh athrú foriomlán ar an measúnacht tionchair mar thoradh orthu, agus mar sin níl aon athrú ar thorthaí na measúnachta do na gnéithe sin.

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chuimsiú lena n-áirítear mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile.

8.2.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an straitéis maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a ionchorprú, lena n-áirítear aon bhearta maolaithe a mhol ABP mar is cuí, mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Níor sainaithníodh aon bheart maolaithe eile mar chuid den mheasúnú nuashonraithe a chuirtear i láthair sa TMTT nuashonraithe.

I gcás an láithreáin oidhreachta geolaíochta nua (GC001 – Gearradh Bóthair N6 Dhabhach Uisce), tugadh gealltanais do Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) le linn na hÉisteachta ó Bhéal mar a leanas agus tá sé seo san áireamh sa TMTT nuashonraithe:

- Sula ndéanfar codanna den aghaidh charraige nochta atá ann cheana féin a aisliónadh/a bhaint (lena n-áireofaí an gearradh bóthair atá ann cheana féin feadh an N6 i nDabhach Uisce), cuirfidh an Conraitheoir an GSI ar an eolas lena chinntiú gur féidir cuairt suímh a shocrú le haghaidh measúnú ar aghaidh na carraige roimh aisliónadh/bhaint.
- Nuair a cheadaíonn an dearadh é (lena n-áirítear bearta maolaithe comhshaoil, riachtanais sábháilteachta agus srianta innealtóireachta), déanfar gearrthóga suntasacha buncharraige a dhearadh le go bhfanfaidh siad infheicthe. I gcás nach féidir é sin a bhaint amach, déanfaidh an Conraitheoir taifid fhótagrafacha dhigiteacha de thochailtí suntasacha nua a thaifeadh agus/nó éascóidh an Conraitheoir cuairteanna ón GSI.

8.2.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon athruithe ar an measúnú tionchair iarmharaigh mar thoradh ar an straitéis maolaithe reatha, lena n-áirítear aon bhearta maolaithe a mholann seachtháirgí ainmhithe de réir mar is cuí. Mar sin féin, tá athruithe ar an measúnú tionchair iarmharaigh mar gheall ar éifeachtaí nua a áireamh.

I gcás na n-éifeachtaí a bhaineann leis an mbarrithir agus leis an móin, beidh tionchar iarmharach measartha/beag mar thoradh ar bhearta maolaithe a leagadh amach in TMTT 2018, freagairt IFB a cuireadh isteach in 2019 agus na gealltanais chomhaontaithe comhshaoil ón Éisteacht ó Bhéal in 2020, agus aon bhearta maolaithe a mholann ABP de réir mar is cuí.

I gcás na n-éifeachtaí a bhaineann leis an Limistéar Oidhreachta Geolaíochta nua (GC001 – Gearradh Bóthair N6 Dhabhach Uisce), beidh tionchar iarmharach measartha/beag mar thoradh ar bhearta maolaithe a leagadh amach in TMTT 2018, freagairt IFB a cuireadh isteach in 2019 agus na gealltanais chomhaontaithe comhshaoil ón Éisteacht ó Bhéal in 2020, agus aon bhearta maolaithe a mholann ABP de réir mar is cuí.

8.2.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Tá, beidh tionchar carnach suntasach / measartha ar an gCeantar Oidhreacht Geolaíochta nua (GC001 – Gearradh Bóthair N6 Dhabhach Uisce).

8.2.8 Conclúid

Tá an measúnú ithreacha agus geolaíochta tugtha cothrom le dáta ó TMTT 2018. Tá treoirlínte nuashonraithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an bhfaisnéis atá le cur san áireamh in TMTT sa mheasúnú nuashonraithe ithreacha agus geolaíochta.

Mar thoradh ar athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá ar fáil rinneadh nuashonrú ar an mbunlíne ó TMTT 2018 lena n-áirítear Ceantar Oidhreacht Geolaíochta nua amháin a shainaithint (GC001 – Gearradh Bóthair N6 Dhabhach Uisce). Beidh caillteanas nó damáiste ar chuid den Limistéar nua Oidhreacht Geolaíochta seo mar thoradh ar an Tionscadal. In ainneoin go gcuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear aon bhearta maolaithe a mholann ABP mar is cuí, fanfaidh an tábhacht iar-mhaolaithe suntasach/measartha.

8.3 Hidrigeolaíocht

8.3.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Rinneadh an chaibidil Hidrigeolaíochta den TMTT nuashonraithe a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an méid thuas a chur san áireamh agus áirítear na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, etc. a chur san áireamh
- na fíoracha agus na hagusiní chun léiriú a thabhairt ar na sonraí agus ar an measúnacht nuashonraithe
- leis na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh lena n-áirítear go háirithe an Tuarascáil Hidrigeolaíochta ón Uasal Dodds agus atá i gceangal (mar Aguisín 5) le Tuarascáil Chigire an ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021

8.3.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT¹⁷. Ní athraíonn aon cheann de na nuashonruithe ar na treoirlínte seo an treoir agus na caighdeáin don mhodheolaíocht a úsáidtear don mheasúnacht tionchair hidrigeolaíochta. Tá dhá rátáil bhreise san áireamh i dtreoirlínte EPA (2022) agus tá siad ionchorpraithe agus ailínithe leis an TMTT nuashonraithe seo. Ní athraíonn na rátálacha breise seo an mhodheolaíocht. Ina theannta sin, níl aon bhreiseanna sonracha eile ann leis na treoirlínte nuashonraithe lena n-athraítear an mhodheolaíocht agus na caighdeáin a úsáidtear in TMTT 2018.

8.3.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Cé nár tháinig aon athrú ar an timpeallacht fhisiciúil bhonnlíne ar aon bhealach ábhartha, imlíníonn an méid seo a leanas faisnéis nua atá tagtha chun cinn, athruithe ar mhapáil gnéithe agus staidéir nua a cuireadh i gcrích chun an riocht bonnlíne a dhearbhu.

Tá athbhreithniú déanta ar na sonraí atá ar fáil agus rinneadh monatóireacht ar screamhuisce chun a mheas an bhfuil aon athruithe ó 2018 ar na coinníollacha bonnlíne nó ar na gnéithe hidrigeolaíocha tábhachtacha.

¹⁷ EPA (2022) [Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports \(EIAR\)](https://www.epa.ie/publications-and-resources/reports/other-reports-and-publications/Environmental-Impact-Assessment-Reports-2022/) (epa.ie)

Áiríodh sa staidéar deisce athbhreithniú ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí ó chomhlachtaí reachtúla chomh maith le grianghraif ón aer agus suirbhéanna a rinne Arup le déanaí laistigh den limistéar staidéir.

Is comhlachtaí reachtúla iad an EPA¹⁸, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI)¹⁹ agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)²⁰ a nuashonraíonn tacair sonraí hidrigeolaíochta atá ar fáil go poiblí in Éirinn. Úsáidtear na sonraí seo chun an tuiscint choincheapúil ar na coinníollacha hidrigeolaíochta bonnlíne a fhorbairt.

- Áiríonn sonraí an EPA sonraí maidir le cáilíocht agus cainníocht screamhuisce (lena n-áirítear soláthairtí screamhuisce), a úsáidtear chun stádas na Creat-Treorach Uisce (WFD) a chinneadh do gach dobharlach screamhuisce. Déantar na sonraí seo a nuashonrú go leanúnach de réir mar a bhíonn sonraí amshraitheanna ar fáil. Sainíonn an EPA stádas dobharlach screamhuisce do gach timthriall sé bliana den WFD.
- Áirítear le tacair shonraí an GSI léarscáileanna de thoibreacha agus fuaráin, gnéithe carst, leochaileacht screamhuisce, uiscígh, tuilté screamhuisce agus geolaíocht. Rinne an GSI nuashonrú ar na tacair sonraí seo le déanaí in 2023.
- Áirítear le sonraí OPW sonraí leibhéil an uisce agus cáilíocht uisce le haghaidh sruthchúrsaí. Déantar na sonraí seo a nuashonrú go leanúnach de réir mar a bhíonn sonraí amshraitheanna ar fáil.

Rinneadh athbhreithniú ar shonraí nuashonraithe an EPA, GSI agus OPW agus nuashonraíodh an bhonnlíne nuair is gá chun eolas a thabhairt don TMTT nuashonraithe.

Sainaithníodh seacht dtobar screamhuisce bhreise ó TMTT 2018, ar aithníodh cúig cinn acu le linn éisteacht ó bhéal 2020, agus déantar measúnú orthu go léir sa TMTT nuashonraithe.

Tá torthaí na n-imscrúduithe talún a rinneadh ag Ráschúrsa na Gaillimhe in 2024 ionchorpraithe sa bhonnlíne nuashonraithe freisin. Áiríodh leis an imscrúdú talún seo suirbhéanna geoifisiceacha, druileáil tobair screamhuisce, tomhais leibhéil screamhuisce agus suirbhéanna ar ghnéithe carst. Dheimhnigh na measúnuithe seo na nithe seo a leanas:

- Gné charst bhreise amháin i mbunachar sonraí carst an tionscadail, poll fáinleog 65m lastuaidh de chaisleán Bhaile an Bhriotaigh laistigh den ráschúrsa. Áiríodh an breisiú seo i mbunachar sonraí carst an tionscadail agus cuireadh san áireamh é sa mheasúnú hidrigeolaíochta a cuireadh i láthair sa TMTT nuashonraithe.
- D'aithin an suirbhé geoifisiceach pailéa-chainéil dhomhain inlíonta carst a shíneann thoir-thiar trasna limistéar thiar an ráschúrsa agus logán inlíonta i lár an ráschúrsa. Deimhníodh é sin le druileáil laistigh de na pailéa-chainéil seo. Aithníodh é seo sa TMTT 2018 agus deimhníodh é le linn shuirbhéanna 2024.
- D'aithin an druileáil tobair thrialach (TW101) cuas carst (5m ar airde) suite ag doimhneacht 220mbgl.
- Dheimhnigh monatóireacht ar na toibreacha trialacha domhain (TW101 agus TW103) go raibh maoschlár domhain (45mbgl) ann agus dheimhnigh monatóireacht ar na tollphoill níos éadoimhne (BH01, BH02 agus BH03) maoschlár fara éadomhain suite ag an gcomhéadan fo-ithreach/buncharraige.

Tugtar sonraí breise thíos faoi na tacair shonraí sin a cuireadh san áireamh sa bhonnlíne, ina measc tá:

1. dobharlaigh screamhuisce
2. soláthairtí screamhuisce
3. gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce
4. tuilté screamhuisce

¹⁸ EPA (2024) Breathnóir Sonraí, ar fáil: [Léarscáileanna EPA](#)

¹⁹ GSI (2023) Breathnóir Sonraí screamhuisce, ar fáil: [Acmhainní Spáis Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann \(arcgis.com\)](#)

²⁰ OPW (2023) Breathnóir Sonraí, ar fáil: [maps.opw.ie](#)

5. gnéithe carst
6. cáilíocht agus leibhéal screamhuisce

8.3.3.1 Stádas dobharlach screamhuisce

Tá an dara sraith de stádas na Creat-Treorach Uisce (WFD) tugtha chun críche don tréimhse 2016-2021. Mar sin féin, níor tháinig aon athrú ar stádas WFD na ndobharlach screamhuisce atá san áireamh in TMTT 2018 ón gcéad timthriall WFD idir 2013-2018 agus an dara timthriall idir 2016-2021, arb é an timthriall is déanaí a bhfuil stádas sainithe dó. Sa dá thimthriall rangaíodh na dobharlaigh screamhuisce mar dhea-stádas.

Tá measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an N6 GCRR atá beartaithe ar stádas WFD na ndobharlach screamhuisce san áireamh sa TMTT nuashonraithe.

8.3.3.2 Soláthairtí screamhuisce

Coinníonn an EPA Clár Astarraingtí Uisce d'astarraingtí screamhuisce de níos mó ná 25m³ in aghaidh an lae faoi na Rialacháin um Astarraingt Uisce (S.I. 261 de 2018). Ní raibh an clár seo ar fáil in 2018 ach d'fhoilsigh an EPA é ina dhiaidh sin.

Bunaithe ar athbhreithniú ar chlár an EPA, cuireadh dhá astarraingt screamhuisce tráchtála breise leis an mbunachar sonraí tionscadail (W50-21 agus W50-22 léirithe i bhFíor 10.5.001 agus 10.5.002 d'Imleabhar 3 den TMTT i gCuid VI den Fhreagra IFB seo). Tá an dá astarraingt seo i láthair ar chlár reatha an EPA a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023 laistigh den limistéar staidéir nárbh eol roimhe sin agus nach raibh san áireamh in TMTT 2018 nó a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal in 2020. Ní bheidh tionchar ag an Tionscadal ar cheachtar den soláthar.

Sainaithníodh cúig thobar bhreise faoi dheireadh na héisteachta ó bhéal, is iad sin W50-16, W50-17, W50-18, W50-19 agus W50-20.

8.3.3.3 Gnáthóga a Bhraitheann ar Screamhuisce

Bunaithe ar shuirbhéanna gnáthóige 2023, sainaithníodh na hathruithe seo a leanas ar na gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce:

- Gnáthóg bhreise Iarscríbhinn I atá suite taobh amuigh de na láithreáin Eorpacha ag Knocknabrona (Ch. 7+700 go Ch. 7+750)
- Méideanna gnáthóg Iarscríbhinn I ag trí shuíomh, is iad sin na Foráí Maola Thiar (Ch. 0+650 go Ch. 0+750), an Aill (Ch. 3+600 to Ch. 3+850) agus Baile na mBúrcach (Ch. 4+650 to Ch. 4+800), tá siad athraithe
- Aithníodh trí fhuarán clochraithe nua bhreise i gCairéal Leacaigh agus tá trí fhuarán clochraithe, a rangaíodh mar fhuaráin chlochraithe in TMTT 2018, dí-aicmithe.
- Sainaithníodh ceithre láithreán bogaigh bhreise nach bhfuil in Aguisín I ar Bhataolít Eibhear na Gaillimhe, is iad sin an Baile Nua (Ch. 0+150), na Foráí Maola Thoir (Ch. 1+150), Bearna (Ch. 3+100 agus Ch. 3+400), Knocknabrona (Ch. 7+850 go Ch. 8+150)
- Aithníodh dhá fhuarán chailcreacha/úscaíl nua neamh-Iarscríbhinn I i gCairéal Leacaigh

Rinneadh measúnú ar na nithe thuas go léir mar chuid den TMTT nuashonraithe.

8.3.3.4 Tuilté Screamhuisce

Tá léarscáileanna tuilté screamhuisce forbartha ag an GSI, a foilsíodh den chéad uair in 2020 agus atá nuashonraithe ó 2022 i leith²¹. Tá na léarscáileanna dóchúlachta tuilté bunaithe ar thomhais allamuigh, íomhánna satailíte agus samhlacha hidreolaíocha. Tá na léarscáileanna tuilté stairiúla bunaithe ar shonraí allamuigh, ar ghrianghrafadóireacht agus ar thaifid san am atá thart.

²¹ GSI (2022) Breathnóir Sonraí Tuilté Screamhuisce, ar fáil: [Acmhainní Spáis Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann \(arcgis.com\)](https://arcgis.com)

Léiríonn na léarscáileanna tuilte screamhuisce limistéar ina bhfuil dóchúlacht ard tuilte screamhuisce thart ar Loch an Dúlaigh agus laistigh de lorg N6 GCRR atá beartaithe, áit a mbeidh an bóthar ar chlaifort.

8.3.3.5 *Gnéithe Carst*

Áiríodh in TMTT 2018 116 gné charst laistigh den limistéar staidéir bunaithe ar staidéar deisce ar shonraí atá ar fáil go poiblí (bunachar sonraí GSI) agus ar cheistiú sonraí lidar. Deimhníodh na gnéithe sin ansin le linn réamhshuirbhéanna láithreán. Tar éis Suirbhé Carst Hidrigeolaíoch in 2024, deimhníodh gné charst bhreise amháin (K328) agus cuireadh san áireamh é ar bhunachar sonraí carstanna an GSI sa limistéar staidéir. Tá gné K328 san áireamh i mbunachar sonraí carst a chuirtear i láthair in Aguisín [A.10.2](#) in Imleabhar 4 den TMTT nuashonraithe i gCuid VI den Fhreagra IFB seo.

8.3.3.6 *Cáilíocht agus leibhéal screamhuisce*

Rinneadh monatóireacht ar cháilíocht screamhuisce i ngach tobar a sampláladh roimhe seo idir 2015 go 2018 agus idir Eanáir 2024 agus Iúil 2024 chun bonn eolais a chur faoin TMTT nuashonraithe. Cloíonn an tacar sonraí samplála nuashonraithe cáilíochta uisce seo leis na sonraí maidir le cáilíocht an uisce a cuireadh i láthair in TMTT 2018 agus aontaítear leis na conclúidí hidrigeolaíocha ag an am sin.

Rinneadh monatóireacht ar leibhéal screamhuisce freisin i dtoibreacha a sampláladh le haghaidh anailísí ar cháilíocht an uisce idir Samhain 2023 agus Iúil 2024. Tá torthaí na monatóireachta seo ar aon dul leis na sonraí a bailíodh idir 2015 – 2018. Tá na buaicleibhéil screamhuisce de Nollaig 2015/Eanáir 2016 a cuireadh i láthair in TMTT 2018 fós bailí agus ailínithe le tacair sonraí Oifig na nOibreacha Poiblí (2001-2024) a léiríonn buaicleibhéil in Abhainn na Gaillimhe a tharla Nollaig 2015/Eanáir 2016.

8.3.3.7 *Suirbhéanna Bonnlíne*

Tá an mhodheolaíocht agus na caighdeáin a úsáidtear in TMTT 2018 fós bailí. Tugtar faoi deara gur sainaitníodh gabhdóirí hidrigeolaíochta breise ó TMTT 2018, Freagra IFB 2019 agus ón éisteacht ó bhéal a reáchtáladh in 2020 mar seo a leanas:

- Dhá thobar screamhuisce nua W50-21 agus W50-22.
- Gné charst amháin nua K328
- Gnáthóg bhreise Iarscríbhinn I atá suite taobh amuigh de na láithreáin Eorpacha ag Knocknabrona (Ch. 7+700 go Ch. 7+750)
- Méideanna gnáthóg Iarscríbhinn I ag trí shuíomh, is iad sin na Foráí Maola Thiar (Ch. 0+650 go Ch. 0+750), an Aill (Ch. 3+600 to Ch. 3+850) agus Baile na mBúrcach (Ch. 4+650 to Ch. 4+800), tá siad athraithe
- Aithníodh trí fhuarán clochraithe nua bhreise i gCairéal Leacaigh agus tá trí fhuarán clochraithe, a rangáíodh mar fhuaráin chlochraithe in TMTT 2018, dí-aicmithe.
- Sainaitníodh ceithre láithreán bogaigh bhreise nach bhfuil in Aguisín I ar Bhataolít Eibhear na Gaillimhe, is iad sin an Baile Nua (Ch. 0+150), na Foráí Maola Thoir (Ch. 1+150), Bearna (Ch. 3+100 agus Ch. 3+400), Knocknabrona (Ch. 7+850 go Ch. 8+150)
- Aithníodh dhá fhuarán chailcreacha/úscaíl nua neamh-Iarscríbhinn I i gCairéal Leacaigh

Tá measúnú orthu seo san áireamh sa TMTT nuashonraithe. Ina theannta sin, tá measúnuithe riosca breise déanta ag comhlachtaí reachtúla (WFD agus tuilte screamhuisce) mar seo a leanas:

- Timthriall 2 na Creat-Treorach Uisce (WFD) 2016-2021
- Measúnuithe léarscáile tuilte screamhuisce GSI 2022 athbhreithnithe

8.3.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin iar-iarratais a chuimsiú lena n-áirítear mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile.

Níor tháinig aon athrú ar chonclúid fhoriomlán na measúnachta tionchair hidrigeolaíochta mar thoradh ar na hathruithe ar an mbonnlíne toisc nach raibh aon athrú sa samhail coincheapúil hidrigeolaíochta do aon cheann de na dobharlaigh sa limistéar staidéar hidrigeolaíochta. Mar sin féin, tháinig athrú ar shuíomh an tionchair ar ghabhdóirí éiceolaíochta atá ag brath ar uisce in áiteanna áirithe mar gheall ar nuashonruithe tar éis suirbhéanna 2023/2024. Tá aird á tabhairt aige seo ar threoir nuashonraithe an EPA um measúnú tionchair, na nuashonruithe tar éis léarscáiliú gnáthóige 2023 agus imscrúduithe talún 2024.

8.3.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an straitéis maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin iar-iarratais a chuimsiú lena n-áirítear mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile lena n-áirítear aon bhearta maolaithe a mholann ABP de réir mar is cuí. Níor sainaithníodh aon bheart maolaithe eile mar chuid den mheasúnú nuashonraithe a chuirtear i láthair sa TMTT nuashonraithe.

8.3.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharáí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon athruithe ar an tionchar iarmharach hidrigeolaíoch mar thoradh ar na nuashonruithe ar an measúnú tionchair agus ar an athbhreithniú maidir leis an straitéis maolaithe a leagtar amach thuas. Mar sin féin, níl sé indéanta íslíú an screamhuisce faoi ghnathóga a bhraitheann ar uisce a mhaolú. Ar an mbonn seo, tá acmhainneacht ann d'éifeacht iarmharach domhain ar chúig ghnáthóg Iarscríbhinn I agus éifeacht iarmharach beag measartha ar cheithre ghnáthóg neamh-iarscríbhinn I.

8.3.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Tá an mheasúnacht tionchair charnagh nuashonraithe chun gach tionscadal pleanáilte agus geallta laistigh den limistéar staidéir a chur san áireamh agus níl aon athrú ar chonclúid iomlán an mheasúnaithe tionchair charnagh nuashonraithe sa gcaoi is go bhfuil sé meáite nach mbeidh tuilleadh méadú ar na héifeachtaí díobhálacha nó diultacha a bhaineann leis an Tionscadal. Tá na carnaithe suntasacha díreacha nó indíreacha dóchúil i gcomhar leis na tionscadail eile atá beartaithe i ndáil le éifeachtaí iarmharacha domhain ar ghnathóga a bhraitheann ar uisce a bhaineann leis an Tionscadal.

8.3.8 Conclúid

Nuashonraíodh an measúnú hidrigeolaíochta chun na toibreacha screamhuisce breise agus an ghné carst bhreise a chur san áireamh chomh maith le measúnuithe WFD do dhobharlach screamhuisce an EPA agus measúnuithe tuilte screamhuisce an GSI. Ionchorpraíonn na nuashonruithe seo gach faisnéis nua atá ar fáil a sainaithníodh ó TMTT 2018, Freagra IFB 2019 agus an éisteacht ó bhéal a reáchtáladh in 2020 agus ó Thuarascáil na gCigirí i mí an Mheithimh 2021.

Níl aon athruithe ar an samhail coincheapúil hidrigeolaíochta mar a chuirtear i láthair é in TMTT 2018. Mar sin féin, tá athrú tagtha ar mhéid agus ar líon ghnáthóg Iarscríbhinn I agus neamh-Iarscríbhinn I a bhfuil tionchar ag an Tionscadal orthu ó TMTT 2018. Is de bharr athruithe ar fhairsinge léarscáilithe na ngnáthóg seo go hiomlán, áit a bhfuil méideanna athraithe nó íosghrádaithe i bpáirt ó Iarscríbhinn I go neamh-Iarscríbhinn I. Athbhreithníodh agus nuashonraíodh an straitéis measúnachta tionchair agus maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chuimsiú, lena n-áirítear mar fhreagra ar cheisteanna a d'iarr an Bord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Tá an mheasúnacht tionchair charnagh nuashonraithe chun aon tionscadail nua atá beartaithe nó geallta laistigh den limistéar staidéir a chur san áireamh agus níl aon athrú ar chonclúid na measúnachta tionchair charnagh sa gcaoi is go bhfuil tionchair dhomhain go carnach a éiríonn ón dTionscadal.

8.4 Hidreolaíocht

8.4.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Rinneadh an chaibidil Hidreolaíochta den TMTT nuashonraithe a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an méid thuas a chur san áireamh agus áirítear ar na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, etc. a chur san áireamh
- Agusín A.11.1 agus Fíoracha shraith 11.1, shraith 11.2, shraith 11.3, shraith 11.4, shraith 11.5, shraith 11.6 agus shraith 11.7 chun athruithe, forbairtí nua, etc., a chur san áireamh,
- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

8.4.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Níl aon athrú ar na treoirlínte agus na caighdeáin a bhaineann le hidreolaíocht ó na cinn a breithníodh in TMTT 2018. Go háirithe, tá dearadh draenála bóthair agus ceanglais an Chórais Draenála Uirbigh Inbhuanaithe maidir le maolú agus cóireáil fós mar a bhí, mar atá treoirlínte pleanála bainistíochta riosca tuile (Samhain 2009). Tá lamháltais agus oiriúnú molta don athrú aeráide maidir le hardú ar leibhéal na mara, lamháltais aeráide tonnta cósta, báisteach agus tuilte abhann agus sreabhadh aimsire tirim fós bailí agus fós gan athrú ó na cinn a breithníodh in TMTT 2018. Tá treoirlínte nuashonraithe foilsithe ag an EPA, agus cuireadh iad sin san áireamh agus an TMTT nuashonraithe á ullmhú mar a leanas:

- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2022) Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports (Bealtaine 2022) (Treoirlínte EPA)

8.4.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Níl aon athrú suntasach tagtha ar an mbonnlíne hidreolaíochta ón gceann a measadh in TMTT 2018. Tá stádas dobharlaigh abhann ón gCreat-Treoir Uisce (WFD) ar fáil anois ar an tríú timthriall is déanaí (2016 go 2021) agus de ghnáth coinníonn sé an measúnú roimhe seo ar dhea-stádas d'Abhainn na Gaillimhe agus do shruthchúrsaí eile. Léiríonn sampláil cháilíocht uisce na ndobharlach nach bhfuil aon athrú suntasach ar chomhdhéanamh ceimiceach i gcomparáid leis an tástáil roimhe seo a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

Tá athrú beag tagtha ar mheastacháin sreafa thomhaiste Abhainn na Gaillimhe ó na cinn a úsáideadh in TMTT 2018 mar gheall ar an imeacht ama ó shin i leith agus freisin mar gheall ar athrú agus nuashonrú ar shonraí sreafa thomhaiste OPW d'Abhainn na Coiribe. Úsáideann sé anois gaol rátála sreafa nua a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí ó 2009 go dtí an lá inniu. Níl aon athrú tagtha ar cháilíocht an uisce agus ar an abhainn screamhuisce, loch, uiscí trasdula agus uiscí cósta i dtéarmaí a stádais cáilíochta agus a leochaileachta riosca.

8.4.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon athrú ábhartha tagtha ar na treoirlínte agus ar na caighdeáin agus ar an mbonnlíne agus níor athraigh siad na conclúidí.

8.4.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an straitéis maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a ionchorprú le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile

8.4.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharáí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon athruithe ar na ceanglais mhaolaithe ag céim na tógála ná ag na céimeanna oibríochtúla thar na cinn a cuireadh i láthair in TMTT 2018 agus ag an éisteacht ó bhéal in 2020 maidir le hidreolaíocht agus riosca tuilte. Mar sin níl aon athruithe ar an tionchar iarmharach.

8.4.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnaigh? Má tá, cén chaoi?

Níl aon athruithe ar an gconclúid ar thángthas air in TMTT 2018, is é sin nach mbeidh aon tionchar carnach suntasach dóchúil idir an N6 GCRR atá beartaithe agus aon tionscadail nua atá beartaithe nó geallta a sainaithníodh ón uasdátú deiridh ar an Measúnacht Tionchair Charnaigh i mí na Samhna 2020. Ina theannta sin, tá go leor de na tionscadail a breithníodh roimhe seo in TMTT 2018 agus sa mheasúnacht tionchair charnaigh nuashonraithe a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal tógtha ó shin agus is cuid den bhonnlíne don Tionscadal iad anois.

8.4.8 Conclúid

Tá an TMTT don N6 GCRR atá beartaithe nuashonraithe chun na coinníollacha bonnlíne hidreolaíocha reatha a léiriú. Níor sainaithníodh aon athruithe ábhartha ar na tionchair ionchasacha, iarmharacha agus charnacha sa TMTT nuashonraithe thar na cinn a cuireadh i láthair in TMTT 2018 agus le linn na héisteachta ó bhéal in 2020, agus ní raibh aon cheanglais mhaolaithe bhreise ag na céimeanna tógála nó oibríochta. Tá an measúnú riosca tuilte nuashonraithe agus níl aon athruithe ábhartha ar riosca tuilte ná ar thionchar tuilte thar na cinn a cainníochtaíodh in TMTT 2018.

8.5 Tírdhreach agus Saincheistanna Amhairc

8.5.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018 tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tar éis treoirlínte nuashonraithe a chur ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a bheidh in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Rinneadh an chaibidil maidir le Tírdhreach agus Amharc den TMTT nuashonraithe a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an méid thuas a chur san áireamh agus na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 i gceist leis an nuashonrú:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, etc. a chur san áireamh
- an cur síos ar an tírdhreach glactha agus ar an timpeallacht pleanála amhairc le Pleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe atá i bhfeidhm faoi láthair a chur san áireamh, agus athruithe ar na Pleananna Ceantair Áitiúil (PCÁ), etc.
- Cuirtear athruithe, forbairtí nua, etc. san áireamh in Aguisín [A.12.1](#) agus Fíoracha shraith 12.1, shraith 12.2 agus shraith 12.3 (lena n-áirítear iad siúd thuas)
- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

8.5.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoirlínte agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Tá.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a bheidh i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta in 2022.

D'fhoilsigh TII Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha (LCA) agus Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc (Doiciméad Teicniúil Uileghabhálach) in 2020, Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha (LCA) agus Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc (LVIA) ar Bhóithre Náisiúnta Beartaithe (Caighdeánach) in 2020 agus Dearadh agus Seachadadh Cóireáil Bog Tírdhreacha i dTimpeallachtaí Iompair Uirbigh in 2024.

Tá gach ceann díobh thuas curtha san áireamh sa mheasúnú tírdhreacha agus amhairc a cuireadh i láthair sa TMTT nuashonraithe.

8.5.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Athraíodh, mar a leanas:

- Tógadh eastáit chónaithe nua amach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín agus ó Bhóthar Rathúin gar don N6 GCRR atá beartaithe.
- Tógadh roinnt sealúchais chónaithe siar ón N59 i gceantar Bharr na Crannaí/an Daingin Uachtair gar don N6 GCRR atá beartaithe.
- Forbairt nua ceadaithe agus tógtha.
- Tá Eidhneán bainte de Chaisleán Mhionlaigh (fothrach).
- Tá Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 agus Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 curtha in ionad na bpleananna forbartha cathrach agus contae.
- Nuashonraíodh agus athraíodh an measúnú agus an cur síos ar Nádúr an Tírdhreacha Chontae na Gaillimhe (in Aguisín 4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe).
- Athbhreithníodh agus athraíodh líon agus suíomh na radharc cosanta/amharcphointí áilleachta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Tá siad seo bunaithe ar Nádúr an Tírdhreacha nuashonraithe Chontae na Gaillimhe (Aguisín 4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe).
- Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 - Leasú 2012 (BLAP) imithe i léig. Áiríodh pleanáil úsáide talún do lonnaíocht Bhearna ina dhiaidh sin trí Athrú 2(a) isteach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021. Tá Bearna san áireamh anois faoi Lonnaíochtaí Cathrach in Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe reatha.
- Breathnaíodh sa BLAP ar thimpeallacht leathan timpeall ar lonnaíocht Bhearna, agus shainaithníodh 'Líonra Taitneamhachta', 'Dingeacha Glasa' agus 'Limistéir Bainistíochta Comhshaoil' ag síneadh siar agus ó thuaidh ó Bhearna. Bhí tionchar ag an N6 GCRR atá beartaithe ar chuid de na ceantair seo (lasmuigh de phríomhlonnaíocht Bhearna). Mar sin féin, níor tugadh na hainmniúcháin seo ar aghaidh isteach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

8.5.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoirlínte le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin iar-iarratais a chuimsiú lena n-áirítear mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Mar sin féin, níl aon athrú ar chonclúidí an mheasúnaithe a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

8.5.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an straitéis maolaithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a ionchorprú le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais mar fhreagra ar cheisteanna a d'iarr an Bord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Tá roinnt bearta maolaithe tírdhreacha breise molta le linn na héisteachta ó bhéal in 2020, lena n-áirítear aon bhearta maolaithe a mholann ABP de réir mar is cuí ionchorpraithe. Go príomha, baineann siad seo le hAchadh an Churraigh, ach freisin le Ceapacha PRS 195 agus 229 agus tá siad seo san áireamh san TMTT nuashonraithe.

Ina theannta sin, éilíonn an Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe beart sonrach a bhaineann le cóireáil tírdhreacha an Tionscadail i gcóngaracht SAC Loch Coirib.

8.5.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraíonn.

8.5.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Tá. Tugadh an mheasúnacht tionchair charnagh cothrom le dáta chun gach tionscadal nua atá beartaithe agus geallta a chur san áireamh laistigh den limistéar staidéir ó tugadh an éisteacht ó bhéal chun críche in 2020 agus tá conclúid iomlán na measúnachta tionchair charnagh tugtha cothrom le dáta.

8.5.8 Conclúid

Cé go bhfuil athruithe déanta ar an mbonnlíne, go háirithe maidir le breithniú a dhéanamh ar chuspóirí pleanála/úsáide talún a bhaineann leis an tírdhreach (i.e. nádúr an tírdhreacha, radhairc chosanta etc.), níl aon athrú ar thorthaí an mheasúnaithe iomláin ar an tionchar suntasach dóchúil a bheidh ag an Tionscadal ina iomláine, ar an tírdhreach agus/nó ar an timpeallacht amhairc.

8.6 Oidhreacht Chultúrtha

8.6.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018 i leith tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tar éis treoirínte cothrom le dáta a léiriú maidir leis an bhfaisnéis atá le fáil in TMTT agus d'fhoilsigh TII 'Guidelines for Cultural Heritage Impact Assessment of TII National Road and Greenway Projects' TII in 2024. De réir Threoirínte TII um Oidhreacht Chultúrtha a foilsíodh in 2024, folaíonn an téarma 'Oidhreacht Chultúrtha' oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Tá athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar an gcaibidil maidir le hOidhreacht Chultúrtha den TMTT nuashonraithe chun an méid thuas agus na príomh-athruithe ar an gcaibidil ón TMTT 2018 i leith a thabhairt cothrom le dáta i gceist:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha chun aon láithreáin nó struchtúir bhreise a cuireadh leis an Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna, an Taifead ar Struchtúir Chosanta agus tochailtí seandálaíochta roimhe seo a chur san áireamh
- modheolaíochtaí measúnaithe chun na 'Guidelines for Cultural Heritage Impact Assessment of TII National Road and Greenway Projects', 2024, TII a chur san áireamh
- Aguisíní A.13.1 go A.13.11 chun athruithe nó breisithe ar láithreáin agus struchtúir atá liostaithe sna fardail éagsúla a chur san áireamh.
- Fíoracha 13.1.1 go 13.1.15 chun láithreáin agus struchtúir bhreise a léiriú
- an chaibidil chun na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

- an mheasúnacht tionchair chun Treoir 2024 TII agus aon láithreáin nuachta nó struchtúir a taifeadadh sna fardail éagsúla a chur san áireamh

8.6.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

In 2024, d'fhoilsigh TII 'Guidelines for Cultural Heritage Impact Assessment of TII National Road and Greenway Projects'. Tá modheolaíocht meastóireachta tionchair sna doiciméid teorach seo a áiríonn critéir chun íogaireacht gabhdóirí a chinneadh, critéir chun méid an tionchair a chinneadh agus maitrís measúnachta tionchair chun suntas na héifeachta a chinneadh. Tá an chaibidil ar Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Chultúrtha (dá ngairtear an chaibidil ar Oidhreacht Chultúrtha anois) tugtha cothrom chun dáta go hiomlán de réir threoirlínte 2024.

Tá treoirlínte nuashonraithe curtha le chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) freisin maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cuimsiú i TMTT in 2022. Tá treoir 2022 an EPA ar aon dul leis an modheolaíocht a úsáideadh sa mheasúnú oidhreachta cultúrtha a rinneadh chun eolas a thabhairt do TMTT 2018.

Níl aon athrú ach an oiread ar na doiciméid eile dá dtagraítear i gCaibidil 13 de TMTT 2018 don mhodheolaíocht measúnachta tionchair agus níor ghá aon athruithe ar mhodheolaíocht na measúnachta tionchair.

8.6.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Tá athrú beag tagtha ar an mbonnlíne, de réir mar a cuireadh láithreáin nua Oidhreachta Cultúrtha leis an mbonnlíne mar gheall ar an méadú ar lorg teorann measúnaithe an Tionscadail chun an fhorbairt bheartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe a chur san áireamh. Tá láithreán oidhreachta seandálaíochta amháin taifeadta nua (Struchtúr AH 42) curtha leis an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna laistigh de theorainn mheasúnaithe an Tionscadail. Ina theannta sin, rinneadh roinnt tochailtí seandálaíochta níos déanaí laistigh den limistéar staidéir. In 2024, cuireadh cleachtas na tógála balla cloiche tirime traidisiúnta le 'Liosta Ionadaíoch Oidhreachta Chultúrtha Doláimhsithe na Daonnachta', atá á chothabháil ag UNESCO agus admhaítear é seo sa chaibidil sa TMTT nuashonraithe. Tá gach faisnéis bhonnlíne athbhreithnithe agus tugtha cothrom le dáta sa TMTT nuashonraithe.

8.6.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Bunaithe ar chur chun feidhme threoirlínte TII ó 2024 maidir le hOidhreacht Chultúrtha, agus ar na dálaí leasaithe bonnlíne, tá athrú beag tagtha ar an measúnacht tionchair sa TMTT nuashonraithe. Ó thaobh chéim na tógála de, níltear ag tuar go mbeidh aon drochthionchar díreach ann a mbeidh suntasacht dhomhain leo. Maidir leis na tionchair ag AH 42, AH 2 agus BH 12, sainítear go mbeidh éifeacht an-suntasach leo. Tá na tionchair oibriúcháin a tuaradh gan athrú.

8.6.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe tugtha cothrom le dáta leis na soiléirithe, leasuithe agus nuashonruithe ábhartha uile a rinneadh ó thús deireadh an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chur san áireamh mar fhreagairt ar fhiosruithe ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Sainaithníodh beart maoluithe breise agus cuireadh san áireamh leis an TMTT nuashonraithe é.

8.6.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níor sainaithníodh aon athrú ar na héifeachtaí iarmharacha atá tuartha.

8.6.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnaigh? Má tá, cén chaoi?

Níl aon athrú ar an gconclúid ar ar thángthas in TMTT 2018 ná sa mheasúnacht charnach nuashonraithe ó mhí na Samhna 2020, is é sin nach mbeidh aon tionchar carnach suntasach dóchúil idir an Tionscadal agus

aon tionscadal nua atá beartaithe nó geallta. Ina theannta sin, tá roinnt mhór de na tionscadail a breithníodh roimhe seo in TMTT 2018 agus sa mheasúnacht tionchair charnagh chothrom le dáta a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal tógtha ó shin i leith agus is cuid den bhonnlíne don Tionscadal anois iad.

8.6.8 Conclúid

Tá an Mheasúnacht ar Oidhreacht Chultúrtha don TMTT nuashonraithe leasaithe go hiomlán ag teacht le ‘Guidelines for Cultural Heritage Impact Assessment of TII National Road and Greenway Projects’ de chuid TII a foilsíodh in 2024. Sa bhreis air sin, rinneadh an bhonnlíne a athbhreithniú agus a leasú go hiomlán, agus tá láithreáin nua crutha le limistéar an staidéir. Tá láithreán seandálaíochta nua amháin atá taifeadta suite anois laistigh de theorainn measúnachta an Tionscadail (AH 42), agus cuireadh an méid sin san áireamh laistigh den bhonnlíne agus den straitéis tionchair agus maolaithe. Níor tháinig athruithe móra de bharr ghlacadh na dtreoirlínte nua agus na bonnlíne leasaithe ar an measúnú foriomlán, agus níl aon athrú tuartha ann do na héifeachtaí iarmharacha ná carnacha.

8.7 Sócmhainní Ábharacha Talmhaíochta

8.7.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT.

Tugadh Beartas Talmhaíochta nua isteach in 2023 lena leasaítear na coinníollacha a bhaineann leis na scéimeanna feirmeoirí. I mí Iúil 2022, thug Rialtas na hÉireann isteach Plean Gníomhaithe nuashonraithe ar son na hAeráide in 2024 atá ag teacht leis na spriocanna ceangailteacha dlíthiúla d’earnáil na talmhaíochta.

Tá treoir 2022 an EPA ag teacht leis an modheolaíocht a úsáidtear sa Mheasúnacht Tionchair ar Shócmhainní Ábhartha Talmhaíochta a cuireadh i láthair in 2018 chun suntas na héifeachta a fháil. Níl aon tionchar ag na hathruithe ar Chomhbheartas Talmhaíochta 2023 ar chritéir na measúnachta, agus ní athraítear leo an measúnú ar íogaireacht na bonnlíne ná an measúnú ar mhéid na n-éifeachtaí; agus dá bhrí sin ní théann siad i bhfeidhm go suntasach ar shuntas na n-éifeachtaí.

Agus machnamh déanta ar an treoir agus na caighdeáin laistigh den Treoir ón EPA (2022), den Chomhbheartas Talmhaíochta 2023 agus den Phlean Gnímh don Aeráid 2024, ní gá aon athrú ar an modheolaíocht don mheasúnacht tionchair ar an talmhaíocht.

Tá Caibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta, den TMTT nuashonraithe, tugtha cothrom le dáta leis an méid thuas a chur san áireamh. Rinneadh athmheasúnú ar na tionchair ar dháileachtaí talún talmhaíochta a ndeachthas i bhfeidhm orthu, agus mionsonraítear sa chaibidil nuashonraithe agus in Iarscríbhinn A.14.1 a ghabhann leis an TMTT nuashonraithe.

Tar éis thógáil an Tionscadail agus chur chun feidhme na mbeart maolaithe arna sonrú sa TMTT nuashonraithe, is iad seo a leanas na tionchair iarmharacha ar an 192 dáileacht talún talmhaíochta a ndeachthas i bhfeidhm orthu:

- Beidh 56 drochthionchar neamhsuntasach ann (i gcomparáid le 59 i Measúnacht 2018)
- Beidh 45 drochthionchar beag ann (i gcomparáid le 44 i Measúnacht 2018)
- Beidh 41 drochthionchar measartha ann (an líon céanna agus a bhí i Measúnacht 2018)
- Beidh 39 drochthionchar suntasach ann (i gcomparáid le 38 i Measúnacht 2018)
- Beidh 7 ndrochthionchar an-suntasach ann (i gcomparáid le 9 i Measúnacht 2018)
- Beidh 4 dhrochthionchar dhoimhne ann (an líon céanna agus a bhí i Measúnacht 2018)

Tugadh san áireamh leis an measúnacht nuashonraithe maidir le tionchair na dáileachta talún ag Ráschúrsa na Gaillimhe an fhaisnéis maidir le seicheamhú na tógála mar a thugtar le fios i gCaibidil 5, arna thabhairt cothrom le dáta ó TMTT 2018. Mar sin féin, níor athraíodh leis na torthaí ón measúnacht tionchair.

Ó foilsíodh TMTT 2018 tá roinnt athruithe beaga tagtha ar an mbonnlíne de bharr forbairtí tithíochta atá suite ar ocht ndáileacht talún talmhaíochta. Tháinig laghdú trí cinn (192 i gcomparáid le 195) dá bharr ar líon na ndáileachtaí talún talmhaíochta a ndeachthas i bhfeidhm orthu agus laghdú ar limistéar talmhaíochta i gcúig cinn de dháileachtaí talún. Anuas air sin, áiríodh le TMTT 2018 éifeachtaí Bhóthar an M6 i nDabhach Uisce mar éifeachtaí carnacha ar 4 dháileacht talún ag ceann thoir an Tionscadail, atá mar chuid anois den bhonnlíne chomhshaoil atá ann cheana. Tháinig mionathruithe ar na táblaí achoimre den TMTT nuashonraithe de bharr an laghdaithe ar líonta dáileachtaí talún ó TMTT 2018 i leith, i dteannta an tionchair laghdaithe ar 3 dháileacht talún.

Tar éis na hábhair inní le húnairí talún a mheas ag an Éisteacht ó Bhéal in 2020 maidir le baint an bhalla cloiche teorann, leibhéal an tionchair agus an rochtain, níl aon athrú ar na bearta maolaithe is gá ná ar thorthaí na measúnachta ar thionchair ar dháileacht talún aonair. Ní athraítear torthaí na measúnachta maidir le tionchair leis na tiomantais a tugadh le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020.

8.7.2 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Rinneadh Áireamh Talmhaíochta nua in 2020. Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht chaighdeánaithe don mheasúnacht tionchair talmhaíochta iniúchadh ar na sonraí atá ar fáil ón áireamh talmhaíochta lena fháil amach na cineálacha feirmeacha bonnlíne (e.g. meánmhéid feirmeacha agus cineálacha fiontar feirme). Cuireadh i gcrích an mheasúnacht bhunaidh le sonraí ó Áireamh Talmhaíochta 2010. Déantar áireamh talmhaíochta gach 10 mbliana, agus tá Áireamh Talmhaíochta 2020 ar fáil agus á úsáid don mheasúnacht sa TMTT nuashonraithe. Is mar a chéile í an mhodheolaíocht a úsáideadh le fiontair feirme a chatagóiriú in áireamh 2010 agus áireamh 2020. Cé go bhfuil athruithe beaga ar mheánmhéid feirmeacha agus ar chéatadáin na gcineálacha feirmeacha (mar a léirítear i dTábla 14.3.1 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe), níl aon tasc sna hathruithe sin ar aon athrú suntasach ar na cineálacha feirmeacha i gContae na Gaillimhe nó i stát na hÉireann. Deimhnítear leis an bhfaisnéis sin nach bhfuil aon treocht nua ann le tabhairt le fios gur dócha go dtiocfaidh athrú suntasach ar an talmhaíocht laistigh de limistéar an staidéir go mór idir 2010 agus 2020.

Úsáideann an mhodheolaíocht le méid an tionchair a mheas sonraí bonnlíne le haghaidh barra féir agus torthaí barr mar a phléitear i gCuid 14.2.5.2 de Chaibidil den TMTT nuashonraithe. Tá na foinsí sonraí a úsáideadh (Teagasc, COBÁC agus an Phríomh-Oifig Staidrimh) chun torthaí barr agus féir a léiriú sa bhonnlíne tugtha cothrom le dáta chomh fada le 2023. Baineann méid bheag leis an athrú ar threochtaí bairr bonnlíne de bharr na sonraí breise sin; i.e. 0%, 1% agus -1.5% faoi seach i gcás na heorna earraigh, na cruithneachta geimhridh agus an fhéir. Ní théann na hathruithe seo i bhfeidhm go hábhartha ar na critéir a úsáidtear le méid an tionchair a mheas.

Tá ocht n-athrú ann ar dháileachtaí talún:

- Eisiadh roinnt den dáileacht talún ag a bhfuil Uimhir thagartha 229 ón measúnacht talmhaíochta toisc gur úsáideadh í le haghaidh forbairt tithíochta agus go bhfuil sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe. Tá an chuid den dáileacht talún ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe fós á húsáid don talmhaíocht. Níl an chuid talmhaíochta den dáileacht talún scoite a thuilleadh, agus tá an íogaireacht laghdaithe chuig leibhéal an-íseal
- Tá dáileacht talún 242 eisiata ón measúnacht talmhaíochta toisc gur úsáideadh an dáileacht talún sin uile d'fhorbairt tithíochta, agus go bhfuil sé san áireamh anois sa mheasúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe
- Tá dáileacht talún 482 eisiata ón measúnacht. Úsáideadh roinnt den talamh sin le haghaidh forbairt tithíochta agus tá sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe. Ní rachaidh an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm a thuilleadh ar an gcuid atá fós á húsáid don talmhaíocht
- Eisiadh roinnt de dháileacht talún 464 ón measúnacht toisc gur úsáideadh í le haghaidh forbairt tithíochta agus go bhfuil sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe

- Tá dáileacht talún 483 eisiata ón measúnacht talmhaíochta toisc gur úsáideadh an dáileacht talún sin uile d'fhorbairt tithíochta, agus go bhfuil sé san áireamh anois sa mheasúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe
- Eisiadh roinnt de dháileacht talún 486 ón measúnacht toisc gur úsáideadh í le haghaidh forbairt tithíochta agus go bhfuil sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe
- Eisiadh roinnt de dháileacht talún 501 ón measúnacht toisc gur úsáideadh í le haghaidh forbairt tithíochta agus go bhfuil sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe
- Eisiadh roinnt de dháileacht talún 627 ón measúnacht toisc gur úsáideadh í le haghaidh forbairt tithíochta agus go bhfuil sí curtha san áireamh anois leis an measúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe

Tar éis trí dháileacht talún a eisiadh (Uimh. Thag. 242, 482 and 483) agus achar cúig dháileachtaí talún a laghdú (Uimh. Thag. 464, 486, 501 and 627) tá limistéar an staidéir comhdhéanta anois de 192 dáileacht talún talmhaíochta (i gcomparáid le 195 dáileacht talún sa mheasúnacht bhunaidh) agus athraíodh achar limistéar an staidéir (i.e. achar comhiomlán na ndáileachtaí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu) ó 1,096 heicteár go 1,078 heicteár.

Tá an líon dáileachtaí talún scoite tar éis athrú ó 62 go 61 de bharr nach bhfuil Uimh. Thag. 229 scoite a thuilleadh.

Tá athruithe comhfhreagracha tar éis teacht ar na táblaí achoimre i gCaibidil 14 den TMTT nuashonraithe, ón athrú ar líon na ndáileachtaí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu, i.e. Táblaí 14.3.1, 14.5.1 agus 14.7.1. Léirítear na hathruithe ar líon agus méid na ndáileachtaí talún freisin in Iarscríbhinn [A.14.1](#) a ghabhann leis an TMTT nuashonraithe. Tugtar achoimre ar na hathruithe sin mar seo a leanas:

- Tábla 14.5 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe – laghdaítear líon na ndáileachtaí talún mairteola chuig 122 agus laghdaítear an líon dáileachtaí talún ‘gan feirmeoireacht’ chuig 30
- Tábla 14.6 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe – laghdaítear an líon tionchar neamhshuntasach chuig 56 (ó 59)
- Tábla 14.7 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe – laghdaítear an líon tionchar neamhshuntasach chuig 56 (ó 59)

8.7.3 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoír chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Athraítear leis na hathruithe sin an tuairisc ar an mbonnlíne a bhaineann leis an líon dáileachtaí talún laistigh de gach catagóir tionchair (Tábla 14.5 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe).

Athraítear leis na hathruithe sin na conclúidí a bhaineann leis an líon dáileachtaí talún laistigh de gach catagóir tionchair (Tábla 14.6 agus Tábla 14.7 de Chaibidil 14 den TMTT nuashonraithe).

8.7.4 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe tugtha cothrom le dáta leis na soiléirithe, leasuithe agus nuashonruithe ábhartha uile a rinneadh ó thús deireadh an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chur san áireamh mar fhreagairt ar fhiosruithe ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Níor sainaithníodh aon bheart maolaithe eile mar chuid den mheasúnacht nuashonraithe a chuirtear i láthair sa TMTT nuashonraithe.

8.7.5 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an mheasúnacht tionchair iarmharaigh gan athrú toisc nach bhfuil aon athrú ar an straitéis maolaithe.

8.7.6 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Cé go ndearnadh forbairtí breise a mheas sa mheasúnacht charnach, níl aon athrú ar na conclúidí sa mheasúnacht seo i.e. drochthionchar measartha ar an talmhaíocht laistigh de limistéar an staidéir agus éifeacht neamhshuntasach ar thalmhaíocht laistigh de Chontae na Gaillimhe.

8.7.7 Conclúid

Ní athraítear critéir ná modheolaíocht na measúnachta ar bhealach ábhartha leis na hathruithe ar an treoir agus ar na foinsí sonraí infhaighte. Tá athruithe tar éis teacht i limistéar an staidéir de bharr forbairtí tithíochta ónar tháinig laghdú ar mhéid na gcúig dháileacht talún agus eisiamh trí dháileacht talún.

8.8 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta

8.8.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Tá athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar an gcaibidil maidir le Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta den TMTT nuashonraithe chun an méid thuas agus na príomh-athruithe ar an gcaibidil ón TMTT 2018 i leith a thabhairt cothrom le dáta i gceist:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghhlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, etc. a chur san áireamh
- Iarscríbhinní 15.1 agus 15.2 chun maolú cothrom le dáta ag Ollscoil na Gaillimhe agus an forbairt bheartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe a léiriú
- I bhFíoracha shraith 15.1, shraith 15.2, shraith 15.3 agus shraith 15.4 le hathruithe, forbairtí nua, etc., a thabhairt san áireamh (lena n-áirítear iad siúd thuas)
- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

8.8.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Ó fhoilsiú an TMTT 2018 i leith tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tar éis treoirlínte nuashonraithe a léiriú maidir leis an bhfaisnéis atá le fáil in TMTT.

Tá treoir 2022 an EPA ag teacht leis an modheolaíocht a úsáidtear sa Mheasúnacht Tionchair ar Shócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta a cuireadh i láthair in TMTT 2018 chun suntas na héifeachta a fháil. Agus machnamh déanta ar an treoir agus na caighdeáin laistigh den Treoir ón EPA (2022), ní gá aon athrú a dhéanamh ar an modheolaíocht don mheasúnacht tionchair.

8.8.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Ó foilsíodh TMTT 2018 tá roinnt athruithe tagtha ar an mbonnlíne lena mbaineann ábharthacht don mheasúnacht ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, mar seo a leanas:

- Tógáil forbairtí tithíochta a chur i gcrích, ar caitheadh léi roimhe seo mar cheadanna pleanála a ndeachthas i bhfeidhm orthu
- Ceadanna pleanála a théann as feidhm
- Leathnú ar champa Boston Scientific trasna cul-de-sac na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail isteach in iarláithreán APC, agus athfhorbairt na bhfoirgneamh atá ann cheana ag comhtháthú iomlán na bhfoirgneamh atá ann cheana leis na saoráidí nua laistigh de láithreán APC

- Fuair Ollscoil na Gaillimhe cead pleanála le haghaidh páirceanna imeartha malartacha i mí Feabhra 2021 i gcomhréir lena Máistirphlean Spórt Ollscoile, rud a chealaíonn an gá do mhaolú arna mholadh in TMTT 2018
- Fuair Iontaobhas Choiste Rásaí na Gaillimhe cead pleanála le stáblaí sealadacha agus buana a chur, agus d'fhorbairt chomhbhainteach (Tagairt Phleanála 24/60279), agus é á thabhairt san áireamh nach gcuirfear an cead pleanála seo chun feidhme ach má thugtar cead pleanála don N6 GCRR atá beartaithe agus má théann sé ar aghaidh
- Tá comhaontuithe ceangailteacha déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le húinéirí agus léasaithe na soláthraithe earraí tógála ó thuaidh ó réadmhaoín Ráschúrsa na Gaillimhe de bhun conradh díolacháin d'éadail na dtailte sin.

8.8.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, den TMTT nuashonraithe, tugtha cothrom le dáta leis na hathruithe thuas ar an mbonnlíne a chur san áireamh. Rinneadh athmheasúnú ar na tionchair agus leagtar amach sa chaibidil nuashonraithe iad.

Tagann na hathruithe seo a leanas don mheasúnacht tionchair de bharr na n-athruithe ar an mbonnlíne:

- Tá an mheasúnacht ar thionchar Ollscoil na Gaillimhe tar éis athrú
- Tá ailíniú Bhóthar Ceangail na Páirce Móire athailínithe le Teorainn thoir Boston Scientific, rud a chumasaíonn idirnasálacha na bhfoirgneamh atá ann cheana agus na bhfoirgneamh nua ar an gcampas. Laghdaíodh an tionchar leis sin ar Boston Scientific agus ar réadmhaoine comhtheagmhálacha
- Leis na ceadanna pleanála a d'imigh as feidhm baineadh na tionchair ar na ceadanna pleanála uile arna sainaithint i Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018
- Cur úinéirí talún nua leis de bharr scoilt na dáileachta talún agus díol le húinéirí iolracha talún
- Baint úinéirí talún de bharr bhaint na ndáileachtaí éadála talún le linn éisteacht ó bhéal 2020

Tá laghdú foriomlán ceann amháin ar líon iomlán na ndáileachtaí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu ó TMTT 2018, agus 319 maoín neamhthalmhaíochta san iomlán a ndeachthas i bhfeidhm orthu sa TMTT nuashonraithe seo. Tá mionathruithe ar na táblaí achoimre i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe tar éis teacht ó na hathruithe ar an mbonnlíne a tugadh ar aird thuas i dteannta an athraithe ó éadail bhuan go héadail shealadach ar roinnt dáileachtaí talún.

8.8.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe tugtha cothrom le dáta leis na soiléirithe, leasuithe agus nuashonruithe ábhartha uile a rinneadh ó thús deireadh an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chur san áireamh mar fhreagairt ar fhiosruithe ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile.

Beidh gá le hathruithe ar an straitéis maolaithe le haghaidh Ollscoil na Gaillimhe agus Ráschúrsa na Gaillimhe, a chuirtear i láthair mar seo a leanas:

- Tugtar Iarscríbhinn A.15.1 cothrom le dáta chun leagan amach na bpáirceanna imeartha de chuid CLG a léiriú, mar atá aontaithe le hOllscoil na Gaillimhe ag deireadh na héisteachta ó bhéal in 2020
- Tá Iarscríbhinn A.15.2 tugtha cothrom le dáta chun na hathruithe ar maoil na moltaí do Ráschúrsa na Gaillimhe a léiriú i dtaca le soláthar stáblaí sealadacha agus buana le hIontaobhas Choiste Rásaí na Gaillimhe ar tugadh cead pleanála dóibh faoi phróiseas pleanála ar leithligh

8.8.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Tar éis thógáil an Tionscadail agus chur chun feidhme na mbeart maolaithe arna sonrú sa TMTT nuashonraithe, is iad seo a leanas na tionchair iarmharacha ar an 319 dáileacht talún talmhaíochta a ndeachthas i bhfeidhm orthu:

- Beidh 99 drochthionchar do-áirithe ann (an líon céanna agus a bhí i Measúnacht 2018)
- Beidh 103 drochthionchar beag ann (an líon céanna agus a bhí i Measúnacht 2018)
- Beidh 59 drochthionchar measartha ann (an líon céanna agus a bhí i Measúnacht 2018)
- Beidh 26 drochthionchar suntasach ann (i gcomparáid le 28 i Measúnacht 2018)
- Beidh 32 drochthionchar an-suntasach ann (i gcomparáid le 31 i Measúnacht 2018)

Mar sin níl aon athrú ar na tionchair, maolú ná tionchair iarmharacha a bheidh ann ar sheirbhísí agus fónais.

8.8.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Cé go ndearnadh tionscadail bheartaithe agus gheallta nua a mheas sa mheasúnacht charnach, níl aon athrú ar na conclúidí den mheasúnacht seosa gcaoí is go bhfuil sé meáite nach mbeidh tuilleadh méadú ar na héifeachtaí díobhálacha nó diultacha a bhaineann leis an Tionscadal. Beidh éifeachtaí carnacha suntasacha i gcomhar leis na forbairt bheartaithe eile de bharr na héifeachtaí suntasacha atá sainaitheanta cheana féin don Tionscadal leis féin.

8.8.8 Conclúid

Ní athraítear critéir ná modheolaíocht na measúnachta ar bhealach ábhartha leis na hathruithe ar an treoir agus ar na foinsí sonraí infhaighte. Tá athruithe tar éis teacht ar limistéar an staidéir de bharr chur i gcrích na tógála ar fhorbairtí tithíochta, ceadanna pleanála ag dul as feidhm, treoraíocht ABP, ónar tháinig laghdú ceann amháin ar líon foriomlán na ndáileachtaí a ndeachthas i bhfeidhm orthu.

8.9 Cáilíocht an Aeir

8.9.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018 i leith tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tar éis treoirlínte nuashonraithe a chur i dtoll a chéile maidir leis an bhfaisnéis atá le fáil in TMTT, agus d'fhoilsigh TII caighdeán nua, is é sin *Air Quality Assessment of Proposed National Roads – Standard (TII PE-ENV-01107) (TII 2022)* lena n-athraítear go mór an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm ar an measúnacht do cháilíocht an aeir. I gcás ina raibh athruithe ar an measúnacht agus gach nuashonrú ó TMTT 2018 i leith, leagadh amach sa chaibidil nuashonraithe iad.

Táthar tar éis an chaibidil maidir le Cáilíocht an Aeir den TMTT nuashonraithe a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta leis an méid thuas a chur san áireamh, agus baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a thabhairt cothrom le dáta:

- an cur síos ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, forbairtí nua, suirbhéanna tráchta nuashonraithe agus aschuir samhaltaithe tráchta, etc., a chur san áireamh.
- measúnú nuashonraithe le cur i bhfeidhm Chaighdeán Cháilíocht an Aeir ó TII, ar caighdeán nua é
- bogearra nua chun astaíochtaí iompair a ríomh – uirlis REM
- Aguisíní 16.1, 16.2 agus 16.3, agus Fíoracha shraith 16.1 chun monatóireacht nua, forbairtí nua, torthaí samhaltaithe nuashonraithe, etc., a chur san áireamh.

- na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh

8.9.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Tá, foilsíodh *TII Air Quality Assessment of Proposed National Roads - Standard* i mí na Nollag 2022. Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tar éis treoirlínte nuashonraithe a léiriú freisin maidir leis an bhfaisnéis atá le fáil in TMTT. Tá treoir 2022 an EPA ag teacht leis an modheolaíocht a úsáidtear sa Mheasúnacht Tionchair ar Cháilíocht an Aeir a rinneadh le TMTT 2018 a mhúnlú chun suntas na héifeachta a fháil.

In TMTT 2018, cuireadh i bhfeidhm treoir TII ó 2011 maidir le measúnú an deannaigh tógála agus déantar tagairt do *Control of dust from construction and demolition activities* (BRE, 2003) do bhearta maolaithe cuí. I gcomhréir le Caighdeán TII2022, cuirtear treoir IAQM 2024 i bhfeidhm sa mheasúnacht leasaithe. Cuimsítear i dtreoir IAQM 2024 chomh maith liosta mionsonraithe de bhearta maolaithe ba cheart a úsáid ag céimeanna éagsúla oibreacha. Moltar na bearta sin, i gcás inar cuí.

Úsáideadh uirlis REM de chuid TII sa TMTT nuashonraithe seo chun comhchruinnithe truailléan na céime oibríochta áitiúla a ríomh (ag gabhdóirí daonna agus éiceolaíochta). Forbraíodh uirlis REM de chuid TII don chomhthéacs Éireannach in éineacht le tosca astaíochtaí Éireannach agus réamh-mheastacháin maidir le cineálacha feithiclí, agus mar sin de, meastar é a bheith níos láidre ná scarbhileog DMRB na Ríochta Aontaithe atá bunaithe ar an Ríocht Aontaithe agus a forbraíodh in 2011. Níor ríomhadh tiúchaintí amóinia mar chuid de TMTT 2018 in éagmais uirlis dá ríomh. Baineadh úsáid as uirlis CREAM 2020 sa mheasúnacht seo ar astaíochtaí amóinia. In 2023, leathnaíodh uirlis GIS APS chun Poblacht na hÉireann a áireamh, lena soláthraítear ualaí criticiúla agus leibhéil do thruailleáin ábhartha chomh maith le luachanna cúlra ag gnáthóga ainmnithe íogaire éiceolaíochta.

Úsáideadh samhail ENEVAL NTA chun astaíochtaí réigiúnacha na céime oibríochta a ríomh de réir TMTT 2018. Cumhdaítear leis an tsamhail sin athruithe ar an trácht ar bhonn réigiúnach agus meastar é a bheith níos láidre ná scarbhileog DMRB a úsáideadh i measúnacht 2018 nach measann ach athruithe ar an trácht ar an leibhéal áitiúil. Úsáideann samhail ENEVAL NTA tosca astaíochtaí atá cothrom le dáta freisin, a forbraíodh i gcomhthéacs na hÉireann, lena ngintear aschur níos cruinne i gcomparáid le DMRB.

Toisc nach raibh gach ceann de na huirlisí thuas ar fáil don samhaltú a rinneadh le TMTT 2018 a mhúnlú, níl tuairisciú na measúnachta aeir seo mar an gcéanna le TMTT 2018 ach soláthraítear leis measúnacht níos láidre agus níos cruinne ná TMTT 2018.

8.9.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Athraíodh, tá sonraí nua monatóireachta aeir de chuid EPA ar fáil. Úsáidtear na sonraí monatóireachta EPA is déanaí don tréimhse 2018 go dtí 2023, chomh maith leis na sonraí arna mbailiú in 2023 agus 2024, sa mheasúnacht nuashonraithe seo. Tá na tiúchaintí cúlra nach mór mar an gcéanna le linn na hidirthréimhse.

Tá monatóireacht nua shuíomhshonrach curtha i gcrích freisin ar cháilíocht an aeir le haghaidh ábhar cáithnínach, dé-ocsaíd nítrigine agus amóinia in imeacht trí mhí i bhfoisceacht an Tionscadail leis an gcomhshaol bonnlíne a mhúnlú.

8.9.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá miondifríochtaí ar an gcomhshaol cáilíochta aeir bonnlíne ó TMTT 2018 i leith – bunaithe ar mhonatóireacht ar an láthair agus fhadtéarmach ag EPA. Sa bhreis air sin, tá athruithe ar na critéir shuntasachta atá le fáil i gCaighdeán nua TII um Cháilíocht an Aeir i gcomparáid leis an treoir roimhe seo ó TII. Mar sin féin, ní athraítear leis na hathruithe sin na conclúidí ón measúnacht tionchair maidir le gach comhchruinniú truailléan bonnlíne agus tuartha amach anseo i gcomhréir leis na caighdeáin um cháilíocht an aeir.

8.9.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe tugtha cothrom le dáta leis na soiléirithe, leasuithe agus nuashonruithe ábhartha uile a rinneadh ó thús deireadh an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chur san áireamh mar fhreagairt ar fhiosruithe ón mBord Pleanála, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile. Níor sainaithníodh aon bheart breise maolaithe mar chuid den mheasúnacht nuashonraithe a chuirtear i láthair sa TMTT nuashonraithe.

8.9.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl gá le haon athrú ar an straitéis maolaithe, níl aon athrú ar thoradh na measúnachta tionchair, agus dá bhrí sin níl aon athrú ar na conclúidí ón measúnacht tionchair iarmharach.

8.9.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Níl, cé go bhfuil an mheasúnacht tionchair charnagh tugtha cothrom le dáta chun aon tionscadal pleanáilte agus geallta laistigh den limistéar staidéir a chur san áireamh, agus go gcuirtear san áireamh aon ghabhdóir íogair nua inti, níl aon athrú ar chonclúid iomlán an mheasúnaithe tionchair charnagh.

8.9.8 Conclúid

Ní athraítear critéir ná modheolaíocht na measúnachta ar bhealach ábhartha leis na hathruithe ar an treoir agus ar na foinsí sonraí infhaighte. Tá conclúidí na measúnachta tionchair, na straitéise maolaithe agus éifeachtaí iarmharacha gan athrú ón méid a cuireadh i láthair in TMTT 2018 agus san éisteacht ó bhéal in 2020.

8.10 Aeráid

8.10.1 Léargas Ginearálta

Foilsíodh TMTT 2018 agus an doiciméadacht don N6 GCRR atá beartaithe a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála le linn an iarratais ar chead pleanála roimh fhoilsiú Chaighdeán Aeráide TII agus na n-uirlisí comhbhainteacha measúnachta carbóin. Braithheadh do na measúnachtaí roimhe seo ar an treoir ó IEMA, áireamhán carbóin tógála de chuid Ghníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe agus scarbhileog UK DMRB chun na críocha measúnú a dhéanamh ar charbón, carbón tógála a ríomh agus carbón céime oibríochtúla a ríomh faoi seach. Sa bhréis air sin, tá treoirlínte nuashonraithe léirithe ag an EPA faoin bhfaisnéis a bheidh le cur in TMTT agus sa Phlean Gnímh don Aeráid 2024 arna fhoilsiú ag an rialtas. Is caibidil ar leithligh í an chaibidil Aeráide sa TMTT nuashonraithe seo, agus bhí sí ina comhchaibidil le Cáilíocht an Aeir in TMTT 2018.

Táthar tar éis an chaibidil maidir le Measúnacht Aeráide den TMTT nuashonraithe a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta leis an méid thuas a chur san áireamh, agus baineann na príomhathruithe ar an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a thabhairt cothrom le dáta:

- an cur síos ar an timpeallacht ghlactha agus ar na measúnachtaí tionchair le hathruithe, caighdeán nua, suirbhéanna tráchta nuashonraithe agus aschuir samhaltaithe tráchta, etc., a chur san áireamh.
- measúnacht nuashonraithe trí chaighdeán nua TII a chur i bhfeidhm
- uirlisí nua measúnachta carbóin le hastaíochtaí ón iompar a ríomh
- Iarscríbhinn A.17.1 chun an mheasúnacht nuashonraithe maidir le carbón corpraithe le huirlis charbóin TII a léiriú
- leis na pointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021 a chur san áireamh.

8.10.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Is cuibheasach difriúil í an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm sa mheasúnacht aeráide ó TMTT 2018 EIAR (chomh maith leis na nuashonruithe a cuireadh ar fáil mar chuid de IFB 2019 agus le linn na héisteachta ó bhéal) de bharr athruithe éagsúla ar threoir agus reachtaíocht, ach den chuid is mó de bharr Chaighdeán Aeráide nua TII (2022), áit nárbh ann d’aon cheann in Éirinn roimhe seo.

Cuireadh leagan nua in ionad na treorach IEMA in 2022, agus tá na critéir shuntasachta leasaithe ag teacht a bheag nó a mhór leis an gCaighdeán Aeráide TII 2022. Áirítear le Caighdeán Aeráide TII critéir shuntasachta a bhfuil feidhm dhíreach acu le comhthéacs na hÉireann, agus dá bhrí ar cuí iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Tionscadail.

Sa bhreis air sin, rinneadh an mheasúnacht a leasú i bhfianaise na sonraí tráchta nuashonraithe, a leasaíodh roimhe seo leis na blianta nua oscailte (2031) agus dearaidh (2046) don mheasúnacht (2024 agus 2039 roimhe seo faoi seach).

Ba í an chomhairle a bhí i dtreoir IEMA roimhe seo go gcuireann gach astaíocht charbóin leis an athrú aeráide agus gan tairseach dheimhnithe (i.e. spriocanna agus treochtaí náisiúnta atá sonrach d’earnáil), go mbreathnófar ar aon mhéadú (nó laghdú) ar astaíochtaí carbóin mar dhíol suntais. Ar an mbunús nach raibh aon sprioc náisiúnta earnáil-sonrach ar fáil tráth na héisteachta ó bhéal in 2020, cuireadh an treoir roimhe seo ó IEMA chun feidhme, ónar tháinig an chonclúid *“that the proposed road development is regarded as likely to have a significant adverse impact on carbon emissions and climate”*, féach ar an Ráiteas Fianaise ó Sinéad Whyte, Arup ag an éisteacht ó bhéal i mí Feabhra 2020.

8.10.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Athraíodh, tá réamh-mheastacháin nua iompair ar leibhéal náisiúnta d’astaíochtaí CO₂ ar fáil ón EPA do na blianta amach romhainn, agus tugadh an mheasúnacht cothrom le dáta leis na sonraí nua ón EPA a chur san áireamh le haghaidh blianta oscailte agus dearaidh an Tionscadail. Úsáidtear na réamh-mheastacháin amach anseo chun comhshaol bonnlíne na todhchaí a léiriú.

8.10.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Ceadaítear i gCaighdeán Aeráide TII anois critéir shuntasachta a chur i bhfeidhm atá comhghaolmhar le cás na hÉireann agus le buiséid charbóin earnálacha. Agus Caighdeán Aeráide TII á chur chun feidhme, táthar ag tuar go dtiocfaidh drochthionchar measartha buan de thoradh an Tionscadail, rud a mheastar a bheith suntasach.

Baineann an t-athrú ar an rátáil tionchair ó na measúnachtaí roimhe seo go príomha le cur i bhfeidhm critéir shuntasachta Chaighdeán Aeráide TII lena roinntear drochthionchair shuntasacha ina “drochthionchair mhóra” agus “drochthionchair mheasartha”, ach níor dealaíodh an rátáil suntasachta sa treoir ó IEMA. Mar sin féin, tá roinnt athruithe eile ó na measúnachtaí roimhe seo sa mhodheolaíocht ábhartha freisin:

- Úsáid uirlis charbóin TII chun measúnú a dhéanamh ar charbón corpraithe a forbraíodh do chomhthéacs na hÉireann in ionad na huirlise ó Ghníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo, agus mar gheall uirthi is féidir measúnú níos láidre a dhéanamh agus carbón corpraithe á thuar don Tionscadal
- Le húsáid ENEVAL is féidir measúnú níos láidre a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin ná mar is féidir a dhéanamh le scarbhileog DMRB toisc gur forbraíodh é do chás na hÉireann agus déantar measúnú ar astaíochtaí carbóin laistigh den tsamhail iompair iomlán.

Tá an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid de SIG ar réiteach iompair comhtháite é lena gcumhdaítear gach modh iompair. Éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe bearta bainistíochta éilimh chun spriocanna CAP24 a bhaint amach freisin. Sa Treoraíocht theicniúil ón Aontas Eorpach maidir le himdhíonadh an bhonneagair ó thaobh aeráide de sa tréimhse 2021-2027, deirtear gur cheart tionscadail a bhreithniú i gcomhthéacs an phlean óna dtagann siad toisc gur dócha méadú a bheith ar astaíochtaí CO_{2eq} i gcás tionscadail a dhéantar astu féin. Ar an mbonn sin, cuirtear measúnú ar na hastaíochtaí gan an Tionscadal, gan SIG agus gan CAP24

i gcomparáid leis na hastaíochtaí leis an Tionscadal, le SIG agus le CAP24. Sa chás sin, tá coinne le laghdú 8% ar astaíochtaí CO_{2eq} mar gheall ar na hathruithe tuartha ar an trácht ar an ngréasán bóithre in 2030.

8.10.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Coinnítear an maolú a moladh in TMTT 2018 ach méadaítear é. I mí an Mheithimh 2024, sholáthar an Rialtas treoir maidir le soláthar do chomhlachtaí poiblí chun laghdú an charbóin chorpraithe i dtionscadail tógála, a dtacaíonn an earnáil phoiblí leo, agus in ábhair thógála a chur chun cinn agus tá sé sin san áireamh sa TMTT nuashonraithe.

8.10.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraíonn.

8.10.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Níl aon athrú ar an measúnacht tionchair charnagh sa TMTT nuashonraithe. Breithnítear sa mheasúnú ar éifeachtaí iarmharacha go bhfuil coinne leis go mbeidh drochthionchar buan measartha ag an Tionscadal ar an aeráid le linn a shaolré. Tá an leibhéal measúnachta tionchair sin bunaithe ar chritéir shuntasachta Chaighdeán Aeráid TII a chinntear i gcomhthéacs ailíniú an Tionscadail le conair na hÉireann i dtreo na neodrachta. Mar a leagtar amach i gCaighdeán Aeráide TII, tá an measúnú ar an Tionscadal, i ndáil le sprioc náisiúnta na hÉireann an carbón a laghdú, carnach ó nádúr.

8.10.8 Conclúid

Cuirtear critéir shuntasachta Chaighdeán TII i bhfeidhm chun teacht ar chonclúid maidir le héifeachtaí iarmharacha atá tugtha cothrom le dáta ón méid a leagadh amach sa Ráiteas Fianaise maidir leis an Aeráid, a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal in 2020. Soláthraíodh sa ráiteas ó 2020 figiúir nuashonraithe lenar léiríodh laghdú ar astaíochtaí carbóin sa chéim thógála agus sa chéim oibríochta i gcomparáid le TMTT 2018, ach bhíodhas den tuairim gur dócha go mbeadh drochthionchar suntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar astaíochtaí carbóin agus ar an aeráid. Ba í an chomhairle a bhí i dtreoir dea-chleachtais an tionscadail sa Ríocht Aontaithe an tráth úd go gcuireann gach astaíocht charbóin leis an athrú aeráide agus gan tairseach dheimhnithe (e.g. spriocanna agus treochtaí náisiúnta atá sonrach d'earnáil), go mbreathnófar ar aon mhéadú (nó laghdú) ar astaíochtaí carbóin mar dhíol suntais.

Sa TMTT nuashonraithe seo, lena gcuirtear i bhfeidhm na critéir shuntasachta a leagtar amach i gCaighdeán Aeráide TII 2022, is é an chonclúid ná go bhfuil coinne leis go mbeidh drochthionchar buan measartha ag an Tionscadal ar an aeráid le linn a shaolré.

8.11 Torann agus Creathadh

8.11.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirlínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcaibidil Torann agus Creathadh den TMTT nuashonraithe agus nuashonraíodh í chun an méid thuas a chur san áireamh agus is éard atá i gceist le nuashonrú na bpríomhathruithe ar an gcaibidil ón TMTT 2018:

- Gnéithe den chaibidil a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt ar phointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021
- Nuashonrú ar an measúnú ar thábhacht na dtionchar agus aird ar threoirlínte TMTT 2022 de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration, Revision 2*. (UKHE 2020),

- Samhaltú tráchta oibríochta nuashonraithe bunaithe ar na réamhaisnéisí tráchta is déanaí le haghaidh bhlianta oscailte agus dearaidh athbhreithnithe an Tionscadail

(xxxi) Nuashonrú ar Aguisíní 18.1 agus 18.2 agus Fíoracha 18.1.1 go 18.1.15 chun monatóireacht bhreise ar thorann agus torthaí ar shamhaltú torainn a chur san áireamh

8.11.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

Níl aon athrú tagtha ar na príomh-threoirlínte a úsáideadh don mheasúnú ar thorann tógála, creathadh tógála agus torann oibríochta i gcomparáid le TMTT 2018. Tá cuntas ar na critéir ábhartha maidir leis na topaicí thuasluaite i nDoiciméid TII maidir le Treoirlínte Torainn le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta, is iad sin:

- NRA 2004 Guidelines for the Treatment of Noise and Vibration in National Road Schemes
- TII 2014 Document Good Practice Guidelines for the Treatment of Noise during the Planning of National Road Schemes, (TII 2014)

Níl aon athrú freisin ar fhormhór na ndoiciméad eile dá dtagraítear i gCaibidil 17 de TMTT 2018 don mhodheolaíocht measúnachta tionchair agus níor ghá aon athruithe ar mhodheolaíocht na measúnachta tionchair. Tugadh na doiciméid seo a leanas cothrom le dáta ó TMTT 2018.

- Tugadh doiciméad Torann agus Creathadh DMRB na Ríochta Aontaithe cothrom le dáta in 2020 (UK Highways Agency (UKHA) Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) LA 111 Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration, Revision 2, 2020). Áirítear sa leagan nuashonraithe na méideanna céanna athraithe i ndáil le torann an tráchta ar bhóithre i gcaitheamh na tréimhsí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus a breathnaíodh sa leagan ó 2011, dá ndéantar tagairt in TMTT 2018. Dá bhrí sin, tá na méideanna athraithe atá sannta do na hathruithe ar thorann an tráchta ar bhóithre sna tréimhsí measúnachta gearrthéarmach agus fadtéarmacha bunaithe ar na critéir chéanna a bhain le TMTT 2018.
- Sa doiciméad nuashonraithe DMRB LA 111 Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration Revision 2, 2020, áirítear treoir maidir le measúnú ar rátálacha suntasachta a bhaineann le torann agus creathadh tógála. In éagmais rátálacha den chineál céanna i ndoiciméid Éireannacha, cuireadh iad sin i bhfeidhm sa TMTT nuashonraithe.
- Tugadh Pleananna Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Contae na Gaillimhe (2013 go dtí 2018) cothrom le dáta. Áirítear sa Dréachtphlean Gníomhaíochta Torainn nua de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (2024 – 2028) agus sa Dréachtphlean Gníomhaíochta Torainn nua de Chomhairle Contae na Gaillimhe (2024 – 2028) tairseacha nua do thosach na bainistíochta torainn sna príomhlimistéir shainaitheanta. Sa dá Phlean Gníomhaíochta Torainn déantar tagairt do *WHO Environmental Noise Guidelines for the European Region* (2018) mar bhonn chun na limistéir a bhféadfadh éifeachtaí sláinte a bheith ann mar gheall ar thorann tráchta a shainaithint. Tá achoimre ar an dá Phlean Gníomhaíochta Torainn sa mheasúnacht nuashonraithe ar thorann agus creathadh i gCaibidil 18 den TMTT nuashonraithe. Tugtar achoimre i gCaibidil 18 den TMTT nuashonraithe ar na Limistéir Thábhachtacha Tosaíochta (PIAnna) a sainaitníodh i ngach Plean Gníomhaíochta Torainn bunaithe ar an nochtadh torainn tráchta agus dlús daonra. Tugtar faoi deara nach gcuireann an Tionscadal atá beartaithe le leibhéil torainn tráchta sna PIAAnna sainaitheanta agus ríomhtar go laghdóidh an torann tráchta feadh na mbóithre sin i gCathair na Gaillimhe ina bhfuil na tionchair is airde sainaitheanta i nDréachtphlean Gníomhaíochta Torainn Chathair na Gaillimhe.
- Rinneadh tagairt i gCaibidil 17 in TMTT 2018 do na staidéir a rinneadh ar fhreagairt an phobail i gcás torann ó thrácht ar bhóithre chun an céatadán den daonra, ar dócha iad a bheith An-Mhíshásta le leibhéil torainn éagsúla ó thrácht ar bhóithre, a shainaithint i dtéarmaí pharaiméadair L_{den} . Rinneadh nuashonrú ar an gcur chuige chun tionchar suntasachta a bhaineann le torann oibríochta a chatagóiriú ó TMTT 2018 chun Treoirlínte Torainn TII 2004 agus 2014, Dréachtphleananna Gníomhaíochta Torainn Chathair agus

Chontae na Gaillimhe (2024), Treoirlínte Torainn EDS (2018) agus na doiciméid DMRB (2020) a chur san áireamh.

Tá treoirlínte nuashonraithe curtha le chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) freisin maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cuimsiú i TMTT in 2022. Tá treoir 2022 an EPA ar aon dul leis an modheolaíocht a úsáideadh sa mheasúnacht ar thorann agus creathadh a rinneadh chun eolas a thabhairt do TMTT 2018.

8.11.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Níl aon mhórfhoinse nua torainn, ná mórathrú ar bhonneagar, etc., a d'athraigh go mór an timpeallacht torainn i réim ó rinneadh TMTT 2018. Léirítear leis an athbhreithniú ar shonraí srutha tráchta idir an bhonnbhliain bhunaidh, 2016, agus an bhonnbhliain nua, 2023, go bhfuil méadú tagtha ar shruthanna tráchta sna 7 mbliana sin. Tá an t-athrú ar an gcéatadán de shruthanna tráchta faoi bhun 50% ar gach bóthar, rud a chomhfhreagraíonn d'athrú 3 dB nó níos lú ar leibhéal torainn tráchta. Is eisceacht é Bóthar na Ceapaí, áit a raibh sruthanna tráchta breise ann idir 2016 agus 2023 (78% atá i gceist). Dá bhrí sin, bheadh coinne le difríocht chomhfhreagrach idir 6 agus 7 dB sa leibhéal torainn tráchta ar an bóthar sin. Déantar plé i gCaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh, atá nuashonraithe, ar an bhfaisnéis shonrach a bhaineann le hathruithe ar an sruth tráchta feadh an ghréasáin bóithre máguaird.

Rinneadh babhta nuashonraithe de shuirbhéanna torainn gan duine ina mbun ag 29 suíomh le linn 2023 agus 2024. Rinneadh monatóireacht ar na suíomhanna suirbhéireachta nuashonraithe ag na suíomhanna céanna le TMTT 2018 nó ag suíomhanna cóngaracha coibhéiseacha chun measúnú a dhéanamh ar an athrú ar thimpeallacht an torainn thimpeallaigh le himeacht aimsire.

Déantar plé i gCuid 18.2.4 de Chaibidil 18 den TMTT nuashonraithe ar thorthaí bonnlíne an tsuirbhé le linn an dá bhabhta suirbhéireachta.

Léiríonn na torthaí ón tsuirbhé torainn bonnlíne go bhfuil éagsúlacht i dtimpeallachtaí torainn an N6 GCRR atá beartaithe ag brath ar na foinsí torainn máguaird. Go ginearálta, bíonn leibhéil torainn níos airde ná 60dB L_{den} ag áitribh a fhéachann go díreach ar bhóithre atá ann agus is é trácht bóthair an phríomhfhoinsé torainn. De ghnáth, ag brath ar fhoinsí áitiúla sa chomharsanacht, leibhéil torainn níos lú ná 55 dB L_{den} a fhaightear ag áitribh faoin tuath suite siar ón trácht bóthair.

Taispeánann an éagsúlacht sna leibhéil torainn chomhthimpeallaigh a bhí i réim i suirbhéanna 2016/2017 agus sna suirbhéanna nuashonraithe ó 2023/2024 difríocht neamhshuntasach nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na coinníollacha monatóireachta céanna. Tugtar faoi deara go mbíonn tionchar ag suíomh an trealaimh monatóireachta ar na héagsúlachtaí sna leibhéil torainn a thomhaistear (níos gaire nó suite siar ón trácht ar bhóithre) nó ó fhoinsí sealadacha áitiúla sa cheantar (e.g. ó ghníomhaíochtaí tógála). Tomhaiseadh éagsúlacht shuntasach i leibhéil torainn chomhthimpeallacha feadh Bhóthar na Ceapaí, ag comhfhreagairt do na sruthanna tráchta méadaithe a tugadh faoi deara ar an mbóthar sin. Den chuid is mó, níor tháinig aon athrú tríd is tríd ar an timpeallacht torainn atá i réim a ndéantar cur síos air in TMTT 2018 i gcomparáid leis an gcás reatha laistigh de raon fulaingthe idir 1 agus 2 dB.

Tá suíomhanna torann-íogaire breise ar fud an limistéir staidéir ó TMTT 2018. Baineann siad sin le meascán de thithe aonair agus i mbraislí réadmhaoine nua i bhforbairtí cónaithe atá ar chéimeanna éagsúla críochnaithe gar don Tionscadal atá beartaithe. Sa bhreis air sin, tá roinnt réadmhaoine cónaithe atá deonaithe ach nach bhfuil tógtha go fóill gar don Tionscadal atá beartaithe. Tá na suíomhanna torann-íogaire breise suite sna Foráí Maola Thoir, Troscaigh Thiar, Cnoc na Gréine, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthar an Chlaí Bháin, Bóthar Rathúin, Bóthar Leitrí Theas, Radharc an Chnoic Locha, Bóthar Chúil Each, agus an Caisleán Gearr. Áiríodh na suíomhanna torann-íogaire sin sna samhlacha torainn nuashonraithe chun measúnú a dhéanamh ar thionchar torainn féideartha an Tionscadal ag na suíomhanna sin.

8.11.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraíonn na hathruithe sna suirbhéanna torainn bonnlíne tomhaiste ná láithreach na suíomhanna torann-íogaire nua conclúidí na measúnachta tionchair tógála. Déantar tagairt sa mheasúnacht tionchair ar an gcéim thógála do na dearbhthairseacha torainn tógála i gcomhréir le treoirlínte NRA 2004 agus TII 2014 agus dá bhrí

sin, níl aon athrú ar an gcur chuige i leith na measúnachta i gcás na gné seo den chaibidil. Tá cur síos nuashonraithe ar rátálacha suntasachta curtha i bhfeidhm bunaithe ar dhoiciméad DMRB 2020 agus threoirlínte TMTT EPA 2022.

Tá an mheasúnacht tionchair ar thorann tráchta oibríochta bunaithe ar shruthanna tráchta amach anseo do bhliain oscailte agus do bhliain dearaidh an N6 GCRR atá beartaithe. Tá athrú tagtha ar bhliain oscailte agus bliain dearaidh an N6 GCRR atá beartaithe ó TMTT 2018 (2031 agus 2046 anois, faoi seach) agus dá bhrí sin, rinneadh samhaltú torainn tráchta nuashonraithe chun na sruthanna tráchta nuashonraithe a chur san áireamh. Mar a phléitear i gCuid 6.11.2 thuas, cuireadh na suíomhanna torann-íogaire breise sa timpeallacht bhonnlíne leis na samhlacha torainn chun na réadmhaoine nua agus deonaithe gar don Tionscadal a chur san áireamh.

Tá na méideanna tráchta feadh an N6 GCRR atá beartaithe sa bhliain oscailte agus sa bhliain dearaidh, agus ar an ngréasán bóithre máguaird, éagsúil i gcomparáid leo siúd in TMTT 2018. I gcás fhormhór na suíomhanna torainn-íogaire samhaltaithe, bíonn leibhéil torainn tráchta ríofa feadh an N6 GCRR atá beartaithe idir 0 agus +/-2 dB i gcomparáid leis na torthaí bunaidh a ríomhadh. Leagtar amach na torthaí samhaltaithe torainn nuashonraithe i gCaibidil 18 den TMTT nuashonraithe agus tugtar iad ina n-iomláine in Aguisín A.18.3 den TMTT nuashonraithe.

Ag na suíomhanna torann-íogaire samhaltaithe breise, lena léirítear suíomhanna torann-íogaire a tógadh nó a deonaíodh le déanaí, tá na leibhéil torainn tráchta ríofa faoi bhun sprioc dearaidh torainn tráchta TII, is é sin 60dB L_{den} , agus na bearta maolaithe ar fad ó TMTT 2018 i bhfeidhm. Baineann an eisceacht le forbairt chónaithe nua ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe, atá á tógáil.

Mar chuid den chead pleanála a thug an Bord Pleanála don fhorbairt seo (ABP-304762-19) bhí coinníoll ann don fhorbróir bearta maolaithe torainn a chur ar fáil laistigh de láthair na forbartha sa chaoi agus go ndéantar leibhéil torainn a mhaolú go leibhéil inghlactha i gcomhréir leis na caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Tá na bearta maolaithe don fhorbairt chónaithe seo lasmuigh de raon feidhme an Tionscadail seo, dá bhrí sin.

Leagtar amach i gCaibidil 18 na leibhéil torainn tráchta arna ríomh ar fud shuíomhanna na measúnachta. Sainaithnítear suíomhanna measúnachta, ina bhfuil na leibhéil torainn tráchta iarmharacha fós 1 nó 2 dB os cionn sprioc dearaidh torainn TII, i gCuid 18.7.3.1 den TMTT nuashonraithe. Tugtar faoi deara go mbeadh gá le mórchuid bacainní a bheadh níos faide agus níos airde ná na cinn atá ann faoi láthair chun na leibhéil torainn tráchta a laghdú go dtí 60dB L_{den} nó faoina bhun chun athrú beag a bhaint amach maidir leis an leibhéal torainn foriomlán ag aon réadmhaoine faoi leith.

Rinneadh measúnú ar an méid bacainne a d'fhéadfaí a úsáid chun an sprioc dearaidh a bhaint amach ag na réadmhaoine ábhartha, ag cur san áireamh leibhéil chomhréireachta maidir le hathruithe ar leibhéil torainn.

8.11.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon bhacainní nua beartaithe anuas orthu siúd in TMTT 2018 nó i sceideal na dtiomantas a cuireadh isteach ag deireadh na héisteachta ó bhéal in 2020. Coinníodh an tsraith bacainní a leagtar amach in TMTT 2018 laistigh den TMTT nuashonraithe seo.

Tá dhá athrú ar bhacainní a mionsonraíodh roimhe seo, mar seo a leanas:

- Cuireadh síneadh ar airde na mbacainní torainn NB8/02 san áireamh mar mhaolú breise gar don Daingean Uachtair. Méadaíodh é sin ó 2.5m go dtí 3m.
- Cuireadh síneadh ar bhacainn torainn NB10/01 san áireamh mar mhaolú breise gar do Bhóthar Chúil Each. Cuireadh síneadh 120m siar air sin ar airde 2.5m (NB10/02).

Leagtar amach suíomhanna agus toisí na mbacainní torainn nuashonraithe i dTábla 18.18 i gCaibidil 18 den TMTT nuashonraithe.

Chomh maith leis na bacainní fisiciúla atá beartaithe, moltar go gcuirfí dromchla LNRS ar na codanna seo a leanas bóthair, lasmuigh de Theorainn na Measúnachta chun na tionchair shuntasacha fhéideartha a laghdú sna blianta oscailte agus dearaidh:

- Bóthar Bhaile an Mhóinín: Ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe chuig Acomhal Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.

- Bóthar Bhaile an Mhóinín: Ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe go dtí Acomhal Bhóthar Rathúin.
- Bóthar Leitirí / An Cuarbhóthar: Ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe go dtí Bóthar Shéamais Uí Chuir.

Tá an bealach isteach sin atá beartaithe ailínithe le Dréachtpheananna Torainn Chathair agus Chontae na Gaillimhe ina sainaithnítear an úsáid a bhaintear as athdhromchlú bóithre le LNRS (SMA 10mm) le héifeachtaí suntasacha.

8.11.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh leibhéil torainn tráchta do na suíomhanna measúnachta uile, na cinn a bhí ann cheana agus na cinn nua araon, sa Tionscadal, agus cuirtear san áireamh gach moladh maolaithe. Gabhann méid tionchair, atá cosúil le méid tionchair na leibhéil a ndearnadh measúnú orthu ar dtús, leis na leibhéil torainn tráchta iarmharacha, agus na bearta maolaithe torainn nuashonraithe chomh maith leis na cinn ó 2018 á gcur san áireamh.

Tá na leibhéil torainn tráchta iarmharacha i gcás na suíomhanna samhaltaithe uile le fáil ina n-iomláine in Aguisín A.18.3 den TMTT nuashonraithe agus tugtar achoimre ar na príomhshuíomhanna, dá ndéantar difear, i dTábla 18.27 de Chaibidil 18 den TMTT nuashonraithe.

8.11.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnagh? Má tá, cén chaoi?

Rinneadh measúnú ar na tionchair torainn tráchta charnacha ag gach ceann de shuíomhanna samhaltaithe na nglacadóirí a scrúdaíodh ina n-iomláine mar chuid den mheasúnú seo. Mar chuid den chás “Déan an Méid is Lú” i gcás an dá bhliain mheasúnachta (2031 agus 2046), rinneadh samhaltú ar shruthanna tráchta ar an ngréasán bóithre atá ann faoi láthair agus ar an leibhéil carnach ó thaobh torann tráchta. Mar chuid den chás “Déan Rud Éigin” a samhaltáíodh, cuirtear trácht ar an ngréasán bóithre atá ann faoi láthair agus trácht ar an N6 GCRR atá beartaithe le chéile chun leibhéil torainn tráchta carnach a fháil i gcás an dá bhliain mheasúnachta. Cuireadh san áireamh sa mheasúnacht aon athruithe ar ailíniú na mbóithre agus na n-acomhal atá ann agus athdháileadh an tráchta ar an ngréasán bóithre atá ann faoi láthair de thoradh an N6 GCRR atá beartaithe. Sa bhreis air sin, leis na haschuir samhla tráchta a úsáideadh don mheasúnacht tionchair ar thorann, breithnítear éifeachtaí carnacha an tráchta a bhaineann le tionscadail iompair eile atá beartaithe nó atá geallta sa limistéar.

Tá an mheasúnacht tionchair charnagh nuashonraithe chun gach tionscadal beartaithe agus geallta laistigh den limistéar staidéir a chur san áireamh. De réir thorthaí na measúnachta, tagtar ar an gconclúid nach dócha aon éifeacht charnach shuntasach a bheith ann maidir le torann agus creathadh.

8.11.8 Conclúid

Ullmhaíodh measúnacht tionchair nuashonraithe ar thorann agus creathadh don iarratas seo chun athruithe ar threoirilínte, caighdeáin, pleananna agus beartaí ábhartha a chur san áireamh, chomh maith le hathruithe ar an timpeallacht bhonnlíne agus sruthanna tráchta tuartha amach anseo feadh an N6 GCRR atá beartaithe i gcás na mbliana oscailte agus na bliana dearaidh den Tionscadal.

Cinneadh leis an measúnú nach bhfuil aon difríocht shuntasach ábhartha idir conclúidí TMTT 2018 agus an mheasúnacht nuashonraithe.

8.12 Daonra agus Sláinte an Duine

8.12.1 Léargas Ginearálta

Ó TMTT 2018, tá treoirilínte nuashonraithe curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú in TMTT. I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

D’fhoilsigh TII Caighdeán nua (PE-ENV-01108), *Measúnacht Daonra agus Shláinte an Dhuine ar Bhóithre Náisiúnta atá Beartaithe (Caighdeán PHH)* in 2024 agus cuirtear san áireamh é sa TMTT nuashonraithe.

Rinneadh an chaibidil seo a nuashonrú freisin le sonraí déimeagrafacha bonnlíne úra ó Dhaonáireamh 2022 (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2023) a chuiimsiú, mar ar tuairiscíodh méadú suntasach de 7.3% ar dhaonra Chathair agus Bhruachbhailte na Gaillimhe ó rinneadh an daonáireamh deireanach in 2016, ó 78,668 go dtí 84,414 duine. Comhthreomhar leis an méadú seo, tháinig méadú ar an sruth tráchta i gcodanna den chathair agus, dá réir, breithnítear iad, cé nár athraigh siad sin an mheasúnacht go suntasach.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcaibidil Daonra agus Sláinte an Duine den TMTT nuashonraithe agus nuashonraíodh í chun an méid thuas a chur san áireamh agus is éard atá i gceist le nuashonrú na bpríomhathruithe ar an gcaibidil ón TMTT 2018:

- Gnéithe den chaibidil a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt ar phointí a tarraingíodh anuas san Achoimre Fianaise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020, mar fhreagairt ar Thuarascáil Chigire ABP dar dáta 22 Meitheamh 2021 agus Ordú Boird ABP-302885-18 ABP
- Nuashonrú ar an measúnú ar thábhacht na dtionchar agus aird ar threoirlínte TMTT 2022 de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration, Revision 2*. (UKHE 2020), Treoirlínte Torainn na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (2018), Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 – 2028 agus Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024 – 2028
- Samhaltú tráchta oibríochta nuashonraithe bunaithe ar na réamhaisnéisí tráchta is déanaí le haghaidh bhliain oscailte agus bhliain dearaidh athbhreithnithe an Tionscadail lenar gineadh réamh-mheastacháin nuashonraithe torainn freisin
- Athbhreithniú ar mheasúnachtaí nuashonraithe torainn, aeir, ithreacha, uisce, tírdhreacha agus amhairc de réir mar a bhaineann siad leis an measúnacht tionchair ar dhaonra agus sláinte

8.12.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht don mheasúnacht tionchair? Má tá, cad iad féin?

I Measúnacht Daonra agus Shláinte an Duine ar Bhóithre Náisiúnta atá Beartaithe (Caighdeán PHH) ó TII i Meán Fómhair 2024, soláthraítear treoir nua don mheasúnacht seo. Chuige sin, coinníodh na critéir mheasúnachta a úsáideadh le haghaidh TMTT 2018 chun críche na measúnachta daonra nó cuimsíonn siad cheana na príomhréimsí measúnachta a tugadh isteach leis an gcaighdeán nua. Tagann de cheanglas le Caighdeán TII PHH go ndéanfaí breithniú ar éifeacht an tírdhreacha agus na ngnéithe físiúla agus na haeráide mar chinntithigh fhéideartha i dtaca le sláinte an duine agus is amhlaidh, dá réir, gur ábhair bhreithnithe bhreise iad seo a cuireadh san áireamh lena scóip a mheas sa nuashonrú seo ar an measúnacht sláinte, anuas ar an measúnacht a tugadh in TMTT 2018.

D'fhoilsigh IEMA an treoir nua seo a leanas freisin, IEMA 2022: Guide to Effective Scoping of Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022) agus IEMA 2022: Guide to Determining Significance for Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022). Sna doiciméid sin, tugtar tuairisc ar an méid a bhíonn ag teastáil chun measúnú comhréireach a dhéanamh ar na tionchair ar shláinte ba cheart a áireamh i Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus is doiciméid áisiúla iad nuair atá machnamh á dhéanamh ar cad ar féidir agus cad ar cheart measúnacht a dhéanamh orthu.

I ndiaidh breithmheas ar an treoir nua uile agus ar Chaighdeán TII, thángthas ar an gconclúid gur cheart *cosaint na sláinte, feabhas ar an tsláinte agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú* a chur san áireamh sa mheasúnacht ar shláinte den TMTT nuashonraithe seo, atá ar aon dul le TMTT 2018. Tá sé sin ag teacht leis an treoir is déanaí ón EPA in 2022, treoir IEMA ó 2022 agus an Caighdeán PHH reatha ó TII. Dá bhrí sin, cé go bhfuil treoir nua ann, tá an mhodheolaíocht mar a bhí in TMTT 2018.

8.12.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Tá an timpeallacht ghlactha cosúil tríd is tríd cé is moite den fhás faoin daonra agus inlíonadh cónaithe le déanaí, tá fostaíocht agus forbairt mhiondíola sa chathair ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch agus an Creat Náisiúnta Pleanála agus bonneagar bóithre

nua, ar nós Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn ar an N59 agus an M18 in éineacht le huasghráduithe agus feabhsúcháin chontae agus acomhail sa chathair a léiríodh sa tsamhail tráchta nuashonraithe.

8.12.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoír chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraíonn, níl aon athrú ar chonclúidí na measúnachta tionchair.

8.12.5 An athraíonn na hathruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraítear an straitéis maolaithe mar gheall ar na hathruithe sin.

8.12.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaí? Má athraíonn, cén chaoi?

Níl aon athrú sa mheasúnacht tionchair iarmharaigh.

8.12.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht tionchair charnaigh? Má tá, cén chaoi?

Níl, cé go bhfuil an mheasúnacht tionchair charnaigh nuashonraithe chun gach tionscadal nua beartaithe agus geallta laistigh den limistéar staidéir a chur san áireamh, níl aon athrú ar chonclúid iomlán na measúnachta tionchair charnaigh.

8.12.8 Conclúid

Leis an N6 GCRR atá beartaithe, feabhsófar go mór an nascacht, lena soláthrófar nasc díreach idir an N6 mar atá san oirthear agus an R336 agus an N59 san iarthar le naisc ar aghaidh chuig Conamara agus Oileáin Árann. Nascfaidh an N6 GCRR atá beartaithe an N83 agus an N84 le príomhbhóithre réigiúnacha freisin. Le soláthar naisc bhreise idir oirthear agus iarthar na cathrach, cabhróidh an N6 GCRR atá beartaithe chun an leibhéal suntasach brú tráchta a laghdú, rud a bhíonn i saol mhuintir na Gaillimhe gach lá.

Cuirfidh an nascacht fheabhsaithe sin go mór le forbairt eacnamaíoch na gceantar forimeallach in iarthar Chontae na Gaillimh. Leis an nasc sárfeabhsaithe idir oirthear agus iarthar na cathrach féin, cruthófar deiseanna nua don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus don fhostaíocht. Nuair a aistreofar cion suntasach den trácht go dtí an N6 GCRR atá beartaithe, cruthófar spás do bhonneagar nua do choisithe, don rothaíocht agus d'iompar poiblí. Cuirfidh na háiseanna taistil ghníomhaigh sa Tionscadal leis an mbonneagar nua atá beartaithe faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe, agus gabhfaidh buntáistí leis sin don ríocht uirbeach, inchónaitheacht, cuimsiú sóisialta, sláinte agus caighdeán na beatha. Mar sin féin, de bharr tógáil agus oibriúcháin an Tionscadail é féin, meastar go mbíonn éifeachtaí diúltacha suntasacha agus an-suntasach ag suíomhanna ar leith a thagann chun cinn ó scartáil 44 áit chónaithe agus ceannachán breise 10 áit chónaithe orthu siúd bainteach sa bpróiseas ceannachán éigeantach ach ar ionracas na pobail fágtha ina ndiaidh i dtéarmaí a bhféiniúlachta féin de freisin.

Leis an measúnacht seo ar thionchair an Tionscadail ar Dhaoine, le critéir a bhaineann leis an measúnacht ar Dhaoine agus Shláinte an Duine, cinneadh nach bhfuil aon athrú ábhartha ann idir conclúidí TMTT 2018 agus an mheasúnacht nuashonraithe.

9. Nuashonrú ar an Doiciméad Scagtha don Mheasúnacht Chuí agus an Ráiteas Tionchair Natura

Ullmhaíodh Tuarascáil Scagtha MC agus NIS nuashonraithe agus tá siad san áireamh i gCuid VII den Fhreagra IFB 2025⁵ seo. Cuirtear san áireamh sa Tuarascáil Scagtha MC na conairí tionchair breise arna sainaitheint ag an Dr Arnold, an t-éiceolaí arna cheapadh ag ABP, ina mheasúnacht chuí agus scagadh láithreáin eile chomh maith. Is é conclúid an Scagtha MC nuashonraithe ná go bhfuil gá le Measúnacht Chuí (MC) Chéim 2 fós. Freagraítear na ceisteanna seo a leanas chun aon athrú ó NIS 2018 a sainaitheint.

1. An bhfuil aon athruithe ar an treoír agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht do Mheasúnacht Chuí Chéim 2? Má tá, cad iad féin?
2. Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?
3. An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúidí na measúnachta tionchair, agus an treoír chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?
4. An athraíonn aon athruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?
5. An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe an mheasúnacht tionchair iarmharaigh? Má athraíonn, cén chaoi?
6. An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht i gcomhar? Má tá, cén chaoi?

9.1 Léargas Ginearálta

Foilsíodh roinnt príomh-threoirínte maidir le Measúnacht Chuí ó rinneadh NIS 2018, lena dtugtar treoír maidir le Scagadh MC agus measúnachtaí NIS, agus Measúnacht Chuí a dhéanamh. Leis an treoír nuashonraithe, baintear leas as an taithí a bhaineann leis an Treoír maidir le Gnáthóga a chur i bhfeidhm agus le cásdlí gaolmhar chúirteanna na hÉireann agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar na measúnachtaí atá sa Tuarascáil Scagtha MC nuashonraithe agus sa NIS nuashonraithe chun an treoír dea-chleachtais reatha a chur san áireamh.

Bhíothas feasach freisin faoin measúnacht a rinne an t-éiceolaí a cheap an Bord Pleanála (ABP) agus a cuireadh i láthair ina dtuarascáil a bhí i gceangal (mar Aguisín 4) le Tuarascáil Chigire ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021²², agus léiríodh sa NIS nuashonraithe a mhéid a bhaineann le conairí tionchair fhéideartha breise agus láithreáin Eorpacha arna mbreithniú ag ABP agus an Mheasúnacht Chuí á déanamh in 2021. I gcás ina ndearnadh athruithe ar an measúnacht agus/nó ina bhfuil sé tugtha cothrom le dáta ó NIS 2018, leagadh iad sin amach sa NIS nuashonraithe.

Tháinig roinnt ceisteanna chun cinn maidir leis an Measúnacht Chuí ag an Éisteacht ó Bhéal in 2020, go háirithe maidir le ranguithe gnáthóg (lena n-áirítear gnáthóg cosáin aolchloiche Iarscríbhinn I) agus bearta maolaithe, agus déantar tagairt shonrach dóibh sin agus plé sonrach orthu sna codanna cuí ar fud an NIS nuashonraithe. De bhreis air sin, rinneadh an doiciméadacht a chuir CCG isteach le linn na hÉisteachta ó Bhéal in 2020 a léiriú freisin sa NIS nuashonraithe agus, nuair ba chuí, sna hagusíní leis an NIS nuashonraithe.

Baineann na príomhathruithe ar an NIS ó rinneadh NIS 2018 leis an méid seo a leanas a nuashonrú:

- an tuairisc ar an timpeallacht ghlactha ag cur torthaí na suirbhéanna a rinneadh idir 2022 agus 2024 san áireamh agus athruithe ar theorainneacha láithreán Eorpach, a leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta, agus a gcuspóirí caomhnaithe
- na fíoracha agus na hagusíní chun léiriú a thabhairt ar na sonraí agus ar an measúnacht nuashonraithe
- an tuarascáil chun na sonraí agus an mheasúnacht nuashonraithe sin a léiriú, agus chun na pointí a tarraingíodh anuas sa Fhreagra IFB dar dáta an 30 Lúnasa 2019, an Achoimre Fianaise a cuireadh i láthair an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ón éiceolaí a cheap an Bord Pleanála (ABP) agus a cuireadh i láthair ina dtuarascáil a bhí i gceangal (mar Aguisín 4) le Tuarascáil Chigire ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021 a chur san áireamh

²² Tuarascáil an Chigire (2021) ABP-302885-18 & ABP302848-18 agus Aguisín 4: Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta, Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, Don Bhord Pleanála, Tag. ABP ABP-302848-18, ABP302885-18, Uimh. an Tionscadail: IABP106/002 (2021), arna hullmhú ag an Dr Arnold as Thomson Environmental Consultants

9.2 An bhfuil aon athruithe ar an treoir agus ar na caighdeáin don mhodheolaíocht do Mheasúnacht Chuí Chéim 2? Má tá, cad iad féin?

Foilsíodh na treoirlínte seo a leanas a bhaineann le Measúnacht Chuí ó bhí Deireadh Fómhair 2018 ann:

- *Measúnú ar Phleananna agus ar Thionscadail i dtaca le láithreáin Natura 2000: Treoir Mhodheolaíochta maidir le hAirteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE (An Coimisiún Eorpach, 2021)*
- *Managing Natura 2000 Sites: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE (An Coimisiún Eorpach, 2019)*
- *Nóta Cleachtaidh OPR PN01. Scagadh na Measúnachta Cuí don Bhainistíocht Forbartha (Oifig an Rialálaí Pleanála, 2021)*

Tugadh aird ar na treoirlínte is déanaí maidir le Measúnacht Chuí nuair a bhí an Tuarascáil Scagtha MC nuashonraithe agus an NIS nuashonraithe á n-ullmhú, agus tá siad i gcomhréir leis na cuir chuige atá leagtha amach iontu.

9.3 Ar athraíodh an bhonnlíne? Má athraíodh, cén chaoi agus cén áit?

Tugadh sonraí spásúla limistéar ainmnithe na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra cothrom le dáta cúpla babhta ó Dheireadh Fómhair 2018 i leith. Maidir le SAC Loch Coirib, an t-aon láithreán Eorpach trína dtéann an Tionscadal, tá mionleasuithe déanta ar theorainn an láithreáin gar don Tionscadal. Mar gheall ar na leasuithe sin tá laghdú beag ar an méid forluí idir an Tionscadal agus teorainn SAC Loch Coirib, ó c.4ha in 2018 go dtí c.3.8ha in 2024.

Athraíodh na Leasanna Caomhantais Speisialta (SCInna) do SPA Chuan Istigh na Gaillimhe in 2019²³ chun lóma Artach *Gavia arctica* a chuimsiú agus an Slapaire *Anas clypeata* a chur as an áireamh. I mí an Mhárta 2024, cuireadh dhá speiceas céiticigh (deilf bholgshrónach *Tursiops truncatus* agus muca mara *Phocoena phocoena*) leis mar leasanna cáilitheacha ag 16 láithreán SAC mara agus cósta, agus ba iad SAC Inis Mór (thart ar 29km siar ó dheas ón Tionscadal) agus SAC Chuan agus Oileán Chill Chiaráin (thart ar 25.5km siar ón Tionscadal) na cinn ba ghaire don Tionscadal.

Níl aon athrú tagtha ar an timpeallacht bhonnlíne hidreolaíoch agus hidrigeolaíoch bhunúsach a thacaíonn le riocht caomhnaithe na ngnáthóg QI/SCI agus speiceas na láithreán Eorpach laistigh den Tionscadal agus ina chongarach dó.

Rinneadh mionathruithe ar bhonnlíne na ngnáthóg laistigh de SAC Loch Coirib ach ní dhearnadh aon athrú ar shuíomh ná ar mhéid na ngnáthóg QI laistigh den Tionscadal nó cóngarach dó.

Tá mionathruithe tagtha ar an mbonnlíne fána, mar a leagtar amach i gCuid 5.1.2 den NIS nuashonraithe, de réir mar a bhaineann leis an Measúnacht Chuí, ach ar an iomlán, tá dáileadh agus flúirse speiceas QI/SCI ag teacht leis an méid a foilsíodh in 2018. Taifeadadh ceithre speicis éin bhreise, a liostaítear mar SCInna do na láithreáin SPA in aice láimhe, le linn shuirbhéanna éin 2022-2024 agus tá siad curtha isteach sa mheasúnacht: faoileán bán, gadual, feadóg chladaigh agus eala ghlórach.

9.4 An athraíonn na hathruithe sin ar an mbonnlíne conclúid na measúnachta tionchair, agus an treoir chothrom le dáta faoin measúnacht tionchair á tabhairt san áireamh? Má athraíonn, cén chaoi?

Nuashonraíodh an mheasúnacht tionchair chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais a chuimsiú mar fhreagra ar fhiosrúcháin ón mBord Pleanála,

²³ I.R. Uimh. 515/2019

comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile, agus an mheasúnacht a rinne an Cigire arna cheapadh ag an mBord Pleanála (ABP) dar dáta an 22 Meitheamh 2021²⁴.

Tá an mheasúnacht a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Scagtha MC nuashonraithe agus an NIS nuashonraithe bunaithe ar na teorainneacha láithreán Eorpach is déanaí²⁵, na QInna/SCInna is déanaí a foilsíodh le haghaidh gach láithreáin Eorpaigh tráth an fhoilsithe (féach Tábla 5.3 sa NIS nuashonraithe), agus gnáthóg bhonnlíne 2023 agus faisnéis faoi speicis atá ábhartha don Mheasúnacht Chuí.

Cé gurbh éigean roinnt nuashonruithe beaga a dhéanamh ar an measúnacht tionchair mar gheall ar na hathruithe bonnlíne, chun na difríochtaí taifeadta maidir le bonnlíne na bithéagsúlachta idir 2018 agus 2024 a chlárú, níl na nuashonruithe sin ábhartha agus ní imríonn siad tionchar ar chonclúidí na measúnachta tionchair.

Tugadh an mheasúnacht tionchair cothrom le dáta chun an dá láithreán Eorpacha in aice láimhe a chur san áireamh, ar cuireadh muc mhara léi mar QI dóibh i mí an Mhárta 2024, mar gheall go bhféadfaí an Tionscadal cur isteach ar cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe: SAC Árann agus SAC Chuan agus Oileán Chill Chiaráin.

Tugadh an mheasúnacht tionchair cothrom le dáta (ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht leis an measúnú arna dhéanamh in 2021 ag an mBord Pleanála) chun machnamh agus measúnú a dhéanamh ar na láithreáin Eorpacha bhreise seo a leanas a bhféadfadh, mar gheall ar a chongaraí atá siad don ghréasán bóithre níos leithne, méadú ar thrácht a bhaineann leis an tógáil cur isteach air: SAC Thalamh Féaraigh Ard Raithin, SAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, SAC Thurlach Chill Tiarnáin, SAC Choimpléasc Loch Fionngheal, SAC Thurlach Ráth Asáin, SPA Thurlach Ráth Asáin agus SPA Riasc Chreig Eanaigh.

D'fhéadfadh méadú féideartha ar bhrú áineasa a bhaineann le hoibriú an Tionscadail cur isteach ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas, chomh maith le SAC Loch Coirib, SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe: SAC Shléibhte Mhám Toirc, SAC Bheanna Beola/Choimpléasc an Gharráin, SAC Choimpléasc Phortach Chonamara, SPA Choimpléasc Phortach Chonamara, SAC Loch agus Choillte an Rois, SAC Thalamh Féaraigh Ard Raithin agus SAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh.

D'fhéadfadh meath nó meathlú féideartha ar QInna/SCInna láithreán Eorpach, mar gheall ar chailleadh na ngnáthóg/bpobal tacaíochta de ghnáthspeicis agus speicis dheimhneacha tháscacha, cur isteach ar na láithreáin Eorpacha eile seo a leanas:

SAC Thalamh Féaraigh Ard Raithin, SAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, SAC Thurlach Chill Tiarnáin, SAC Choimpléasc Loch Fionngheal, SAC Choimpléasc Phortach Chonamara, SPA Choimpléasc Phortach Chonamara, SAC Thurlach Ráth Asáin, SAC Choimpléasc Oirthear Bhoirne, SAC Shliabh Mhóinín, SAC Choimpléasc Shléibhín-Pholl Salach, SAC Chosán Aolchloiche Ghort na nDarach agus SAC Loch agus Choillte an Rois.

Tá curtha as an áireamh ag an measúnacht féidearthachta i ndáil le méadú ar bhrú áineasa nó meath nó meathlú féideartha ar QInna/SCInna láithreán Eorpach mar gheall ar chailleadh na ngnáthóg/bpobal tacaíochta de ghnáthspeicis agus speicis dheimhneacha tháscacha a d'imreodh drochthionchar ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.

9.5 An athraíonn aon athruithe ar chonclúidí na measúnachta tionchair an straitéis maolaithe? Má athraíonn, cén chaoi?

Tá an straitéis maolaithe nuashonraithe chun gach soiléiriú, leasú agus nuashonrú ábhartha a ionchorprú ar fud an phróisis comhairliúcháin phoiblí iar-iarratais mar fhreagra ar cheisteanna a d'iarr an t-éiceolaí a cheap ABP fein, comhairlithe reachtúla, baill den phobal agus tríú páirtithe rannpháirteacha eile agus lena n-áirítear freisin, de réir mar is cuí, bearta maolaithe molta ag an Dr Arnold, an t-éiceolaí arna cheapadh ag an mBord Pleanála

²⁴ Tuarascáil an Chigire (2021) ABP-302885-18 & ABP302848-18 agus Aguisín 6: Tuarascáil ar an Measúnacht Chuí, Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, Don Bhord Pleanála, Tag. ABP ABP-302848-18, ABP302885-18, Uimh. an Tionscadail: IABP106/001 (2021), arna hullmhú ag Richard Arnold as Thomson Environmental Consultants

²⁵ Is é SAC_ITM_2024_05 (a eisíodh ar an 15 Bealtaine 2024) an tacar sonraí is déanaí maidir le teorainn an Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus is é SPA_ITM_2024_01 (a eisíodh ar an 11 Eanáir 2024) an tacar sonraí is déanaí maidir le teorainn an Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA)

(sa Tuarascáil ar an Measúnacht Chuí atá i gceangal (mar Aguisín 6) le Tuarascáil Chigire ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021 agus ar ghlac Cigire ABP léi).

D'fhág na nuashonruithe beaga ar an measúnacht tionchair de bharr na dtorthaí bonnlíne nuashonraithe, agus conclúidí na measúnachta tionchair nuashonraithe, nach ndearnadh aon athrú ar an straitéis maolaithe.

9.6 An athraíonn aon athruithe ar an straitéis maolaithe an mheasúnacht tionchair iarmharaigh? Má athraíonn, cén chaoi?

Ní athraítear conclúidí na measúnachta tionchair iarmharaigh mar gheall ar na hathruithe ar an straitéis maolaithe i ndáil le héagmais na ndrochthionchar ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.

9.7 An bhfuil aon athruithe ar an measúnacht ar thionchair i gcomhar? Má tá, cén chaoi?

Tá an mheasúnacht ar thionchair i gcomhar tugtha cothrom le dáta (féach Cuid 12 den NIS nuashonraithe) chun Pleananna nuashonraithe agus tionscadail nua atá beartaithe nó geallta a ghabháil ó cuireadh an éisteacht ó bhéal i gcrích in 2020.

I bhfianaise na mbeartas agus na gcuspóirí cosanta comhshaoil ar leibhéal an phlean, agus na bearta maolaithe ar leibhéal an tionscadail, is é conclúid na measúnachta ar thionchair i gcomhar ná nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go mbainfeadh drochthionchair ar shláine aon láithreáin Eorpaigh leis an Tionscadal agus é ar bun, i gcomhar le haon phlean nó tionscadal eile a breithníodh mar chuid den mheasúnacht ar thionchair i gcomhar.

9.8 Conclúid

Cé gur tugadh treoirlínte cothrom le dáta, gur tharla mionathruithe bonnlíne, agus go ndearnadh nuashonruithe ar ábhar na measúnachta tionchair a chuirtear i láthair in NIS, tá conclúid fhoriomlán na measúnachta i ndáil le cé acu a imreoidh nó nach n-imreoidh an Tionscadal drochthionchar ar shláine aon láithreáin Eorpaigh mar a leanas:

Bhain Scott Cawley Ltd. de thátal as go hoibiachtúil, tar éis imscrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, lena n-áirítear go háirithe cineál na dtionchar réamh-mheasta ón Tionscadal agus cur i bhfeidhm na mbearta maolaithe a moladh, nach bhfuil baol ann go ndéanfaidh an Tionscadal difear tromchúiseach (go díreach nó go hindíreach) do shláine aon láithreáin Eorpaigh, as féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, agus níl aon amhras eolaíocht réasúnta i dtaca leis an gconclúid sin.